Ráiteas Straitéise 2005-2007
An Roinn Cumarsáide,
Mara agus Acmhainní Nádúrtha
29 – 31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2

Teil: 01- 678 2000
Facs: 01 – 678 2449
Lóghlao: 1890 44 99 00
Ríomhphost: webmaster@dcmnr.gov.ie
Láithreán Gréasáin: www.dcmnr.gov.ie

An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha

RÁITEAS STRAITÉISE 2005-2007

An Roinn Cumarsáide,
Mara agus Acmhainní Nádúrtha

Department of Communications,
Marine and Natural Resources

Ráiteas Straitéise 2005-2007



Cumarsáid

Craolachán

Fuinneamh



Muir

Acmhainní Nádúrtha

An Roinn Cumarsáide,
Mara agus Acmhainní Nádúrtha

Department of Communications,
Marine and Natural Resources

Cumarsáid

Craolachán

Fuinneamh

Muir

Acmhainní Nádúrtha

Ráiteas Straitéise 2005-2007

Ráiteas Straitéise 2005-2007
An Roinn Cumarsáide,
Mara agus Acmhainní Nádúrtha
29-31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2

Teil: 01-678 2000
Facs: 01-678 2449
Lóghlao: 1890 44 99 00
Ríomhphost: webmaster@dcmnr.gov.ie
Láithreán Gréasáin: www.dcmnr.gov.ie

Is féidir cóipeanna den Ráiteas Straitéise seo a íoslódáil ó www.dcmnr.gov.ie

ÁBHAIR

Réamhfhocal leis an Aire 5

Réamhrá leis an Ard-Rúnaí 6

Misean agus Spriocanna Ardleibhéil 7

RANNÓG

1. Forbhreathnú, Comhthéacs Seachtrach, agus Dúshláin 8
2. Spriocanna Beartais agus Straitéisí Earnálaigh 11
    - Cumarsáid 11
    - Craolachán 16
    - Seirbhísí Poist 19
    - Fuinneamh 21
    - Sábháilteacht agus Comhshaol Muirí 27
    - Iompar Muirí (Calafoirt agus Loingeas) 32
    - Bainistíocht Acmhainní Mara 37
    - Áineas agus Taighde Mara 45
    - Iascaigh Intíre 47
    - Acmhainní Domhain agus Hidreacarbóin 49
    - Suirbhé Geolaíochta na hÉireann 54
3. Tosaíochtaí Trasghearrtha 56
4. Rialachas Corparáideach agus Beartas Rialála 59
5. Bainistíocht, Forbairt agus Nuachóiriú Corparáideach 61
6. Comhairliúchán, Forfheidhmiú agus Athbhreithniú 67

AGUISÍNÍ

A: Struchtúr na Roinne 68

B: Suíomh Oifigí na Roinne 69

C: Gníomhaireachtaí na Roinne 70

D: Liosta d'Aighneachtaí a Fuarthas 73

E: Tiomantais an Chláir Rialtais 74

F: Gluais de na Giorrúcháin a Úsáideadh 75

RÉAMHFHOCAL LEIS AN AIRE

Noel Dempsey, T.D.
Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha

Pat the Cope Gallagher, T.D.
Aire Stáit

Léiríonn an Ráiteas Straitéise seo tosaíochtaí an Rialtais mar atá leagtha amach sa ***Chlár Comhaontaithe don Rialtas*** agus an comhchlár oibre atá leagtha amach sa ***Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn***. Leagann sé síos clár dúshlánach do mo Roinnse thar an tréimhse go dtí an bhliain 2007. Is é seo bunchloch de phróiseas pleanála gnó na Roinne agus leagann sé amach na spriocanna agus na cuspóirí for-iomlána agus na príomhghníomhartha atá molta lena mbaint amach. Gníomhaíonn sé chomh maith mar an pointe tagartha chun dul chun cinn a mheas ó thaobh bhaint amach na n-aidhmeanna agus spriocanna straitéiseacha.

Síneann sainchúram eacnamúil na Roinne thar chumarsáid, craolachán agus fuinneamh chomh maith le bia mara, iompar muirí, sábháilteacht mhuirí agus acmhainní nádúrtha. Tá rannchur tábhachtach le déanamh ag an Roinn mar stiúrthóir ar fhás eacnamúil inbhuanaithe thar réimse earnálacha éagsúla chun táirgiúlacht a fheabhsú sa gheilleagar agus um rathúlacht, iomaíochas, inbhuaine agus comhtháthú sóisialta.

Is príomhthosaíocht í an t-iomaíochas don Rialtas i bhfianaise dhúshláin agus deiseanna an domhandaithe. Tá an riachtanas le fócas níos mó ar fhás na táirgiúlachta thar speictream leathan gníomhaíochta eacnamaíochta tagtha chun cinn mar eochair-dhúshlán láithreach. Tá ról bun-tábhachtach ag an Roinn um maoirsiú sheachadadh an toillte, na nascachta agus na rochtana chun tacú le fás eacnamúil agus táirgiúlachta agus iomaíochas. Braitheann an t-iomaíochas freisin ar sheachadadh de sheirbhísí poiblí ar éifeachtach agus éifeachtúil iad. Tá tosaíocht á tabhairt ag an Roinn don úsáid is fearr acmhainní, ag díriú ar aschuir agus ar thorthaí, luach ar airgead, agus bunaithe ar mheastóireacht agus ar phleanáil fholláin. Is eochair-chomhthéacs é an riachtanas táirgiúlachta don tseirbhís phoiblí.

Is dúshlán lárnach freisin é inbhuaine i measc an fháis agus an dul chun cinn eacnamúil atá mar sprioc againn. Cinnteoimid go mbeidh fócas leanúnach ar inbhuaine ar fud ár n-earnálacha go léir, bíodh sé um shaothrú acmhainní, mar fhuinneamh, mianadóireacht nó iascaireacht, nó um úsáid acmhainní.

Le breis is 50 comhlacht agus gníomhaireacht Stáit faoi choimirce na Roinne, is rí-léir é an riachtanas le réimeas rialachais chorparáidigh a bheith ann. Beidh réimeas rialachais chorparáidigh níos bríomhaire agus níos idirghníomhaí mar thoradh ar athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar an struchtúr rialachais chorparáidigh sa Roinn féin.

Ar deireadh, cinntear éifeachtacht na Roinne den mhórchuid tríd an gcumas atá ag an struchtúr eagrúcháin cuspóirí a bhaint amach. Mar chuid den Ráiteas Straitéise seo is ea a dhéanfar athbhreithniú ar struchtúr na Roinne agus a chuirfear athruithe riachtanacha i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh an struchtúr eagrúcháin is fearr i bhfeidhm chun rólanna beartais, feidhmiúcháin, rialála agus rialachais chorparáidigh a sheachadadh ar fud na n-earnálacha.

Táim ag tnúth le bheith ag obair le mo chomhghleacaí, Pat the Cope Gallagher, T.D., Aire Stáit, leis an Ard-Rúnaí agus le foireann na Roinne, leis na comhlachtaí Stáit agus leis na hearnálacha ó thaobh athrú suntasach a sheachadadh idir seo agus an bhliain 2007. Déanfar ár rath a thomhas ar deireadh i dtéarmaí an rannchuir intadhaill a dhéanfar chun cuspóirí eacnamúla agus sóisialta a bhaint amach.



Noel Dempsey, T.D.
Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha
Iúil 2005

RÉAMHRÁ LEIS AN ARD-RÚNAÍ

Is é seo an dara Ráiteas Straitéise don Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Tógann sé ar an Ráiteas Straitéise a bhí againn roimhe seo, a chlúdaigh tréimhse na mblianta 2003-2005, agus glacann sé san áireamh freisin forbairtí idir an dá linn mar a léirítear i dTuarascálacha Bliantúla na Roinne, chomh maith le hathruithe sa timpeallacht ghinearálta earnála agus beartais ina bhfeidhmíonn an Roinn.

Tá na spriocanna, cuspóirí, straitéisí agus na táscairí feidhmíochta atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise foirmlithe chun beartais agus tosaíochtaí a sheachadadh mar atá leagtha amach ag an Aire agus ag an Rialtas. Tá treoir iomlán faighte ag na straitéisí go háirithe ón gClár Comhaontaithe don Rialtas agus ó Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn, an Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta 2003-2006.

Leagann an Ráiteas Straitéise clár oibre dúshlánach amach thar an chéad trí bliana eile le mórbhéim ar shainchúram eacnamúil fadréimseach na Roinne thar earnálacha ilíocha éagsúla. Tá béim láidir ar an riachtanas iomaíochais chomh maith le forbairt inbhuanaithe. Tarraingíonn sé aird ar an ról suntasach agus an tábhacht atá le ceisteanna an AE agus an iarracht chun eacnamaíocht an eolais a sheachadadh chomh maith le forbairt inbhuanaithe agus dea-chleachtas comhshaoil.

Tugann sé fócas faoi leith freisin do straitéisí a chuireann le rialachas agus rialáil. Is príomhthosaíocht í don Aire agus don Roinn cur le caighdeáin rialachais chorparáidigh, cleachtais agus nósanna imeachta. Is gné lárnach de straitéis Roinne é beartas rialála i bhfianaise mhéid ár sainchúraim ar fud réimse earnálacha rialaithe. Leagtar ár gcur chuige amach in aghaidh chúlra forbairtí beartais náisiúnta, AE agus forbairtí beartais idirnáisiúnta níos leithne.

Cuireann éagsúlacht an ghnó agus an meascán rólanna beartais, feidhmiúcháin, rialála agus rialachais chorparáidigh atá againn dúshláin i láthair ó thaobh spriocanna beartais agus eagraíochta a sheachadadh. Déanfaimid athbhreithniú thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo ar ár struchtúr eagraíochta agus déanfaimid pé athrú is gá lena chinntiú go ndéanfar an seachadadh is éifeachtaí agus is éifeachtúla ar ár gcuspóirí.

Táimid dírithe chomh maith ar na dúshláin a bhaineann leis an eagraíocht a nuachóiriú agus a athrú, rud a léiríonn clár oibre bainistíochta um athrú inmheánach agus freisin nuachóiriú níos leithne ar an tseirbhís phoiblí mar a thugtar le fios in *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*. Tá sé mar aidhm againn eagraíocht eolas-bhunaithe go hiomlán a dhéanamh den Roinn a mbeidh freagracht agus cuntasacht arna gcineachadh, feabhsúchán leanúnach agus nuálaíocht mar ghnéithe aici, chomh maith le dea-chleachtas i mbainistiú acmhainní airgeadais agus daonna agus teicneolaíocht. Is iomaí dúshlán daonna agus oibríochta a chuirfidh clár díláraithe na Roinne os ár gcomhair sna blianta amach romhainn. Beidh sé mar aidhm againn feidhmiú éifeachtúil agus éifeachtach a dhéanamh ar bheartas díláraithe an Rialtais.

Tá cuntas sa Ráiteas Straitéise ar na heochair-tháscairí feidhmíochta lena dtomhaisfear an méid a bhainfear amach thar thréimhse na mblianta 2005-2007. Tabharfaidh Tuarascáil Bhliantúil na Roinne i gcás gach bliain a chuimsíonn an Ráiteas Straitéise seo tuairisc ar ár bhfeidhmíocht agus ar seachadadh ár spriocanna agus straitéisí earnála agus corparáide.

Chuathas i mbun oibre le hAirí, le foirne, agus chuathas i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí agus le geallsealbhóirí eile chun an Ráiteas Straitéise seo a fhorbairt agus bhí próiseas ar líne ar bun le os cionn 40 aighneacht ag síneadh thar réimsí earnála na Roinne ar fad mar thoradh air sin.

Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an bhfoireann go léir, faoi threoir an Aire, Noel Dempsey, T.D, agus an Aire Stáit, Pat the Cope Gallagher, T.D., chun an clár oibre dúshlánach atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise a chur chun cinn.



Brendan Tuohy
Ard-Rúnaí
Iúil 2005

MISEAN AGUS SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL

MISEAN

"Forbairt inbhuanaithe, bainistiú agus rialúchán na n-earnálacha cumarsáide, fuinnimh, mara agus acmhainní nádúrtha a chur chun cinn mar thaca le cuspóirí na mbeartas náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta"

SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL

1. Rannchur na n-earnálacha cumarsáide, fuinnimh, mara agus acmhainní nádúrtha a optamú d'fhás, iomaíochas, nuálaíocht, forbairt ar inbhuanaithe don chomhshaol í agus d'fhorbairt réigiúnach chothrom, agus do chuimsitheacht shóisialta;
2. Rannchur le soláthar – ar éifeachtach ó thaobh na gcostas é – de thosaíochtaí bonneagair náisiúnta agus réigiúnach;
3. Torthaí inbhuanaithe a sheachadadh don gheilleagar agus do phobail ó acmhainní dúchasacha mara, fuinneamh in-athnuaite agus acmhainní nádúrtha;
4. An tomhaltóir agus an tsochaí a chosaint trí sheirbhísí bia mara agus sábháilteachta muirí d'ardchaighdeán a chur ar fáil, trí fhreagra éigeandála mara agus bonneagar fuinnimh shábháilte agus slándáil an tsoláthair fhuinnimh a chur ar fáil;
5. Ár bhfreagrachtaí i leith rialachais chorparáidigh agus geallsealbhóireachta a sheachadadh go éifeachtach;
6. Timpeallacht dea-chleachtais, dlí, rialála agus gnó a chur ar fáil dár gcuid earnálacha;
7. An Roinn a bheith mar eagraíocht eolas-bhunaithe agus dírithe ar thorthaí, ag feidhmiú do na luachanna seirbhíse poiblí is airde agus na caighdeáin seachadta seirbhíse is airde.

Rannóg 1: **Forbhreathnú, Comhthéacs Seachtrach agus Dúshláin**

Is féidir eolas nuashonraithe faoin Roinn a fháil go rialta ar ár láithreán gréasáin ag www.dcmnr.ie

Tá sé mar aidhm ag ár Ráiteas Misin achoimre a thabhairt ar chuspóirí beartais na Roinne a sheachadtar go díreach nó trí chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí Stáit chomhbhainteacha.

Bíonn na straitéisí fréamhaithe i dtosaíochtaí beartais an Aire, sa Chlár Rialtais, sa Phlean Forbartha Náisiúnta, i gclár reachtúil an Rialtais, sa Straitéis Buiséadach agus in Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn agus i gComhaontuithe Comhpháirtíochta a tháinig ina ndiaidh.

Síneann sainchúram eacnamúil na Roinne thar chumarsáid, craolachán agus fuinneamh chomh maith le bia mara, iompar muirí, sábháilteacht mhuirí agus acmhainní nádúrtha. Le roinnt blianta anuas is ea atá na hearnálacha sin tar éis dul trí chéimeanna difriúla forbartha. Is margaí liobrálaithe den chuid is mó iad na hearnálacha cumarsáide agus fuinnimh, áit a gcinneann an tAire an beartas agus arb iad na rialaitheoirí neamhspleácha a mhaoirsíonn oibríochtaí margaidh. Tá freagracht rialachais chorparáidigh ag an Aire fosta as na comhlachtaí Stáit tráchtála a fheidhmíonn sna margaí sin chomh maith le freagracht as na Cuideachtaí Calafoirt tráchtála.

Mar chomparáid dó sin is ea atá éagsúlacht agus difríocht struchtúrtha sna hearnálacha Mara agus Acmhainní Nádúrtha, áit a gcleachtaítear freagracht as forbairt pholasaí agus rialála i go leor réimsí ar bhonn díreach go fóill. Táthar ag tabhairt faoi athbhreithnithe féachaint conas is fearr forbairt beartais agus freagrachtaí rialála/ feidhmiúcháin a sheachadadh i roinnt réimsí lena n-áirítear iascaigh intíre agus feidhmeanna na acmhainní bia mara/crios chósta agus fairsinge na farraige agus domhain a dheighilt níos mó. Díreoimid ach go háirithe ar ról an Stáit i leithdháileadh, úsáid agus bainistiú na sócmhainní acmhainní poiblí chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar an urthrá.

Mar stiúrthóir ar fhás eacnamúil inbhuanaithe ar fud réimse earnálacha éagsúla is ea atá rannchur lárnach le tabhairt ag an Roinn chun táirgiúlacht a fheabhsú san eacnamaíocht agus chun rathúlacht, iomaíochas, inbhuaine agus comhtháthú shóisialta a réadú.

Cúlra Eacnamúil

Meastar go leanfaidh fás eacnamúil ar aghaidh go stuama síos go dtí an bhliain 2010, deacrachtaí agus neamhchinnteachtaí an gheilleagair dhomhanda gan a bheith san áireamh. Is príomhthosaíocht í an t-iomaíochas don Rialtas, i bhfianaise na ndúshlán agus na ndeiseanna a bhaineann leis an domhandú. Tá an riachtanas le fócas níos mó ar fhás na táirgiúlachta thar speictream leathan gníomhaíochta eacnamaíochta tagtha chun cinn mar eochair-dhúshlán láithreach.

Tá ról bun-tábhachtach ag an Roinn, i dtaca lena cuid gníomhaireachtaí, um maoirsiú sheachadadh an toillte, na nascachta agus na rochtana riachtanaí (fuinneamh, cumarsáid agus iompar muirí) chun tacú le fás eacnamúil agus táirgiúlachta agus leis an iomaíochas. Táimid ag obair chomh maith leis na príomhpháirtithe ar fad ar fud an Rialtais, na fiontraíochta agus san oideachas chun feidhmíocht na hÉireann san eolaíocht agus i dteicneolaíocht an taighde agus sa nuálaíocht a ardú, lena n-áirítear scála agus éifeachtacht na hinfheistíochta sa chaipiteal dhaonna, ar fíor-thábhachtach d'eacnamaíocht an eolais í.

Is é an tAontas Eorpach agus an clár chun eacnamaíocht an eolais a sheachadadh (Clár Oibre Liospóin) chomh maith le forbairt inbhuanaithe agus dea-chleachtas comhshaoil an comhthéacs i gcás fhormhór d'fhreagrachtaí na Roinne. Laistigh den chur chuige straitéiseach náisiúnta maidir leis an AE is ea a leanfaimid ag obair le gach páirtí chun tosaíochtaí beartais a sheachadadh ag leibhéal an AE go dtí an bhliain 2007 agus ina dhiaidh sin. Feicfear láithreach an toradh a bheidh ar chaibidlíochtaí um peirspictíochtaí airgeadais na todhchaí sa bhliain 2007 agus ar 7ú Creatchlár um Thaighde de chuid na gCE (2007-2013).

Is príomhthosaíocht don Rialtas é forbairt agus doimhniú leanúnach ar chomhoibriú Thuaidh/Theas. Léirítear sainchúram fadréimseach na Roinne sna réimsí ilíocha ina bhfuil comhoibriú Thuaidh/Theas agus ina bhféadfadh comhoibriú a bheith laistigh den chreatlach institiúide a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta chomh maith leis an ngné eacnamúil lena n-áirítear fuinneamh agus teileachumarsáid.

Braitheann iomaíochas chomh maith ar sheachadadh éifeachtach agus éifeachtúil na seirbhísí poiblí. Tugtar tosaíocht ag an Roinn agus ag ár gcuid Gníomhaireachtaí don leas is fearr a bhaint as acmhainní, ag díriú ar aschuir agus ar thorthaí, luach ar airgead agus bunaithe ar dhian-mheastóireacht agus dian-phleanáil. Is eochair-chomhthéacs é an riachtanas táirgiúlachta don tseirbhís phoiblí.

Tá an Roinn freagrach tríd a Vóta sa bhliain 2005 as ollchaiteachas de €507 milliún. As sin, is ionann €55m agus Buiséad Riaracháin na Roinne. Is ionann admhálacha ó Leithreasuithe-i-gCabhair agus €232m lena n-áirítear admhálacha ón AE agus táillí ceadúnais chraolacháin. Tá caiteachas Caipitil Ilbhliantúil na Roinne thar an tréimhse leagtha amach do thiomantais chlár an Rialtais agus chun spriocanna beartais earnálacha a bhaint amach. Beidh straitéis soláthair nua mar bhonntaca ag caiteachas sa bhliain 2005 agus ag clár athbhreithnithe caiteachais feabhsaithe, chomh maith leis an gCreatlach Faisnéis Bainistíochta. Táimid ag tabhairt faoi athbhreithniú chomh maith ar riachtanais chaipitil agus riachtanais reatha go dtí an bhliain 2010 bunaithe ar réamh-mheastacháin an ESRI sa mheántéarma don gheilleagar (arna gcoigeartú) agus riachtanais tosaíochta earnálacha.

Struchtúir agus Foireann/Dílárú

Tá os cionn 700 ball foirne fostaithe sa Roinn faoi láthair atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, i gCaisleán an Bharraigh, i gCorcaigh, i Málainn agus i nDairbhre agus in áiteanna eile cois farraige agus réigiúnacha. Tá an taithí atá againn ar struchtúir réigiúnacha agus na dúshláin a bhaineann le hoifigí atá scaipithe amach ag múnlú an chuir chuige atá againn freastal ar na dúshláin a bhaineann le dílárú. Le Céim a hAon is ea a bhogfaidh Stiúrthóireacht Sábháilteachta Muirí go Droichead Átha, agus bogfaidh na Rannóga Bia Mara/Cósta (le BIM) go Cloich na Coillte faoin mbliain 2007. I gcéim níos déanaí táthar chun Ceanncheathrú na Roinne agus Rannóga a bhogadh go dtí an Cábhán. Is príomhthosaíochtaí iad leanúnachas gnó, seachadadh seirbhíse agus folláine na foirne. Áirítear leis na dúshláin ollmhóra a bhaineann leis an gclár díláraithe athrú líon mór den fhoireann a phleanáil agus a bhainistiú agus straitéisí le haghaidh leanúnachais ghnó, bainistíocht priacail agus seachadadh gnó earnálach. I bhfianaise an díláraithe agus laistigh den chomhthéacs for-iomlán a bhaineann leis na srianta atá ar líon na ndaoine sa tseirbhís phoiblí, táimid ag obair lena chinntiú go mbeidh an earcaíocht, imlonnú agus forbairt foirne is éifeachtaí ann, arna nascadh le riachtanais ghnó trí straitéisí Acmhainní Daonna na Roinne.

Léiríonn ár spriocanna Seirbhísí Custaiméirí d'Ardchaighdeán atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí agus sa Chairt Custaiméara an bonn leathan geallsealbhóirí atá ag an Roinn, lena n-áirítear tomhaltóirí, fiontraíocht, páirtithe earnála agus eagraíochtaí ionadaíochta, chomh maith le grúpaí comhshaoil agus pobail. Ag cloí le tiomantas an Rialtais an caighdeán comhairliúcháin a fheabhsú, coinneoimid ár bpróisis chomhairliúcháin faoi athbhreithniú rialta agus feabhsóimid iad de réir mar is cuí thar thréimhse an Ráitis seo.

Ag sásamh dhúshlán an tseachadta

Is é an dúshlán for-iomlán do na blianta 2005-2007 ná chun a chinntiú go mbeidh an seasamh straitéiseach ag an Roinn, ag na comhlachtaí Stáit agus ag na hearnálacha chun cuidiú go héifeachtach le cuspóirí eacnamúla agus sóisialta. Ní mór ár gcur chuige straitéiseach a bheith solúbtha agus sofhreagrach d'athrú leanúnach sa timpeallacht sheachtrach chomh maith le hathrú a bhaint amach trí nuálaíocht agus réamh-mheas.

Cuireann éagsúlacht an ghnó agus an meascán rólanna beartais, feidhmiúcháin, rialála agus rialachais chorparáidigh atá againn dúshláin os comhair na Roinne ó thaobh spriocanna eagraíochta agus beartais a sheachadadh. Is fachtóir eile é ilíocht na gcomhlachtaí Stáit atá ann, cinn thráchtála agus neamhthráchtála araon.

Tá téamaí comónta ag an Roinn, áfach, i dtéarmaí ár rannchuir don fhás agus iomaíochas, chomh maith le forbairt comhshaoil inbhuanaithe agus cothrom go réigiúnach, bonneagar eacnamúil, forbairt acmhainní poiblí, Taighde & Forbairt, eacnamaíocht an eolais agus sábháilteacht phoiblí. Tógfaimid na sineirgíochtaí inmheánacha riachtanacha chun na téamaí sin a léiriú.

Léirítear fairsinge shainchúram na Roinne freisin sa chur chuige atá againn maidir le saincheisteanna téamacha trasghearrtha laistigh den Roinn agus laistigh den Rialtas trí chéile araon.

Leanfaimid freisin ag comhoibriú chun eochair-straitéisí Rialtais a sheachadadh lena n-áirítear an Straitéis Spásúil Náisiúnta, an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt agus an Páipéar Bán ar "Rialáil Níos Fearr".

Tá ár gcuid spriocanna eagrúcháin leagtha amach i gcomhthéacs chlár oibre nuachóirithe na seirbhíse poiblí, Plean Gníomhaíochta nuachóirithe na Roinne faoi Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn agus Clár Díláraithe an Rialtais. Táimid freisin ag leanúint de sheachadadh moltaí Thuarascáil Mullarkey. Treorfar an smaointeoireacht a dhéanfaimid chomh maith le hanailís agus tuarascálacha an NESC, an Chomhairle Iomaíochais Náisiúnta, an ESRI agus daoine eile a chuidíonn le díospóireachtaí um beartas náisiúnta.

Rannóg 2: **Spriocanna Beartais agus Straitéisí Earnálaigh**

CUMARSÁID

Tá tábhacht bhunúsach ag baint le hearnáil na cumarsáide don gheilleagar agus is fachtóir suntasach í sin i gcinneadh iomaíochas eacnamaíochta náisiúnta. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar lucht oibre atá cumasaithe i dteicneolaíocht a bheith mar phríomhstiúrthóirí i bhfeabhsú na táirgiúlachta san eacnamaíocht agus comhchuid rí-thábhachtach d'fhiontair eacnamaíocht an eolais. Is uirlis rí-bhunúsach d'oibrithe tuisceanacha agus spleách ar an teicneolaíocht iad líonraí cumarsáide.

Fuair an earnáil treoir ó athruithe ollmhóra le deich mbliana anuas mar gheall ar fhorbairt teicneolaíochta, athchóiriú rialála agus athruithe sóisialta agus eacnamúla ní ba leithne. Tháinig an earnáil shoghluaiste chun cinn ag tús na 1990í agus í i gceannas anois in earnáil na cumarsáide gutha. Thar an tréimhse chéanna, d'éirigh go hiontach le teicneolaíocht satailíte ó thaobh seirbhísí craolacháin a thabhairt chomh fada le margadh na hÉireann. Is ar líonraí línte seasta anois is mó a bhíonn an trácht i bhfoirm sonraí agus léiríonn sé sin chomh mór agus atá scaipeadh agus úsáid an idirlín sa ghnó agus sa saol laethúil araon. Tugann teicneolaíocht nua mar ***Voice Over International Protocol***, tabhairt isteach seirbhísí soghluaiste den tríú glúin, agus an fás leanúnach atá ar an earnáil gléasanna gan sreang tríd is tríd gur beag seans atá ann go dtiocfaidh deireadh leis an luas atá ar athrú san earnáil thar na chéad chúig bliana eile. Is infreastruchtúr riachtanach anois do Rialtais, do ghnóthaí agus do dhaoine aonair iad saoráidí teileachumarsáide, agus tá tábhacht náisiúnta níos mó ná riamh leis na líonraí sin a choinneáil slán ó thaobh athléimneachta agus rochtana.

I gcomparáid le deich mbliana ó shin, tá an iliomad líonraí agus gaireas a úsáideann a gcaighdeáin agus teicneolaíochtaí uathúil i mbun oibre sa mhargadh inniu. Bímid ag súil go ndíreoidh oibreoirí teileachumarsáide ar sheirbhísí/ábhar gan uaim a sheachadadh chun buntáiste iomlán a bhaint as na forbairtí sa teicneolaíocht. Ach cé go bhfuil an teicneolaíocht ag bogadh go tréan, tá sé níos deacra fós athruithe a thuar – an riail 'nach bhfuil tada ar eolas ag éinne'.

Ar ndóigh, ní níos tábhachtaí fós, is ea seirbhísí leathanbhanda a bheith ag éirí níos fairsinge tríd is tríd i margadh na hÉireann agus tá a ráta ollscaipthe, cé go bhfuil sé an-íseal i gcomparáid leis na tíortha is gaire dúinn san AE, fós an-tapa ar fad. Is díol suntais é i ndáiríre nár fhulaing eacnamaíocht na hÉireann go dona go dtí seo, mar gheall ar chomh déanach agus a bhí an tír ag dul ar an margadh ó thaobh úsáid leathanbhanda. Luíonn ar a laghad cuid den mhíniúchán sin san iomaíochas costas agus sa chaighdeán seirbhísí teileachumarsáide atá ar fáil do na hearnálacha is mó fáis san eacnamaíocht agus, ina theannta sin, an t-iomaíochas eisceachtúil a tharla mar gheall ar sheirbhísí leathanbhanda idirnáisiúnta a bheith ag dul isteach agus amach as Éirinn – á stiúradh ag an infheistíocht a rinne an Rialtas in acmhainn leathanbhanda idirnáisiúnta ag deireadh na 1990í.

D'fhág an bheocht go déanach sna 1990í a tharla mar gheall ar an ró-infheistíocht i mbonneagar, borradh cothromais an *dot com*, agus níos suntasaí fós, na próisis cheadúnaithe do cheadúnais teileafóin soghluaiste den Tríú Glúin san Eoraip oidhreacht struchtúrtha domhain de theip chorparáideach agus an iomarca fiach. Tháinig an earnáil chun cinn go mall ón titim sin, an titim ba ghéire a tharla riamh. Mar sin féin, is léir faoi láthair go bhfuil staid airgeadais na hearnála níos fearr anois ná mar a bhí le fada an lá.

Na Dúshláin

Táimid ag dúil go mbeidh na dúshláin bhonneagair agus rialála in uachtar ar chlár oibre an bheartais teileachumarsáide thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo. Ó thaobh na Rialála de, is amhlaidh a stiúrfaidh na forbairtí thar na chéad trí bliana eile timpeallacht fhadtéarmach an iomaíochais, go háirithe san earnáil soghluaiste. I gcás na línte seasta, tá buairimh leanúnacha ann faoi chumas an mhargaidh riachtanais fhadtéarmacha gach cuid de gheilleagar na hÉireann a shásamh. Beimid ag dúil le brostú a fheiceáil anois le hinfheistíocht dhíreach an Rialtais i mbonneagar na rochtana oscailte fadtéarmaí. Is é an tasc a bheidh anseo ná féachaint ar bhuntáiste

comparáideach na hÉireann ó thaobh nascacht idirnáisiúnta a shíneadh chuig na réigiúin trí infheistíocht thomhaiste agus straitéiseach i dtoilleadh na rochtana oscailte. Ní mór gur acmhainn leathanbhanda rochtana oscailte ar phraghas aonair a bheadh san fhís seo a bheidh ar fáil go náisiúnta mar bhealach chun fáil réidh leis na mí-bhuntáistí soiléire a bhaineann le rolladh amach réigiúnach leathanbhanda a bhíonn stiúrtha ag an margadh. Is rí-léir na mí-bhuntáistí sin sa líon íseal a ghlac le seirbhísí leathanbhanda ag an tús, an ráta mall i ndíchuachadh na lúibe áitiúla arb é croílár thabhairt isteach an iomaíochais bhríomhair bunaithe ar sheirbhísí agus difríochtaí suntasacha idir Baile Átha Cliath agus na réigiúin um rochtain ar sheirbhísí leathanbhanda.

Braitheann an cumas atá ag Éirinn leas a bhaint as na dúshláin seo go mór ar ár gcumas ceaptha agus forfheidhmithe beartais san earnáil seo. Go háirithe, is é an cur chuige a chaithfear a ghlacadh sa mheántéarma ná:

- ***straitéiseach*** - á stiúradh ag baint amach na n-eochair-spriocanna fadtéarmacha
- ***saindírithe*** – mar a thagann roghnú spriocanna le chéile leis an gcumas ag an gcóras le seachadadh
- ***réadúil*** – mar a mbíonn na spriocanna a roghnaítear inseachadta agus comhsheasmhach go hiarbhír le riocht reatha agus dóchúil na todhchaí de chuid na hearnála
- ***oiriúnach*** – a bheith in ann a choigeartú chun teacht le timpeallacht mhargaidh mhear-athraitheach agus dul chun cinn na teicneolaíochta.

I dtéarmaí eacnamaíochta níos leithne, tá Éire anois ag éirí níos mó mar chuid d'eacnamaíocht níos leithne na hEorpa agus an domhain, mar a bhfuil sé riachtanach dul in iomaíocht ag an leibhéal is airde i dtimpeallacht chumarsáide gan uaim inar féidir gnó a idirbheartú le haon chuid den domhan ar an bpointe boise. Ciallaíonn sé sin go mbeidh deiseanna agus dúshláin níos mó ann d'Éirinn. I margadh caipitil domhanda liobrálaithe, sreabhann an infheistíocht chuig earnálacha inar féidir dul isteach ar an margadh iontu agus inar féidir torthaí a bhaint amach. Gan na torthaí sin, tagann deireadh le sreafaí caipitil chun infheistíochta agus i gcásanna ina mbíonn caipiteal gann agus go mbíonn an earnáil faoi smacht dreamanna ilnáisiúnacha, caithfidh Éire dul in iomaíocht go héifeachtach chun caipiteal a fháil in aghaidh suíomh infheistíochta eile. Bíonn impleachtaí tábhachtacha aige sin ó thaobh beartais de.

Is féidir le líonraí cumarsáide nua-aimseartha seirbhísí ilíocha a sholáthar ó ardán amháin - m.sh. is féidir an líonra céanna a úsáid chun seirbhís teileafóin, seirbhís teilifíse, agus fiú amháin seirbhís idirlín a sholáthar. Tá na himpleachtaí iomlána a bhaineann leis an athrú sin, ar a dtugtar inréimniú, don ghnó, rialú na hearnála agus beartas na hearnála; tá siad fós ag teacht chun cinn. Ach beidh siad sin níos soiléire thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo. Trí na himpleachtaí a chinneadh agus na hathruithe is gá a dhéanamh le beartas agus rialáil, is ea a chinnteofar go mbainfimid an leas is fearr as an earnáil.

Díreoidh an Roinn ar na saincheisteanna a ardaítear:

- le riocht eacnamúil na hearnála
- leis an margadh domhanda i gcomhair caipitil
- inréimniú teicneolaíochta agus scriosadh teorainneacha traidisiúnta san earnáil
- an gá le dul i gcomhairle agus i gcumarsáid éifeachtach le páirtithe an tionscail agus leosan sa gheilleagar ginearálta a mbíonn leas acu san earnáil.

Is í an tosaíocht atá ann timpeallacht dhleathach, rialála, thrádála agus shóisialta a chruthú, a sholáthraíonn an t-ionchas fáis agus brabúis is airde don earnáil. Is réamhriachtanas í earnáil fhásmhar bhrabúsach agus atá, thar aon ní eile, ag seachadadh cuspóirí náisiúnta straitéiseacha ó thaobh fhorbairt agus úsáid an ICT, chun Éire a chur ar a cosa mar shochaí faisnéise agus eolais a bhíonn i mbun iomaíochais go domhanda.

Tabharfaidh an Roinn aghaidh chomh maith ar shaincheisteanna beartais phoiblí níos sonraithe a bhfuil tosaíocht leo lena n-áirítear an deighilt dhigiteach, saincheisteanna comhshaoil, taighde agus forbairt agus pleanáil spásúil.

Leanfaidh an Roinn chomh maith leis an ról tábhachtach atá aici i saincheisteanna tras-Rannacha ar bunriachtanach iad chun sochaí faisnéise cheannasach a bhaint amach. Áirítear leo sin:

- Forbairt bonneagair
- Straitéis spásúil
- Forbairt réigiúnach agus
- Forbairtí an AE.

Beidh ról lárnach ag an Roinn ó thaobh aeráid infheistíochta a chur chun cinn a leanfaidh ar aghaidh ag forbairt na hearnála in Éirinn. Is eochair-ghnéithe iad cláir thacaíochta reachtúla agus bonneagair na Roinne ó thaobh fhorbairt na hearnála a chur chun cinn, ag tabhairt deis margadh oscailte a thógáil chun borradh a chur faoi sholáthar seirbhísí cumarsáide.

Caithfidh an timpeallacht rialála a fhorálann do rialáil neamhspleách na hearnála leanúint ag athrú ag teacht le riachtanais an mhargaidh agus ag an am céanna chun a chinntiú go dtugtar cosaint do leasanna na leas-sealbhóirí. Tá an chreatlach rialála reatha atá ag na hearnálacha cumarsáide agus poist bunaithe ar dhlí na hEorpa. Cruthaíodh é chun an t-athrú ar an earnáil ó stádas monaplachta chuig log margaidh liobrálach a éascú. Foráladh i leasú reachtúil a rinneadh le déanaí chun ról níos gníomhaí a bheith ag an Aire ó thaobh chreatlach beartais a chur le chéile ina mbíonn rialáil agus ina leanfaidh an straitéis chun treoracha beartais a eisiúint de réir mar a thiocfaidh riachtanais chun cinn. D'oibrigh sé sin trína chinntiú go raibh iomchuibheas idir beartas Rialtais agus obair an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide (CCR) agus chuidigh sé chun fócas straitéiseach an Rialaitheora sa mhargadh a láidriú.

Maidir le hinfheistíocht dhíreach ón Státchiste in acmhainn rochtain oscailte na hearnála, tá na pointí seo a leanas ábhartha. Is é tionscal na teileachumarsáide an t-aon earnáil fóntais in Éirinn sa lá atá inniu ann atá faoi úinéireacht phríobháideach den chuid is mó. Tá an earnáil anois den chuid is mó faoi úinéireacht choigríche seachas a bheith faoi úinéireacht dhúchasach agus tá impleachtaí tábhachtacha aige sin d'ionchais fhadtéarmacha na hearnála. Tá líonraí agus gairis anois níos mó faoi úinéireacht agus oibrithe ag comhlachtaí tras-náisiúnta – glactar cinntí ar bhonn domhanda – le himpleachtaí fadtéarmacha tábhachtacha don stát-náisiún. Tá tionchar tábhachtach ag scála mhargadh na hÉireann ar chinntí infheistíochta. D'aineoinn sin, tá dreamanna móra fós i seilbh na hearnála sin in Éirinn le roinnt bruach-iomaitheoirí ar scála beag. Tá, agus beidh, gan amhras neamhleanúnachas idir cuspóirí poiblí agus príobháideacha agus, go háirithe, tá agus beidh comhbhabhtáil ann idir iomaíocht saoráidí (nó líonra) agus iomaíocht seirbhísí.

Bunsprioc Beartais

Cur le fás agus iomaíochas maicreacnamaíochta inbhuanaithe agus a chinntiú go mbeidh Éire in ann an leas is fearr a bhaint as deiseanna atá ag teacht chun cinn mar gheall ar shochaí na faisnéise agus an eolais, trí infheistíocht a chur chun cinn i mbonneagar úrscothach, trí thimpeallacht thacúil reachtúil agus rialacháin a chur ar fáil, agus trí dhea-cháil taighde agus forbartha den scoth a fhorbairt in earnálacha teicneolaíochtaí na faisnéise, na cumarsáide agus digiteacha.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Éire a chur ar bhonn iomaíoch le heochair-gheilleagair chomparadóra an OECD i dtéarmaí na bpríomh-thagarmharcanna Idirlín agus cumarsáide, lena n-áirítear praghas, cáilíocht agus rogha.

Straitéis Forfheidhmithe

- Beartas rialála solúbtha a chur chun cinn ar tacúil le forbairt shochaí na faisnéise agus an eolais in Éirinn é, agus leasanna leas-sealbhóirí a chosaint ag an am céanna.

- Forbairt bonneagair nua a chur chun cinn, ag cuimsiú na rochtana chomh maith le hacmhainn chúltaca ar bhonn tráchtála ar fud na tíre.
- Infheistíocht a chur chun cinn i líonraí taighde an chéad ghlúin eile.
- Páirt a ghlacadh agus tionchar a imirt ar fhorbairtí san AE agus san OECD, a théann i bhfeidhm ar fhorbairt ríomhghnó in Éirinn.
- A chinntiú go ndéantar forbairt ar bhonneagar na hÉireann ar bhealach a thugann tacaíocht do chuspóirí níos leithne shochaí faisnéise agus eolais.
- Iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann a fheabhsú a thuilleadh san earnáil ríomhghnó trí chomhairliúchán, reachtaíocht agus comhpháirtíocht le Ranna Rialtais eile, leis an tionscal agus le comhlachtaí idirnáisiúnta.
- A bheith rannpháirteach go gníomhach san obair fhorbartha atá ar bun ag na Náisiúin Aontaithe ar an deighilt dhigiteach idirnáisiúnta trí Thascfhórsa ICT na UN.
- Creatlach rialála an AE atá ag teacht chun cinn sa réimse slándála líonraí a fhorfheidhmiú go hiomlán.
- Toilleadh leathanbhanda a uasghrádú i ngach scoil ar fud na hÉireann lena chinntiú go mbeidh rochtain chothrom ar shochaí na faisnéise san earnáil oideachasúil.

Táscaire Feidhmíochta

- Earnáil chumarsáide iomaíoch a bheith i bhfeidhm faoin mbliain 2007, a bheidh ar aon dul go hiomaíoch le heochair-gheillegair chomparadóra an OECD ó thaobh fháil isteach ar an líonra, infheistíocht, praghas, rogha agus cáilíocht, ar fud gach ardán.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Creatlach reachtúil a chruthú ina mbeidh foráil chun an earnáil chumarsáide a rialú a bheidh dírithe go straitéiseach, iomaíoch agus feasach ar chúrsaí tráchtála agus timpeallacht dhlí sholúbtha chun riachtanais ghnó agus riachtanais na seirbhíse poiblí a shásamh.

Straitéis Forfheidhmithe

- Athbhreithniú rialta ar chumhachtaí agus ar struchtúir an réimis rialála chun an timpeallacht idirnáisiúnta earnálach mhear-athraitheach a chur san áireamh.
- Aghaidh a thabhairt ar athruithe a thagann as nuálaíocht teicneolaíochta, domhandú agus inréimniú.
- Cur ar chumas an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide a chuid feidhmeanna a chur i gcrích go héifeachtach de réir chreatlach rialála na hEorpa.
- Tabhairt faoi chomhairliúchán poiblí agus athbhreithniú a dhéanamh ar Acht Radio-Thelegrafaíochta 1926 agus Bille úr um Chumarsáid Raidió a achtú.
- Forbairt bhreise a dhéanamh ar straitéis speictrim náisiúnta ag glacadh forbairt agus inréimniú teicneolaíochta san áireamh.

Táscairí Feidhmíochta

- An Bille Teileachumarsáide a achtú chun cur le cumhachtaí an Rialaitheora le linn na bliana 2006.
- Leanúint de láidriú an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide neamhspleách lena mbeidh ar a chumas cuspóirí rialacháin an tAcht um Rialáil Cumarsáide, 2002, a sheachadadh.
- Dréacht-reachtaíocht a fhoilsiú chun bearta atá ann maidir le teileagrafaíocht raidió a nuashonrú agus a chomhdhlúthú.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Cuimsitheacht méadaithe de Shochaí an Eolais a chur chun cinn ag an leibhéal réigiúnach agus pobal-bhunaithe.

Straitéis Forfheidhmithe

- Tacú le forfheidhmiú 'Naisc Úra' – cáipéis creatlaí an Rialtais a chlúdaíonn beartas i réimse shochaí na faisnéise.
- Nascacht tras-teorann agus idirnáisiúnta a fheabhsú a thuilleadh agus comhoibriú ar shochaí na faisnéise agus ar thionscnaimh chumarsáide.
- Soláthar bonneagair leathanbhanda réigiúnach le rochtain oscailte a chur chun cinn i gcomhar le páirtithe ón earnáil phoiblí agus phríobháideach faoin nGrúpscéim Leathanbhanda.
- Straitéis leathanbhanda a chur i bhfeidhm do scoileanna a aontaíodh leis an tionscal sa bhliain 2004.

Táscairí Feidhmíochta

- Soláthar bonneagair leathanbhanda réigiúnach le rochtain oscailte idir na blianta 2005 agus 2010.
- Roinnt tionscnamh léiriúcháin a chur chun cinn maidir le teicneolaíochtaí agus a bhfeidhmithe.
- Tionscnaimh bonneagair leathanbhanda réigiúnach ar chonradh a thabhairt chun críche.
- Clár leathanbhanda do scoileanna a thabhairt chun críche.
- Cláir Interreg III a chur i bhfeidhm i gcomhar le páirtithe trasteorann.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR

Tacú le haonán taighde a chruthú agus tionscal ábhar meán digiteach bríomhar bunaithe thart ar DMDL (Digital Media District Ltd.)

Straitéis Forfheidhmithe

- Forfheidhmiú an Phlean Forbartha don Mhol Digiteach a éascú.
- Saoráid taighde nua a fháil chun teacht in ionad na saoráidí taighde digiteacha ag an Mol Digiteach.

Táscairí Feidhmíochta

- Gníomhaíocht fiontraíochta sa Mhol.
- Gníomhaíocht taighde ag an Mol.
- Cláir shóisialta a sheachadadh ag an Mol.

CRAOLACHÁN

Beidh obair san earnáil craolacháin dírithe den mhórchuid ar reachtaíocht a dhréachtú agus a rith thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo a fhorálfaidh d'athchóiriú cuimsitheach na hearnála, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, ról craoltóra na seirbhíse poiblí, rialú na hearnála agus cearta na dtomhaltóirí craolacháin sa mhargadh. Is é an cuspóir a bheidh ann bearta beartais phoiblí a dhearadh agus a fhorfheidhmiú, ag tabhairt na mear-athruithe san earnáil san áireamh, go háirithe an t-idirnáisiúnú atá ar bun sa chraolachán agus an fás ar iomaíocht sa mhargadh idirnáisiúnta agus náisiúnta.

Teastaíonn próiseas leanúnach nuachóirithe chun cothabháil agus forbairt ar éiteas craolacháin na seirbhíse poiblí mar phrionsabal lárnach de bheartas craolacháin. Thug an Rialtas roinnt leasuithe tábhachtacha isteach sa bhliain 2002 mar chuid de phróiseas faoina bhfuair craolachán na seirbhíse poiblí in Éirinn méadú suntasach ina acmhainní. Mar sin féin, teastaíonn tacaíocht agus neartú ó na beartais sin i reachtaíocht chun na caighdeáin trédhearcachta, cuntasachta agus comhionannais a theastóidh chun dul ar aghaidh a chur ar fáil.

I gcás na teilifíse, feidhmíonn craoltóirí as Éirinn i margadh ina bhfuil iomaíocht dhomhanda. I gcás cúrsaí raidió, is beag iomaíocht idirnáisiúnta atá feicthe ag craoltóirí as Éirinn go dtí seo. Léirigh lucht féachana teilifíse in Éirinn riamh go raibh leibhéal ard suime acu i mbealaí teilifíse trastíre na Ríochta Aontaithe agus ba é sin an príomhstiúrthóir a bhí ag seirbhísí síntiúis ilchainéalacha in Éirinn (os cionn 70% de thithe). Tá rolladh amach na teilifíse digití ag beagán os cionn 30% de líonta tí le teilifís (a bhformhór ar satailít) ag leathnú an bhoinn iomaíochta. Leanann an dá chraoltóir teilifíse náisiúnta – mar atá RTÉ agus TV3 – ag mealladh scair den lucht féachana timpeall os cionn 50%.

Tá iomaíocht theoranta sa mhargadh chun seirbhísí teilifíse ilchainéalacha a chur ar fáil. Tá rogha ag beagnach 70% den daonra ar oibreoir ardáin, go príomha idir satailít agus cábla nó idir satailít agus MMDS.

Bíonn craoltóirí as Éirinn faoi réir ag rialáil ábhair ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal náisiúnta. Is é Údarás RTÉ an rialaitheoir i gcás seirbhísí RTÉ agus is é Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) a rialaíonn an earnáil neamhspleách. Tá greim ag an BCI ar gach craoltóir maidir le cóid áirithe agus rialacha mar chlárú, fógraíocht agus rialacha rochtana. I gcás na teilifíse agus an raidió níl ann ach dhá chraoltóir náisiúnta, RTÉ chomh maith le hoibreoir teilifíse amháin neamhspleách agus oibreoir raidió neamhspleách amháin, .i. TV3 agus Today FM. Cé gur gné den raidió í an earnáil láidir áitiúil agus pobail le roinnt blianta níor tháinig seirbhísí teilifíse áitiúla chun cinn leis an tábhacht chéanna. Tá sé de chumhacht ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann breis seirbhísí teilifíse a cheadúnú.

Ag leibhéal an AE, éilítear ar gach Ballstát pleananna náisiúnta a chur i bhfeidhm chun an t-aistriú chuig craolachán teilifíse digití a chur i bhfeidhm. Cé gurb amhlaidh anseo in Éirinn, go bhfuil rochtain ag cuid mhaith den mhargadh anois ar sheirbhísí digiteacha, teastaíonn brostú mór a chur le dul chun cinn i bhforbairt teilifíse trastíre digití má táimid chun coinneáil ag an luas céanna le forbairtí san AE tríd is tríd.

Bunspriocanna Beartais

- **Timpeallacht a chruthú ina spreagtar craoltóirí neamhspleácha agus RTÉ seirbhísí teilifíse agus raidió d'ardchaighdeán as Éirinn a chothabháil.**
- **Todhchaí inmharthana a shlánú do chraoltóireacht d'ardchaighdeán na seirbhíse poiblí i margadh na hÉireann.**
- **Féachaint le rochtain a choinneáil ar réimse chlárú caighdeánach i bhfoirm analóige agus digitigh, ar bhonn uilíoch agus saorchraolta.**

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Creatlach rialála a fhorbairt a bheidh oiriúnach chun seirbhísí ardchaighdeán raidió agus teilifíse as Éirinn a bhunú agus a chothabháil.

Straitéis Forfheidhmithe

- Réimse bearta beartais a fhorfheidhmiú ag éirí as cinntí glactha ag an tAire agus an Rialtas in aghaidh chúlra ina bhfuil an margadh craolacháin ag athrú go mear, lena n-áirítear moltaí an Fhóraim ar Chraolachán a foilsíodh i mí Lúnasa na bliana 2002.
- Moltaí reachtúla agus straitéisí forfheidhmithe a fhorbairt chun éifeacht a thabhairt do chinntí a ghlac an Rialtas go déanach sa bhliain 2002 chomh maith le forbairtí níos déanaí maidir le craolachán. Ar an gcéad cheann ina measc sin atá na cinntí rialaitheoir ábhar aonair a bhunú i gcás craoltóirí as an earnáil phoiblí agus phríobháideach agus RTÉ a athstruchtúrú ó thaobh cúrsaí corparáide de.

Táscairí Feidhmíochta

- Reachtaíocht a achtú.
- Tiomantais aschuir chláir ó RTÉ a bhaint amach.
- Borradh a chur faoi aschur craolacháin bhaile.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Cinntiú go mbeidh rochtain leanúnach ar réimse cuimsitheach clárúcháin, sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon, ar bhonn uilíoch agus saorchraolta.

Straitéis Forfheidhmithe

- A chinntiú go mbíonn RTÉ cuí-struchtúrtha agus i mbun oibre go héifeachtach agus go héifeachtúil ó thaobh sainordú na seirbhíse poiblí a cuireadh air ag na hAchtanna um Údarás Craolacháin a chomhlíonadh.
- Bunú TG4 mar chomhlacht reachtúil neamhspleách a éascú.
- Modh nua a chur isteach sa Bhille Craolacháin chun an táille ceadúnais teilifíse a choigeartú.

Táscairí Feidhmíochta

- Moltaí tráthúla a dhéanamh don Rialtas.
- TG4 a bhunú mar aonán ar leithligh.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Tabhairt isteach an chraolacháin dhigitigh in Éirinn a mhaoirsiú.

Straitéis Forfheidhmithe

- Bunú rathúil ardán teilifíse trastíre digití a éascú in Éirinn ar bhonn píolótach sa bhliain 2006.
- Beartas náisiúnta a fhorbairt chun raidió digiteach a thabhairt isteach in Éirinn le linn na bliana 2006.

Táscairí Feidhmíochta

- Cinntí glachta ar conas dul ar aghaidh.
- Forbairt straitéise agus beartais.
- Clár píolótach agus próisis cheadúnaithe i bhfeidhm le linn na bliana 2006.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR

A chinntiú go mbeidh seasamh na hÉireann i ndáil le forbairt beartais chraolacháin na hEorpa curtha in iúl go soiléir agus go gníomhach.

Straitéis Forfheidhmithe

- A chinntiú go dtugtar go gníomhach faoi shaincheisteanna buartha in Éirinn maidir le forbairtí ag leibhéal an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir Teilifís Gan Teorainneacha.

Táscairí Feidhmíochta

- Obair leanúnach agus ghníomhach leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit eile.
- Seasamh beartais na hÉireann a bheith curtha in iúl go soiléir.

SEIRBHÍSÍ POIST

Tá soláthróirí agus oibreoirí seirbhísí poist áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta san earnáil poist a tháirgeann, a bhailíonn, a sórtálann, a iompraíonn agus a dhéanann seachadadh ar eolas agus earraí fisiciúla. Leanann an Coimisiún Eorpach leis an bpróiseas chun na monaplachtaí atá ag soláthróirí seirbhíse uilíocha ar fud an Aontais a liobrálú. Agus é sin ar bun, bíonn sé ag cloí leis na prionsabail bheartais chéanna leis na hearnálacha teileachumarsáide, aerlínte agus fóntas agus is iad na fachtóirí céanna domhandaithe, comhdhlúthaithe agus athraithe teicneolaíochta sa tionscal a threoraíonn chun cinn é. Cuireann na fachtóirí sin dúshláin mhóra os comhair An Post agus éilítear air straitéisí a chur le chéile chun dul in oiriúint do thimpeallacht margaidh athraitheach.

Faoin mbliain 2007, táimid ag dúil le hathruithe móra a fheiceáil san earnáil poist. I measc na gceann is tábhachtaí atá:

- Fás sa líon litreacha a chuirtear tríd an bpost le leanúint laistiar d'fhás an GDP de bhun ionadú leictreonach.
- Scair a bheidh ag an earnáil phríobháideach ar an margadh iomlán le méadú de bhun liobrálaithe agus tábhacht níos mó a bheith leis an gnó beartán.
- Leanfaidh an tionchar a bheidh ag an teicneolaíocht agus bogadh custaiméirí ar inmharthanacht ghnó chuntair na n-oifigí poist.

Cosúil leis an earnáil teileachumarsáide, tá sé tábhachtach, agus sinn i mbun rialú cúrsaí poist, go seachnóimid an nós a bhíonn ag údaráis rialála an iomarca idirghabhála a dhéanamh sa mhargadh. Tá oibreoirí príobháideacha suntasacha cheana féin i réimse liobrálaithe an mhargaidh phoist agus tá sé tábhachtach nach n-úsáidtear liobrálú mar bhealach chun an t-ualach rialála a bhíonn ar na cuideachtaí sin a mhéadú. Ba chóir go n-úsáidfí measúnú tionchair rialála agus go rachfaí i gcomhairliúchán soiléir le páirtithe leasmhara mar ghné de rialáil na hearnála poist.

Bunspriocanna Beartais

- **A chinntiú go mbainfidh custaiméirí tionscail agus baile Éireannach leas as seirbhísí poist ar phraghas iomaíoch, agus ar ardchaighdeán ar aon dul leis na caighdeáin cháilíochta is airde in eochair-gheilleagair chomparadóra in áiteanna eile san AE**
- **na seirbhísí poist agus líonra ar fud na tíre a chothabháil, le taraifí comhionann i bhfeidhm ar fud an Stáit, nuair a éilíonn rialáil é, agus**
- **earnáil poist na hÉireann a fhorbairt ar shlí go mbeidh sí mar bhonntaca ag an bpríomhchuspóir eacnamaíochta go mbeidh Éire ina geilleagar eolais.**

Cuspóirí Straitéiseacha

- **Beartas éifeachtach a fhorbairt d'earnáil poist na hÉireann bunaithe ar phrionsabail an mhargaidh oscailte agus i gcomhar le tionscnaimh de chuid an AE.**
- **Feidhmeanna rialachais chorparáidigh éifeachtacha a chleachtadh maidir le An Post.**

Straitéis Forfheidhmithe

- Leanúint d'fhorbairt timpeallachta rialála iomaíoch agus éadrom chun forbairt tionscal poist iomaíoch agus éifeachtúil a éascú.
- Athrú An Post a éascú ó sholáthróir le monaplacht go dtí imreoir le brabús i margadh iomaíoch, agus ag an am céanna seirbhís poist náisiúnta d'ardchaighdeán a chothabháil.
- Ionchur éifeachtach Éireannach chun moltaí Choimisiún an AE a fhorbairt agus a bhreithniú chun breis Treoracha liobrálaithe poist a chur i bhfeidhm, agus aistriú tráthúil a dhéanamh ar aon treoracha a glacadh isteach i ndlí na hÉireann.
- Bearta rialachais chorparáidigh éifeachtacha a bheith i bhfeidhm agus forfheidhmithe do An Post.

- Éascú, nuair is cuí, do bhearta tacaíochta chun cuidiú le An Post le líonra Oifig an Phoist a nuachóiriú le fócas áirithe ar sholáthar seirbhísí rialtais, lena n-áirítear ríomh-Rialtas, tríd an líonra.
- Córas códphoist na hÉireann a thabhairt isteach.

Táscairí Feidhmíochta

- Treoracha an AE a ghlactar ar chúrsaí poist a liobrálú, chomh fada agus is féidir ar aon nós, le seasamh na hÉireann sna caibidlíochtaí a léiriú.
- Treoracha an AE aistrithe isteach go rathúil i ndlí na hÉireann.
- Comhlíonann An Post treoirlínte rialachais chorparáidigh.
- Eolas cruinn a bheith ag bainistíocht An Post ar dhul chun cinn ó thaobh na straitéise aisghabhála a chur chun cinn chun tuairisciú éifeachtach agus tráthúil don Scairshealbhóir a éascú.
- Plean céimithe a thabhairt isteach lena chinntiú go láidrítear líonra Oifig an Phoist.
- Plean gnó a chur i bhfeidhm i gcomhar le gach geallsealbhóir a chinnteoidh go n-éireoidh le An Post i margadh liobrálaithe oscailte.
- Seirbhísí Rialtais breise le teacht chun cinn trí líonra Oifig an Phoist.

FUINNEAMH

Tá cosúlacht mhór ag beartas fuinnimh na hÉireann lena bhfuil ag ár gcomharsana san AE agus san OECD. Tá sé bunaithe ar thrí phríomhbhonn beartais, mar atá

- Slándáil an tsoláthair a chosaint
- Todhchaí fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt
- Margaí fuinnimh atá rialaithe i gceart, feidhmiúil agus iomaíoch a fhorbairt.

Fostaíonn earnáil an fhuinnimh 12,400 duine go díreach le láimhdeachas de €7.2 billiún, agus rannchuireann sé 1.4% (€1.78 billiún)[1] go díreach leis an Olltáirgeacht Intíre náisiúnta. Cé go ndealraítear an figiúr sin a bheith beag i dtéarmaí iomlán, braitheann cumas an gheilleagair le feidhmiú ar sholáthar fuinnimh, an leictreachas go háirithe, ionas go sroichfidh tionchar fheidhmiú na hearnála fuinnimh an eacnamaíocht go léir. Is fachtóir criticiúil é slándáil an tsoláthair ó thaobh an chumais a bheidh againn fás eacnamúil a chothabháil.

Thar an tréimhse 2005-2010 is ea atá an ESRI ag dúil go mbeidh fás eacnamúil de 5.7% in aghaidh na bliana ann. Mar thoradh air sin ab ea a thiocfadh méadú de 1.6% in aghaidh na bliana ar an éileamh fuinnimh fortheilgthe thar an tréimhse chéanna. Laistigh den fhigiúr fáis fhor-iomlán sin, táthar ag dúil go méadóidh an t-éileamh ar leictreachas faoi 3.1% in aghaidh na bliana agus éileamh an gháis faoi 6.5%.

Is ionann é sin agus treocht idirnáisiúnta i dtreo slándáil an tsoláthair a chosaint agus a chinntiú go mbeidh todhchaí fuinnimh inbhuanaithe ann. Tarraingítear aird ar an riachtanas atá ann na fadhbanna eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil atá tar éis tarlú mar gheall ar bheartais reatha a mhaolú i bhfianaise spleáchas an domhain fhorbartha ar bhreoslaí iontaise allmhairithe (le fás ar astuithe gáis cheaptha teasa mar thoradh air sin). Ceanglaíonn tabhairt isteach Scéim Trádála Astuithe an AE gnéithe eacnamaíochta agus comhshaoil na mbeartas sin níos gaire dá chéile, agus cuirtear pionóis airgeadais leis an scéim orthu sin a dteipeann orthu maireachtáil laistigh dá spriocanna astuithe Khiótó.

Mar thoradh ar an luaineacht leanúnach a bhaineann le praghsanna ola agus gáis ar fud an domhain (tá ceangal láidir ag na hearraí sin le chéile i dtéarmaí praghsanna), táthar neamhchinnte faoin eacnamaíocht amach anseo. Mar sin go nuige seo, ní cosúil gur chuir an borradh ba dhéanaí a tháinig ar phraghsanna breoslaí iontaise isteach go mór ar ghníomhaíocht eacnamúil ná ar an éileamh. Cé go bhfuil boilsciú íseal mar chionsiocair éigin, tá go leor de ag tarlú mar gheall nach bhfuil go leor tíortha de chuid an OECD, Éire san áireamh, ag díriú chomh mór ar chúrsaí fuinnimh agus iad ag imeacht ón déantúsaíocht agus ag dul i dtreo seirbhísí.

Mar sin féin, is iomaí ceist atá le cur faoi chumas iomlán na hÉireann praghsanna arda leanúnacha ola agus gáis a sheasamh gan éifeachtaí tromchúiseacha a bheith ann dár bhfolláine eacnamúil.

Slándáil an tSoláthair Fhuinnimh

Ó thaobh dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le slándáil soláthair a chosaint, is féidir aghaidh a thabhairt ar roinnt roghanna beartais:

Luíonn freagracht reachtúil as slándáil an tsoláthair leictreachais leis an rialaitheoir neamhspleách, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER), agus é ar a chumas aon bhearta nach mór a ghlacadh chun soláthar slán a chosaint. Sa chomhthéacs sin a chaithfidh Éire beartas agus straitéis a dhíriú ar éagsúlacht breosla chun críoch ghiniúint na cumhachta. Mar aon lenár gcomharsanaí is ea atáimid ag éirí níos spleáiche ar ghás píobtha allmhairithe – agus is as réimsí de luaineacht gheopholaitiúil mhór a fhaightear an gás sin. Má bhímid ag brath go ró-mhór ar bhreosla amháin, is amhlaidh a fhágfar ár n-eacnamaíocht leochaileach go háirithe tríd an mbaol a bhaineann le turraingí

1 Ní áirítear leis scagadh ola, díolacháin ola agus dlúthbhreoslaí

praghsanna nó idirscor fisiciúil. Caithfimid féachaint ar roghanna praiticiúla eile in áit an ghais phíobtha, agus baic charbóin a ghlacadh san áireamh. D'fhéadfaí teicneolaíocht ghual ghlan a chur san áireamh anseo, Gás Nádúrtha Leachtaithe agus teicneolaíochtaí in-athnuaite úra. Ina theannta sin, tarraingíonn an cás seo aird ar an tábhacht a bhaineann le leanúint de chur chun cinn soláthairtí gáis dúchasacha slána.

Is trí chumas an fhuinnimh in-athnuaite a uasmhéadú a fhéadfar cuidiú le maolú na bpriacal do shlándáil an tsoláthair chomh maith le cuidiú chun todhchaí fuinnimh inbhuanaithe a thógáil. Is mar gheall ar a headrannacht agus an gá le breosla iontaise mar ghiniúint ionaid, nach leor fuinneamh gaoithe as féin chun an soláthar a shlánú. Caithfear an cumas a bhaineann le teicneolaíochtaí in-athnuaite eile a iniúchadh go hiomlán sa chás seo.

Braitheann soláthar slán go criticiúil ar infheistíocht i mbonneagar a fhaigheann treoir ó na tuarascálacha reachtúla bliantúla ar leordhóthanacht giniúna leictreachais agus toilleadh/luchtú tarchuir agus an ráiteas um thoilleadh gáis. Áirítear leo sin píblínte gáis, líonraí leictreachais, idirnascóirí agus giniúint nua. Tá ról rí-thábhachtach ag an Rialtas ó thaobh chur i bhfeidhm na gcreatlaí a spreagann agus a éascaíonn infheistíochtaí den sórt sin. Tá an Rialtas, ag teacht le beartas an EU, ag tacú faoi láthair le hidirnasc leictreachais nua idir an Tuaisceart agus an Deisceart agus idir Éire agus an Bhreatain. Leanann tacaíocht an scairshealbhóra freisin do chlár infheistíochta líonra BSL, atá dírithe ar chóras tarchuir agus dáilte na tíre a nuachóiriú. Ó thaobh an ghais de, cuirfidh an phíblíne lena gceanglófar an Tuaisceart agus an Deisceart, a bhfuiltear ag dúil lena críochnú sa bhliain 2006, chomh maith leis an dá idirnascóir (IC agus IC2) agus Píbline na hAlban-Thuaisceart Éireann (SNIP), treisiú faoi shlándáil an tsoláthair don oileán go léir.

Tá ról suntasach chomh maith leis sin ag an infheistíocht i nginiúint cumhachta nua chomh maith le bearta éilimh agus le caomhnú fuinnimh i mbainistiú slándála an tsoláthair.

Todhchaí fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt

Tá tuilleamaí fásmhar an domhain ar bhreoslaí iontaise dobhuanaithe san fhadtéarma agus ní mór dúinn ár n-iompar a athrú. Is féidir é sin a dhéanamh ar roinnt bealaí.

Caithfear tuilleadh béime agus airde a thabhairt ar shaincheisteanna an éilimh a bhainistiú níos fearr. D'éirigh go maith le hÉirinn go dtí seo ó thaobh an nasc idir fás eacnamúil agus fás in éileamh fuinnimh a bhriseadh, ach is féidir go leor eile a dhéanamh agus caithfear é a dhéanamh chuige sin. Mar aon lenár bpáirtithe san EU agus sa Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh, tá Éire tiomanta an ghné sin de bheartas fuinnimh a chur ag barr a cláir oibre. Oibreoidh an Roinn go dlúth le Ranna Rialtais eile agus le gníomhaireachtaí cuí chun ionstraimí beartais in-athnuaite agus ionstraimí níos inbhuanaithe agus comhtháite a fhorbairt. Bainfidh sé sin le réimsí ar nós Threoir na bhFoirgneamh, comhghinúint teasa agus cumhachta (CHP) agus bithbhreoslaí.

Tá plé-cháipéis foilsithe ag an Roinn cheana féin chun an fócas agus an struchtúr thart ar Thaighde agus Forbairt fuinnimh a ghéarú agus táimid tiomanta é sin a chur ar bhonn ceart ionas go n-úsáidfear an oiread buntáistí agus cumais agus is féidir a thiocfaidh ó thaighde chun inbhuaine fuinnimh amach anseo.

Ó thaobh athrú aeráide de, tá an chéim phíolótach de Scéim Trádála Astuithe an EU faoi lánseol anois. Ní dóichí go mairfidh dea-fheidhmiú agus dea-struchtúr na scéime seo. Le céim Khiótó (2008-2012) is ea a fheicfear leibhéal íslithe de liúntais saora agus píonóis níos déine as neamh-chomhall. Tá sé riachtanach, mar sin, go dtabharfadh aonáin a fheidhmíonn san earnáil trádála aghaidh ar na himpleachtaí sin anois. Is ina leith sin a chaithfear earnáil an fhuinnimh a chumasú agus a spreagadh chun a sprioc a bhaint amach sa bhealach is lú costais, ag baint úsáide as na huirlisí ar fad a bheidh ar fáil faoi Phrótacal Khiótó. Cuireann sé sin freisin saincheisteanna tromchúiseacha os comhair an Rialtais ó thaobh na hearnála neamhthrádála a bhainistiú. B'fhéidir go gcaithfí leis seo an tsaincheist a bhaineann le hionstraimí cánach comhshaoil cuí a imscrúdú. Caithfear oibriú le Ranna eile agus le hearnálacha eile lena chinntiú go mbeidh Éire ábalta na spriocanna i bhfad níos déine a shamhlaítear di tar éis na bliana 2012 a shásamh, agus oibriú chun buntáiste iomaíoch a bhaint amach sa réimse sin anois.

Tá ról tábhachtach ag feidhmiúlacht fuinnimh ó thaobh éileamh ar fhuinneamh a laghdú, agus is minic a chuirtear síos air mar an modh is saoire agus is glaine chun an cuspóir a bhaineann leis an éileamh atá ar fhuinneamh san eacnamaíocht a laghdú. Táscaire ginearálta a úsáidtear chun treochtaí for-iomlána feidhmiúlacht fuinnimh a thomhas is ea déine fuinnimh phríomhúil (cóimheas ídithe fuinnimh phríomhúil thar GDP). Idir na blianta 1990 agus 2003 thit déine fuinnimh phríomhúil faoi 33% (3% in aghaidh na bliana)[2] . Áirítear le fachtóirí a chuidigh leis sin feidhmiúlacht teicneolaíochta, rogha breosla agus struchtúr na heacnamaíochta. D'éirigh go maith le hÉire i gcomparáid lenár gcomhghleacaithe san Eoraip mar a bhfuilimid sa dara háit laistiar de Lucsamburg ó thaobh déine fuinnimh deiridh sa tréimhse 1990-1999[3]. [4]Le linn don Roinn a bheith ag cur ráiteas Beartais Fhuinnimh an Rialtais le chéile don tréimhse síos go 2025 agus ag forbairt fhreagra na hÉireann ar thionscnaimh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh[5] agus IEA maidir le feidhmiúlacht fuinnimh, breithneoidh an Roinn spriocanna feidhmiúlachta fuinnimh a leagan síos d'eacnamaíocht na hÉireann: b'fhéidir go bhféadfaí é sin a dhéanamh don oileán trí chéile, i gcomhthéacs chur chuige uile-oileánda maidir le fuinneamh.

Margaí fuinnimh iomaíocha

Ón 19 Feabhra 2005 i leith is ea atá margadh leictreachais na hÉireann oscailte go hiomlán i gcomhair iomaíochta. Tarlóidh an rud céanna i gcás an mhargaidh gháis roimh dheireadh na bliana 2005. Sa dá chás tá sé sin go maith chun cinn ar spriocdháta an AE d'Iúil na bliana 2007 le haghaidh oscailt an mhargaidh. Ina theannta sin, léiríonn scaoileadh na líonraí tarchuir agus dáilte, ag teacht le ceanglais Threoir an AE, eochair-uirlis ó thaobh margaí leictreachais agus gáis oscailte agus iomaíoch a sheachadadh ar mhaithe le tomhaltóirí agus leis an eacnamaíocht náisiúnta.

Ó thaobh praghsála, cé gur tháinig méaduithe móra ar phraghsanna san earnáil fuinnimh, is fachtóirí iad an riachtanas atá ann infheistiú níos mó i mbonneagar líonra fuinnimh, i suíomh tíreolaíochta agus sa tslí ina mbímid ag brath ar bhreoslaí iontaise a mbíonn tionchar mór acu agus a thiteann lasmuigh de scóip na gcoigeartuithe beartais. Is cuid bunriachtanach den aistriú chuig margadh níos liobrálaithe é rialáil neamhspleách a dhéanamh ar phraghsanna úsáide deiridh d'fhuinneamh. Cé go bhfuil an Roinn freagrach as caiteachas caipitil fhor-iomlán a cheadú sna cuideachtaí fuinnimh Stáit, a ghlacann san áireamh, ina measc, leasanna na dtomhaltóirí, leanfaidh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh as a bheith freagrach as praghsanna fuinnimh iomchuí a leagan síos a chinnteoidh seasmhacht fhadtéarmach na margaí leictreachais agus gáis.

Tá moltaí ardleibhéil foilsithe le chéile ag Rialaitheoirí Fuinnimh an Tuaiscirt agus an Deiscirt chun margadh leictreachais aonair a fhorbairt ar oileán na hÉireann (SEM). Tiocfaidh sé sin in áit na socruithe margaidh idirthréimhseacha sealadacha a cuireadh i bhfeidhm anseo sa bhliain 2000. Ina theannta sin, tá sé aontaithe ag an dá oibreoir chórais, Greille Náisiúnta BSL agus ag Oibreoir Córais Thuaisceart Éireann, an tOibreoir Margaidh Aonair a bhunú a bheidh lárnach d'fhorbairt an mhargaidh uile-oileánda.

Cuireann an Roinn fáilte roimh an tionscnamh sin agus creideann sí go léiríonn na moltaí céim mhór chun tosaigh a chruthóidh an timpeallacht cheart chun margadh leictreachais a bheidh iomaíoch i ndáiríre a chruthú. Tá sé mar aidhm ag na moltaí go háirithe iomaíocht agus infheistíocht tráththúil a spreagadh i nginiúint nua agus ba chóir go mbeadh praghsanna iomaíocha mar thoradh orthu a rachaidh chun tairbhe gach custaiméir.

Tá an Roinn tiomanta chun a chinntiú go mbeidh bearta reachtúla riachtanacha mar bhonntaca ag moltaí SEM chun éifeacht a thabhairt don mhargadh uile-oileánda.

---

2 Energy in Ireland 1990-2003. Sustainable Energy Ireland (Energy Policy Statistical Support Unit (EPSSU)) http://www.sei.ie/uploads/documents/upload/publications/Energy_in_Ireland_1990-2003_Final.pdf
3 Energy and the Environment in the European Union, 2002.
4 Energy and the Environment in the European Union, 2002.
5 "Green Paper on Energy Efficiency, or doing more with less" (EU Commission COM(2005)265 final) Meitheamh 2005 http://www.europa.eu.int/comm/energy/efficiency/doc/2005_06_green_paper_text_en.pdf

Bunspriocanna Beartais

•Slándáil an tsoláthair fhuinnimh a chosaint

•Todhchaí fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt

•Margaí fuinnimh a bheidh rialaithe i gceart, feidhmiúl agus iomaíoch a fhorbairt.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

A chinntiú go mbeidh bearta éifeachtacha i bhfeidhm chun slándáil an tsoláthair fhuinnimh a chosaint.

Straitéis Forfheidhmithe

- An chreatlach rialála a fhorbairt lena chinntiú go ndéantar cosaint ar shlándáil an tsoláthair.
- Tacú le cinntí chun idirnasc leictreachais a mhéadú.
- Riachtanais bhonneagair gháis a mheas, agus aird ar an Straitéis Spásúil Náisiúnta agus ar an ról atá ag gás, más ann dó, san fhorbairt réigiúnach.
- Beartas a fhorbairt ar éagsúlacht breosla agus é mar aidhm leictreachas a ghiniúint.
- Cumas an Stáit freagra a thabhairt ar bhristeacha ollmhóra idirnáisiúnta agus náisiúnta i soláthairtí ola fisiciúla a chothabháil.

Táscairí Feidhmíochta

- Cumhacht reachtúil ag an CER déileáil le saincheisteanna slándála soláthair.
- Treoir ag infheistíocht fuinnimh ó Leordhóthanacht Ginúna bliantúil agus Ráiteas Toillidh agus Ráiteas Toillidh Gháis.
- Beartas soiléir maidir le síntí breise a chur leis an líonra gáis.
- Nósanna imeachta pleanála éigeandála i bhfeidhm chun soláthar criticiúil a chothabháil.
- Oibleagáidí IEA a chomhlíonadh go leanúnach maidir le cúltacaí ola náisiúnta a chothabháil.
- An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta a bhunú ar bhonn reachtúil.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Soláthar agus úsáid fuinnimh inbhuanaithe a chinntiú.

Straitéis Forfheidhmithe

- Freagra margaidh a chomhordú chun teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a chur ag obair tríd an nGrúpa Forbartha Fuinnimh In-athnuaite.
- Tacaíocht do SEI ó thaobh a sainordú a chomhlíonadh.
- Conradh feidhmíochta a thabhairt chun críche (agus é a athnuachan go bliantúil) leis an SEI chun cuidiú leo a sainordú a chomhlíonadh.
- Meadú ar eolas staitisticiúil fuinnimh agus anailís níos fearr ar na héifeachtaí eacnamúla agus comhshaoil a bhaineann le táirgeadh agus ídiú fuinnimh.
- Caighdeáin feidhmiúla fuinnimh níos fearr i bhfoirgnimh.
- Clár spriocanna feidhmiúlachta fuinnimh a leagan síos d'eacnamaíocht na hÉireann.

Táscairí Feidhmíochta

- Staitisticí fuinnimh níos cuimsithí a bheith ar fáil don gheilleagar.
- Eacnamaíocht níos feidhmiúla ó thaobh fuinnimh trí chéile.
- Coigiltis fhuinnimh trí spriocanna feidhmiúlachta fuinnimh a bhaint amach.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

A chinntiú go sroichfidh Éire a sprioc 13.2% d'ídiú leictreachais a bheidh le táirgeadh as foinsí fuinnimh in-athnuaite faoin mbliain 2010.

Straitéis Forfheidhmithe

- Táirgeadh leictreachais as foinsí in-athnuaite a chur chun cinn.
- Feidhmiú na mbeart fuinnimh sa Phlean Forbartha Náisiúnta a chinntiú.
- Forbairt réimse teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite iomchuí a chinntiú.

Táscairí Feidhmíochta

- Ar a laghad 13.2% d'Fhuinneamh In-athnuaite a bheith á ídiú sa bhliain 2010.
- Meascán teicneolaíochta in-athnuaite difriúla á n-úsáid agus i mbun oibre in Éirinn.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR

A chinntiú go mbunaítear toilleadh iomchuí náisiúnta le haghaidh taighde, forbairt agus taispeáint fuinnimh (R, D & D) agus go ndéantar cothabháil air chun tacú le beartas fuinnimh náisiúnta sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Straitéis Forfheidhmithe

- Struchtúr a chruthú le haghaidh comhordú náisiúnta láidir agus naisc idirnáisiúnta.
- Acmhainn agus gníomhaíocht taighde reatha ar fhuinneamh baile a fhaire ar bhonn leanúnach.
- Tacú le toilleadh feabhsaithe trí chomhpháirtíochtaí agus bearta caipitil.
- A chinntiú go bhforbraíonn R, D & D fuinnimh ag teacht leis na cuspóirí sa Chreatlach Forbartha Uile-Oileánda.
- Clár uile-oileánda de R&D san earnáil fuinnimh a bhunú agus comhoibriú Thuaidh/Theas agus idir earnálacha poiblí agus príobháideacha a chothú.
- Rannpháirtíocht ghníomhach i bhfóraim taighde agus forbartha ag baile agus ag leibhéal an AE.

Táscaire Feidhmíochta

- Acmhainn R, D & D láidir, bríomhar ailínithe le riachtanais bheartais náisiúnta.

Cuspóir Straitéiseach a CÚIG

Margadh fuinnimh uile-oileánda a sheachadadh.

Straitéis Forfheidhmithe

- Leanúint den obair dhlúth le húdaráis chuí, Thuaidh agus Theas, lena chinntiú go gcomhlíontar na cuspóirí atá leagtha amach i gCreatlach Forbartha an Mhargaidh Fhuinnimh uile-oileánda go léir laistigh de na scálaí ama aitheanta.
- An ghné uile-oileánda a chomhtháthú isteach i ngach gné de phróiseas cinnteoireachta na Roinne maidir leis an earnáil fuinnimh.

Táscaire Feidhmíochta

- Na spriocdhátaí atá leagtha amach sa Chreatlach Uile-Oileánda a chomhlíonadh lena n-áirítear Margadh Leictreachais Aonair a bhunú faoi Iúil na bliana 2007.

Cuspóir Straitéiseach a SÉ

An chreatlach rialála a thabhairt chun críche chun tacú le margaí fuinnimh iomaíocha, feidhmiúla agus a bheidh rialaithe go héifeachtach.

Straitéis Forfheidhmithe

- Moltaí a ullmhú don Rialtas bunaithe ar thoradh athbhreithniú na bliana 2005 ar an earnáil leictreachais.
- Ar an tslí chéanna, páipéar beartais mheántéarmach agus fadtéarmach (2025) a fhorbairt don earnáil fuinnimh.
- Éifeachtacht rialála an tionscail leictreachais agus gáis a láidriú.
- Leanúint d'fhorbairt bearta beartais chun tacú le liobrálú na margaí leictreachais agus gáis a thabhairt chun críche i gcomhthéacs uile-oileánda.
- Leasanna na hÉireann sna caibidlíochtaí ar bhearta an Aontais Eorpaigh chun liobrálú leictreachais agus gáis a fhorbairt a chur chun cinn.

Táscairí Feidhmíochta

- Rogha soláthróra a bheith ag gach tomhaltóir trí mhargaí leictreachais agus gáis uile-oileánda a bheidh liobrálaithe go hiomlán agus a bheidh rialaithe agus struchtúrtha go héifeachtach.
- Oibreoirí Chóras Dáilte agus Tarchuir Díchuachta sna hearnálacha leictreachais agus gáis.

Cuspóir Straitéiseach a SEACHT

Rialachas corparáideach éifeachtach ar na comhlachtaí Stáit fhuinnimh.

Straitéis Forfheidhmithe

- Idirchaidreamh leis na cuideachtaí Stáit fhuinnimh chun a gcuid pleananna corparáideacha agus straitéiseacha a fhorbairt agus a sheachadadh.
- Sainorduithe scairshealbhóra soiléire a fhorbairt agus conarthaí feidhmíochta, de réir mar is cuí, i gcás gach ceann de na cuideachtaí agus gníomhaireachtaí Stáit fhuinnimh.
- BGÉ agus BSL a thiontú ina gcuideachtaí teoranta poiblí.

Táscairí Feidhmíochta

- Cuideachtaí agus gníomhaireachtaí Stáit fhuinnimh a bheith ag comhlíonadh riachtanais rialachais chorparáidigh.
- Pleananna Corparáide/Straitéiseacha agus Conarthaí Feidhmíochta (de réir mar is cuí) a bheith i bhfeidhm i gcás gach cuideachta agus gníomhaireacht Stáit.
- Sainorduithe scairshealbhóra comhaontaithe a bheith i bhfeidhm.
- Reachtaíocht PLC a fhoilsiú do BGÉ agus BSL.

SÁBHÁILTEACHT AGUS COMHSHAOL MUIRÍ

Sábháilteacht Mhara

Is í an Roinn, trí Stiúrthóireacht na Sábháilteachta Muirí agus trí Gharda Cósta na hÉireann, an t-údarás rialála in Éirinn le haghaidh sábháilteacht agus slándáil mhuirí, uiscí muirí agus intíre, agus freagra éigeandála sléibhe agus pluaiseanna. Bíonn sí freagrach freisin as eolas sábháilteachta muirí agus líonraí cumarsáide raidió a sholáthar.

Is é príomhfhócas na Stiúrthóireachta timpistí a chosc trí mheascán iomchuí rialachán agus forfheidhmiú agus feasacht sábháilteachta a mhéadú. Féachann an Garda Cósta, chomh fada agus is féidir, le cosc a chur ar thimpistí ina gcaillfear daoine ar farraige agus in uiscí intíre agus i gceantair eile, trí sheirbhís freagartha éigeandála chuimsitheach. Le trí bliana anuas is ea a thug an Garda Cósta freagra ar 1,700 teagmhas ar an mean, agus tugadh cabhair do bheagnach 6,500 duine. Sa tréimhse chéanna, báthadh, ar an meán, 34 duine trí thimpiste in aghaidh na bliana, agus bhain aon trian díobh sin go díreach le timpistí bádóireachta.

Bíonn tionchar ag forbairtí ag an leibhéal idirnáisiúnta ar an mbeartas agus ar an gcreatlach rialála i gcomhair caighdeáin sábháilteachta, slándála agus comhshaoil ar árthaí a théann ar farraige.

Is ní eochair-inseachadta faoin Ráiteas Straitéise seo an Stiúrthóireacht, an Garda Cósta agus an Oifig Mara Marsantach a thabhairt le chéile mar chomhlacht as féin agus struchtúir eagraíochta nua agus socruithe oibríochta nua a thabhairt isteach. Beidh dílárú na hoifige i nDroichead Átha mar ghné láidir den chlár oibre freisin.

Le linn thréimhse an Ráitis Straitéise seo díreofar go háirithe ar shábháilteacht árthaí iascaireachta a chur chun cinn, cur le réimeas sábháilteachta árthaí paisinéara; dea-chleachtas san earnáil áineasa/chaitheamh aimsire a spreagadh, agus na forálacha reachtúla a chomhlíonadh leis sin, agus bearta a thabhairt isteach chun an chreatlach freagartha éigeandála náisiúnta a threisiú.

An Comhshaol Mara

Tá príomhfhreagracht freisin ar an Roinn an comhshaol mara a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear ullmhacht do theagmhais truaillithe mara agus freagra a thabhairt orthu. Tá freagrachtaí chomh maith leis sin ar Ranna Rialtais agus ar chomhlachtaí Stáit eile maidir leis an gcomhshaol mara. Mar sin is tosaíocht freisin é comhordú éifeachtach a bheith idir gach seirbhís chun comhshaol mara d'ardchaighdeán a chothabháil de réir tagarmharcanna agus caighdeáin idirnáisiúnta.

Mar gheall ar an nádúr idirnáisiúnta a bhaineann le loingseoireacht agus fachtóirí eile a bhaineann leis an gcomhshaol mara is ea a chaithfidh aon ghníomhartha ag an leibhéal náisiúnta teacht leo sin ar tugadh fúthu ag fóram de chuid an AE agus cinn idirnáisiúnta eile. Mar sin, is cuid riachtanach de straitéis na Roinne í rannpháirtíocht a bheith aici le heagraíochtaí cuí agus comhoibriú i réimsí comhleasa le Stáit eile.

Le linn thréimhse an Ráitis Straitéise seo is amhlaidh a leanfaidh an Roinn ag déanamh monatóireachta ar stádas an chomhshaoil mhara, spreagfaidh sí feasacht maidir le saincheisteanna truaillithe mara, tabharfaidh sí aghaidh ar shaincheisteanna bainistíochta dramhaíola calafoirt mar chuid de réimeas nua ar fud an AE a thabhairt isteach chun déileáil leis an dramhaíl a tháirgeann longa agus cuirfidh sí beartais i bhfeidhm chun ábhair núicléacha a iompar go sábháilte ar farraige i gcomhoibriú le Ranna agus le gníomhaireachtaí eile. Foilseoidh an Roinn plean teagmhasachta truaillithe mara náisiúnta agus bunófar coiste comhordaithe agus freagartha truaillithe ola náisiúnta ina mbeidh gníomhaireachtaí agus comhlachtaí a bheidh freagrach as freagra a thabhairt ar thruailliú ola.

Bunspriocanna Beartais

Sábháilteacht Mhuirí

- **Caighdeáin sábháilteachta agus slándála a bhunú, a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, agus dá réir sin chun cosc a chur, chomh fada agus is féidir, ar chaillteanas beatha ar farraige nó in uiscí intíre agus i gceantair eile, agus seirbhísí freagartha éigeandála éifeachtacha a sholáthar.**

An Comhshaol Mara

- **Caighdeán an chomhshaoil mhara a chosaint**

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Struchtúir eagraíochta agus socruithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí sábháilteachta mara comhordaithe agus costas-éifeachtach a sheachadadh.

Straitéis Forfheidhmithe

- Comhoifig na Stiúrthóireachta Sábháilteachta Muirí, an Gharda Cósta agus na hOifige Mara Marsantaí a fhorbairt mar chomhlacht éifeachtúil agus éifeachtach as féin.
- Athbhreithniú ar struchtúir oibríochta agus ar shocruithe seachadta seirbhíse chun dílárú seirbhísí chuig Droichead Átha agus chuig oifigí réigiúnacha eile a phleanáil agus a sheachadadh agus na hionaid comhordaithe tarrthála éigeandála mara a fhorbairt bunaithe ar dhá stáisiún.
- Socruithe cumarsáide agus comhordaithe éifeachtacha a chur chun cinn agus tacú leo idir gach gníomhaireacht Stáit chuí agus grúpaí earnála agus deonacha.
- Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Oibrithe Deonacha Gharda Cósta na hÉireann.

Táscairí Feidhmíochta

- Ceanncheathrú do sheirbhísí freagartha éigeandála agus sábháilteachta muirí a bheidh lonnaithe i nDroichead Átha agus in oifigí réigiúnacha eile a bhunófar agus a chuirfear i mbun oibre go hiomlán.
- Socruithe leibhéal seirbhíse le gníomhaireachtaí Stáit agus deonacha i bhfeidhm le linn na mblianta 2005 agus 2006.
- Seirbhísí suirbhéireachta mara a dhéanamh go leictreonach faoi dheireadh na bliana 2006.
- Leibhéil agus treochtaí i dtaismí mara.
- Plean Chuardach agus Tarrthála Náisiúnta suite.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Cultúr agus feasacht na sábháilteachta mara a fheabhsú ar bhonn leanúnach.

Straitéis Forfheidhmithe

- Feasacht maidir le clár oibre na sábháilteachta muirí a chur chun cinn le grúpaí ardphriacail.
- Úsáid teicneolaíochta ríomh-Rialtais agus na cumarsáide a uasmhéadú ó thaobh eolais sábháilteachta muirí a chur faoi bhráid an phobail.
- Tacú le struchtúir a thugann príomh-ghníomhaireachtaí Stáit agus eagraíochtaí deonacha le chéile chun comhoibriú le seachadadh teachtaireachtaí sábháilteachta chuig an bpobal agus an seachadadh sin a chomhordú.
- Clár oideachais sábháilteachta a fhorbairt a bheidh dírithe ar leanaí atá ag dul ar scoil.
- Leanúint de thabhairt na tacaíochta agus d'fhorbairt na hoiliúna muirí.

Táscairí Feidhmíochta

- Próiseas comhairliúcháin phoiblí a thabhairt chun críche ar Chód Cleachtais do h-árthaí áineasa agus an Cód Cleachtais a fhoilsiú.
- Suirbhé bunlíne a thabhairt chun críche ar dhearcaí maidir le saincheisteanna sábháilteachta muirí ón bpobal tríd is tríd agus spriocghrúpaí atá i mbaol. Déanfar an dara suirbhé dhá bhliain i ndiaidh an tsuirbhé bhunlíne chun an treocht a fháil amach.
- Leibhéil ardaithe feasachta de shábháilteacht mhara trí fhóram comhairliúcháin phoiblí.
- Rochtain idirlíon-bhunaithe níos fearr chuig eolas sábháilteachta agus seirbhísí.
- Clár comhlíonta agus feasachta sleamhnáin agus 'ar farraige' de chuid Gharda Cósta na hÉireann.
- Sprioc-fheachtas feasachta sábháilteachta a bheidh dírithe ar ghrúpaí ardphriacail agus clár oideachais do leanaí scoile.
- Staitisticí ar thimpistí agus ar theagmhais.
- Cúrsaí arna seachadadh ag Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann (NMCI), Coláistí Iascaireachta BIM agus eile a cheadú.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Caighdeáin sábháilteachta baile agus idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Straitéis Forfheidhmithe

- Rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta ag déileáil le saincheisteanna sábháilteachta muirí lena chinntiú go ndéantar ionadaíocht éifeachtach ar leas na hÉireann.
- Ag tacú le caighdeáin agus rialacháin sábháilteachta idirnáisiúnta oiriúnacha a ghlac an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), an tAontas Eorpach (AE), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), an Eagraíocht Hidreagrafach Idirnáisiúnta (IHO), an Chomhdháil Idirnáisiúnta Saothair (ILO) agus eagraíochtaí cuí eile.
- Reachtaíocht sábháilteachta muirí a chur i bhfeidhm.
- Réimeas forfheidhmithe éifeachtach a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglais AE agus baile, lena n-áirítear oibleagáidí Rialú Stáit na gCalafort.
- Comhoibriú dlúth a choinneáil ar shaincheisteanna Thuaidh/Theas tábhachtacha le Ranna agus le gníomhaireachtaí Rialtais eile cuí.

Táscairí Feidhmíochta

- Creatlach rialála sábháilteachta do h-árthaí iascaireachta a fhorbairt.
- Rialacháin nua a thabhairt isteach ar chaighdeáin oiliúna d'oibreoirí bháid agus árthaí paisinéara.
- Clár a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhall na réimeas rialacháin roghnaithe.
- Athbhreithniú ar roghanna seachadta seirbhíse hidreagrafaigh na hÉireann agus iad a sholáthar chun oibleagáidí SOLAS a chomhlíonadh.
- Réimeas sábháilteachta níos fearr agus arthaí a bheidh tógtha níos fearr, deartha níos fearr agus ag obair níos fearr.
- Clár leanúnach bearta sábháilteachta do longa agus calafoirt de réir rialacháin agus bhunú Choiste Monatóireachta Náisiúnta.
- Táscairí dearfacha a thabhairt d'Éirinn ar Thábla Feidhmíochta Bhrat Stáit den Chumann Idirnáisiúnta Loingseoireachta (ICS).

- Ionchúisimh rathúla mar gheall ar neamh-chomhlíonadh rialachán.
- Treocht sa líon timpistí ar árthaí.
- Athbhreithniú ar tháillí agus ar mhuirir a bhaineann an Roinn amach as suirbhéireacht agus seirbhísí eile agus Ordú Táillí athbhreithnithe a chur i bhfeidhm sa bhliain 2006.
- Rialachas corparáideach agus comhairliúchán leis an gCoimisinéir um Shoilse Éireann maidir le háiseanna do shaincheisteanna loingseoireachta.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR

Seirbhísí éigeandála Chuardaigh agus Tarrthála éifeachtacha agus éifeachtúla a chur ar fáil i gcomhshaol na mara agus ar shléibhte agus i bpluaiseanna, agus ar lochanna agus uiscí intíre.

Straitéis Forfheidhmithe

- Seirbhísí Cuardaigh agus Tarrthála éigeandála a sholáthar trí chomhlachtaí poiblí agus deonacha, ag comhordú na seirbhísí sin agus ag comhoibriú le Stáit eile ó thaobh seirbhísí éigeandála a chur ag obair.
- Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar chritéir sholáthair agus clúdaithe i gcás seirbhísí héileacaptair an Gharda Cósta.
- Athbhreithniú ar leathadh réigiún Chuardaigh agus Tarrthála (SAR) na hÉireann chun teacht le Teorainneacha Iascaireachta Eisiacha agus le Limistéar Freagrachta Truaillithe na hÉireann.

Táscairí Feidhmíochta

- Líonraí cumarsáide agus seirbhísí an Gharda Cósta a bheith i bhfeidhm ar fud na tíre (lena n-áirítear i ndáil haibhneacha intíre, lochanna agus uiscebhealaí agus tarrtháil sléibhe agus pluaiseanna).
- Socruithe seachadta na seirbhíse chuardaigh agus tarrthála a bheith i bhfeidhm le gníomhaireachtaí Stáit eile agus le comhlachtaí deonacha.
- Plean ullmhachta, freagartha agus comhoibrithe de chuid an Gharda Cósta a bheith i bhfeidhm agus Plean Cuardaigh agus Tarrthála Náisiúnta ag clúdach gach feidhm de chuid an Gharda Cósta faoi dheireadh na bliana 2005.
- Freagraí ar ghlaonna éigeandála laistigh de na hamanna freagartha atá leagtha amach i 'bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Custaiméirí' na Roinne.
- Treochtaí agus torthaí i dtimpistí mara, intíre, cósta, sléibhe agus i dtimpistí pluaiseanna.
- Conarthaí seirbhíse héileacaptair nua i bhfeidhm faoin mbliain 2006.

Cuspóir Straitéiseach a CÚIG

Caighdeán an chomhshaoil mhara a chosaint trí fhreagra éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar ar theagmhais taismigh, tarrthála agus longbhriste agus de thruailliú na mara ó árthaí agus ó ardáin amach ón gcósta i Limistéar Freagrachta Truaillithe na hÉireann.

Straitéis Forfheidhmithe

- Monatóireacht ar stádas an chomhshaoil mhara de réir chaighdeáin idirnáisiúnta agus ábhartha an AE.
- Rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta chun caighdeáin chomhshaoil mhara iomchuí a leagan síos.
- Feasacht an chomhshaoil mhara a spreagadh le grúpaí ard-riosca cuí.
- Caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm maidir le hullmhacht do thruailliú mara, taismí agus teagmhais tarrthála agus freagra a thabhairt orthu.

- A chinntiú go mbíonn pleananna ullmhachta, freagartha agus comhoibrithe ag gach calafort agus cuan, ag údaráis áitiúla agus ag suiteálacha amach ón gcósta chun déileáil le truailliú.
- Clár faire ón aer a thabhairt isteach chun monatóireacht a dhéanamh ar thruailliú ola.

Táscairí Feidhmíochta

- Anailís ar chaighdeán chomhshaol mara na hÉireann i gcomparáid le tagarmharcanna idirnáisiúnta.
- Treochtaí sa líon glaonna amach chuig teagmhais truaillithe.
- Plean Truaillithe agus Tarrthála Mara Náisiúnta, Plean Ullmhachta, Freagartha agus Comhoibrithe a bheith foilsithe agus i bhfeidhm.
- Plean ullmhachta, freagartha agus comhoibrithe a bheith i bhfeidhm ag calafoirt, cuanta, údaráis áitiúla agus ag suiteálacha ola amach ón gcósta.
- Cleachtais chuí déanta ag gach leibhéal chun tástáil a dhéanamh ar ullmhacht freagartha truaillithe.
- Freagairt éifeachtach agus éifeachtúil ar theagmhais truaillithe agus tarrthála de réir na gcaighdeán atá leagtha amach i bhforálacha de phleananna freagartha éigeandála arna n-aontú go náisiúnta agus go háitiúil.

Cuspóir Straitéiseach a SÉ

Caighdeáin chomhshaoil mhara sa bhaile, san AE agus go hidirnáisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Straitéis Forfheidhmithe

- Ag tacú le caighdeáin agus rialacháin comhshaoil mhara a ghlacadh.
- Reachtaíocht comhshaoil mhara a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.
- Comhoibriú ar shaincheisteanna trasghearrtha (m.sh. OSPAR srl.) le ranna agus le gníomhaireachtaí rialtais iomchuí.
- Rannpháirtíocht i bhforbairt Straitéise nua Mara na hEorpa.
- Athbhreithniú ar cheanglais reachtúla reatha lena chinntiú go bhféadfar ionchúiseamh ar teagmhais truaillithe a tharlaíonn i Limistéar Freagrachta Truaillithe na hÉireann.

Táscairí Feidhmíochta

- Pacáistí "Prestige" agus "Erica" a chur i bhfeidhm arna nglacadh ag leibhéal an AE.
- Beartas náisiúnta a chur i bhfeidhm i gcomhair le ranna agus le gníomhaireachtaí cuí i ndáil le hábhair núicléacha a iompar go sábháilte ar farraige.
- Prótacal Chomhdháil Ullmhachta agus Freagartha Truaillithe Ola (OPRC) sínithe chun Substaintí Guaiseacha agus Díobhálacha (HNS) a chur san áireamh agus éifeacht a thabhairt do chomhdhálacha Idirnáisiúnta eile i ndlí na hÉireann.
- Oiriúint le córais tuairiscithe eolais OSPAR.
- Treochtaí i dteagmhais truaillithe comhshaoil mhara.
- An 'prionsabal go n-íocann an truaillitheoir' a chur i bhfeidhm maidir le teagmhais truaillithe.

IOMPAR MUIRÍ (CALAFOIRT AGUS LOINGEAS)

Calafoirt Tráchtála

Tá calafoirt tráchtála na hÉireann ina n-artairí rí-thábhachtach iompair, agus iompraíonn siad 99% de réir toirte de thrádáil sheachtrach an oileáin. Bhí luach na n-allmhairithe agus na n-onmhairithe sin trí chalafoirt mhara sa Phoblacht ag €120 billiún sa bhliain 2004, i gcomparáid le figiúr de €14 billiún tríd na haerfoirt.

Gníomhaíonn an Roinn thar ceann an Aire mar scairshealbhóir i dtéarmaí rialachais chorparáidigh na gcuideachtaí calafoirt tráchtála atá faoi úinéireacht an Stáit agus tá sí freagrach chomh maith as forbairt beartais i gcás na hearnála calafoirt ar an iomlán.

I mBealtaine na bliana 2003, foilsíodh an tAthbhreithniú Ard-leibhéil de Chalafoirt Tráchtála Stáit faoi na hAchtanna Cuanta 1996 go 2000. Ba é sainchúram an athbreithnithe imscrúdú criticiúil a dhéanamh ar an tsamhail reatha chun na calafoirt tráchtála Stáit a rialú arna mbunú faoi Acht na gCuanta 1996.

Thug an próiseas comhairliúcháin phoiblí a tharla ina dhiaidh sin treoir do ráiteas beartais an Rialtais ar chalafoirt a foilsíodh sa bhliain 2005. Aithníonn an t-athbhreithniú an príomh-dhúshlán do na calafoirt mar sholáthar tráthúil a dhéanamh ar thoilleadh chun freastal ar an eacnamaíocht atá ag fás, go háirithe i dtrádáil aonadaithe. Is tosaíocht straitéiseach ag dul chun cinn é an dúshlán sin a shásamh.

Tabharfaidh an Roinn aghaidh ar na príomhthionscadail a d'aithin na calafoirt tráchtála a bhí riachtanach chun déileáil leis na heasnaimh toillidh a shamhlaítear go dtí an bhliain 2007 agus thairis, lena n-áirítear na foinsí a bheidh maoinithe amach anseo. Rachaidh an Roinn i gcomhairle chomh maith le soláthróirí as an earnáil phríobháideach reatha agus ionchasach maidir leis an dóigh go bhféadfadh baic a bheith ar iontráil chuig earnáil seirbhísí na gcalafort agus ar an gcreatlach is fearr chun infheistíocht ón earnáil phríobháideach a sheachadadh sna calafoirt.

Oibríonn an Roinn go dlúth leis an Roinn Iompair maidir le ceisteanna a bhaineann le beartas iompair, go háirithe ceisteanna a mbíonn éifeacht dhíreach nó neamhdhíreach acu ar sheirbhísí calafoirt.

Mhéadaigh forbairtí a rinneadh ag leibhéal an AE agus idirnáisiúnta, mar shampla, i ndáil le cosaint comhshaoil agus slándáil mhuirí, na dúshláin rialacháin agus oibríochta i gcás na gcalafort. Aithníonn an Roinn go gcaithfear dul i gcomhairle leis na calafoirt maidir le forbairtí sna réimsí sin amach anseo.

Is tosaíocht beartais phoiblí í seachadadh ar bhonneagar éifeachtúil agus iomaíoch chun tacú lenár n-eacnamaíocht oscailte. Baineann baic arda iontrála leis an earnáil calafort mara a thugann cumhacht láidir sa mhargadh d'imreoirí atá ann cheana féin. Bíonn baol ann leis sin go gcruthaítear cleachtais fhrith-iomaíocha, agus bíonn táillí calafoirt níos airde mar thoradh orthu sin, ní a fholaíonn mí-éifeachtúlachtaí bunúsacha ó thaobh seirbhísí calafoirt a sheachadadh. Bíonn an priacal céanna i gceist maidir le soláthróirí seirbhíse san earnáil phríobháideach laistigh de chalafoirt.

D'fhulaing calafoirt riamh as cleachtais sriantacha, go mór mór i gcás láimhseáil lastais. Táthar ag leanúint d'iarrachtaí ag leibhéal an AE chun aghaidh a thabhairt ar Rochtain Margaidh chuig Seirbhísí Calafoirt.

Údaráis na gCuan

Tá feidhmiú leanúnach roinnt mhaith de na cuanta réigiúnacha faoi fhorálacha Acht na gCuanta 1946 dobhuanaithe ar fhorais an dea-rialachais. Tá an Rialtas den tuairim go mbainfeadh formhór na gcuanta sin a gcumas amach trí aistriú chuig úinéireacht údaráis áitiúil nó, sa chás nach mbíonn sé sin indéanta, trína ndíol leis an earnáil phríobháideach. I gcuanta a mbíonn trácht tráchtála mór iontu, breithneofar iad a thabhairt faoi smacht chuideachta calafoirt. Tá an Roinn i mbun idirchaidrimh leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i láthair na huaire ar an bhféidearthacht agus an próiseas chun na cuanta réigiúnacha lena mbaineann a aistriú chuig smacht na n-údarás áitiúla.

An Loingeas

Is léir an tábhacht a bhaineann le dóthain seirbhísí loingis ó thaobh eacnamaíocht an oileáin. Thug earnálacha tráchtála loingis agus muirí, ina bhfuil os cionn 8,000 fostaí, thart ar €1.45 billiún don eacnamaíocht sa bhliain 2004. Tá thart ar 53 árthach tráchtála cláraithe faoi láthair faoi bhrat na hÉireann. Is olliompróirí agus báid fharantóireachta paisinéara/ró-ró iad sin den chuid is mó. Cuireann an earnáil seirbhísí loingis fostaíocht ar fáil i go leor réimsí tacaíochta mar sheachadadh lastais, seirbhísí bróicéireachta agus gníomhaireachta loinge, seirbhísí árachais, airgeadais agus dlí. Is tosaíocht beartais í athnuachan/forbairt an tionscail.

Tá beartas iompair reatha an AE dírithe ar líonra iompair chomhtháite, agus tús áite do loingeas farraige gairid chun bóithre a ghlanadh agus chun tionchair chomhshaoil a íoslaghdú. Leag coincheap Pháipéar Bán an Choimisiúin 'Beartas Iompair na hEorpa don bhliain 2010: tá sé in am cinneadh a dhéanamh' – a thug isteach 'Mótarbhealaí na Farraige' – síos an tábhacht riachtanach a bhí le bealaí loingis fharraige gairide don AE.

Tá Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann lonnaithe ag Rinn an Scidígh i gContae Chorcaí. Is féidir le mic léinn a bhíonn ag tabhairt faoi shlite beatha ar farraige cáilíochtaí nó céim a bhaint amach anois sa choláiste muirí is nua-aimsearthaí san Eoraip. Mar aon le hInstitiúid Staidéar Muirí Idirnáisiúnta Choláiste Náisiúnta na hÉireann (lonnaithe in Ionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, Baile Átha Cliath) cuideoidh an coláiste muirí nua chun Éire a fhorbairt mar togha na háite um ghníomhaíocht mhuirí.

Is í an IMDO (Oifig na hÉireann um Fhorbairt Mhuirí) gníomhaireacht chur chun cinn agus forbartha reachtúil na hearnála, a fheidhmíonn laistigh d'Fhoras na Mara, le treoir ó Shainghrúpa Comhairleach, ar a bhfuil ionadaithe ón earnáil agus ón Roinn.

Tá réimse faoiseamh fioscach tairbheacha ann, le ceadú cúnaimh Stáit an AE, i bhfeidhm don earnáil loingis.

- Aisíoc iomlán ar PRSI an fhostóra (faoi réir ag ceadú cúnaimh Stáit an AE a bhfuiltear a iarraidh faoi láthair),
- Liúntas cánach ioncaim €6,350 sainiúil do lucht mara,
- Cáin tonnáiste ag an ráta comhréidh (malairt ar cháin chorparáide).

Bunspriocanna Beartais

Calafoirt

- **Creatlach a sholáthar chun soláthar bonneagair agus seirbhísí calafoirt atá éifeachtúil, éifeachtach agus leordhóthanach do riachtanais ár ngeilleagair thrádála.**

Údaráis na gCuan

- **Mar a fhoráiltear san Acht Cuanta 1996, chun aistriú úsáidí malartacha a mhaoirsiú faoi smacht áitiúil, ar na cuanta agus calafoirt réigiúnacha sin atá fágtha nach bhfuil mar chuid den chóras iompair náisiúnta muirí i leith trádála agus taistil agus ag an am céanna réimeas rialachais chorparáidigh a chothú san idirthréimhse.**

An Loingeas

- **Fás ghníomhaíocht agus fhostaíocht na hearnála loingis bunaithe in Éirinn a spreagadh.**

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Infhaighteacht na seirbhísí calafoirt tráchtála ar éifeachtach, iomaíoch agus costas-éifeachtach iad a éascú.

Straitéis Forfheidhmithe

- Clár gníomhaíochta agus fráma-ama a ullmhú chun ráiteas beartais chalafoirt an Rialtais a chur i bhfeidhm.
- Creatlach a chur le chéile chun beartais AE a ghlacadh chun rochtain mhargaidh do sholáthróirí seirbhíse calafoirt a liobrálú.
- Feidhmíocht na gcalafort a mheas tríd an bpróiseas rialachais chorparáidigh, gan ualaí neamhriachtanacha a ghearradh orthu.
- Cúrsaí iomaíochta a choinneáil faoi atbhreithniú laistigh de na calafoirt agus idir na calafoirt.
- Cuideachtaí calafoirt a thagarcmharcáil le calafoirt ar aon mhéid agus aon chineál leo go hidirnáisiúnta i dtéarmaí éifeachtúlachta, éifeachtachta agus feidhmíocht airgeadais.

Táscairí Feidhmíochta

- Dul chun cinn ar ráiteas beartais na gcalafort a chur i bhfeidhm in aghaidh an fhráma-ama a leagadh amach sa phlean gníomhaíochta thar an tréimhse síos go dtí an bhliain 2007.
- Treochtaí in athruithe ar chalafoirt, costais láimhdeachais, brabúsacht, úsáid sócmhainní agus rátaí torthaí.
- Ceanglais reachtúla atá leagtha síos ag na hAchtanna Cuanta a chomhlíonadh.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Bonneagar leordhóthanach agus tráthúil a chinntiú ag calafoirt le go mbeidh siad in ann fás um thréchur a láimhseáil agus seirbhísí iomaíocha a éascú do longa agus d'earraí ag teacht le measúnachtaí ar chumas na gcalafort náisiúnta síos go dtí an bhliain 2014.

Straitéis Forfheidhmithe

- Measúnacht leanúnach ar bheartais chun acmhainn bhreise a sholáthar in am ag teacht le riachtanais náisiúnta agus réigiúnacha.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar an dtacaíocht atá ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta le haghaidh riachtanais straitéiseach agus riachtanais bonneagair chalafoirt mhara eile nach iad.
- Féachaint lena chinntiú go mbíonn cuideachtaí calafoirt in ann infheistíocht chaipitil a mhealladh.
- Aon deiseanna maoinithe bonneagair a chuireann tionscnamh mótarbhealaí AE na farraige i láthair mar chuid den Líonra Iompair Thras-Eorpach a éascú.
- Idirbheartaíocht a dhéanamh trí mhaoiniú Stáit a chur ar fáil, nuair is cuí, lena chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainne in am ar fáil.

Táscairí Feidhmíochta

- Dóthain bonneagair agus acmhainn calafoirt chun freastal ar phaisinéirí trádála agus mara.
- Clár infheistíochta calafoirt mara an NDP a thabhairt chun críche.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Comhordú agus comhtháthú an iompair mhuirí a éascú laistigh den slabhra iompair iomlán.

Straitéis Forfheidhmithe

- Cumarsáid agus comhoibriú tras-rannach maidir le pleanáil iompair agus an straitéis spásúil.
- Cainteanna struchtúrtha le cuideachtaí calafoirt agus le comhlachtaí ionadaíocha tionscail.

Táscaire Feidhmíochta

- Comhordú beartais iompair agus éifeachtúlacht idirmhodúlach an tslabhra iompair.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR

An chreatlach straitéiseach forbartha ghinearálta do chalafoirt agus do chuanta réigiúnacha Stáit a chur i bhfeidhm trí úinéireacht a aistriú chuig cuideachtaí calafoirt nó údaráis áitiúla.

Straitéis Forfheidhmithe

- Dul chun cinn a dhéanamh ar bheartas aistrithe na gcalafort agus na gcuanta réigiúnacha chuig cuideachtaí calafoirt nó údaráis áitiúla.
- Rialachas corparáideach a choinneáil ar údaráis na gcuanta de réir Acht Cuanta 1946.
- Maoiniú atá ar fáil a infheistiú in oibreacha sábháilteachta riachtanacha ag cuanta réigiúnacha.
- An bhaint a bhíonn ag údaráis áitiúla le haistriú na gcuanta réigiúnacha beaga chuig smacht áitiúil a spreagadh agus a éascú, i gcomhair leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.
- Úinéireacht chuig cuideachtaí calafoirt a athrú de réir mar is cuí.

Táscaire Feidhmíochta

- Faoi dheireadh na bliana 2007, glacfar le cinntí ar aistriú gach Údarás Cuain atá ag feidhmiú faoin Acht Cuanta 1946 chuig úinéireacht nua.

Cuspóir Straitéiseach a CÚIG

Úinéireacht/bainistíocht loinge bunaithe in Éirinn a chothabháil agus a mhéadú.

Straitéis Forfheidhmithe

- Réimeas fioscach tairbheach cuí a chothabháil/fhorbairt i gcás úinéirí agus oibreoirí loinge.
- Tacú le cur chun cinn/margaíocht IMDO an tionscail.
- Rannpháirtíocht in athbhreithniú ar reachtaíocht chláraithe loinge.

Táscaire Feidhmíochta

- Méadú i ngníomhaíocht na hearnála loingis bunaithe in Éirinn faoi 5% in aghaidh na bliana.

Cuspóir Straitéiseach a SÉ

Timpeallacht a chothú ina dtugtar tacaíocht d'fhostaíocht in earnáil mhuirí chladaigh agus muirí na hÉireann.

Straitéis Forfheidhmithe

- Tacú le cur chun cinn/margaíocht IMDO an tionscail.
- Féachaint, mar aon leis an IMDO, le deiseanna AE maoinithe a fháil do sheirbhísí/shaoráidí nua.
- Réimeas fioscach cuí a chothabháil/fhorbairt d'earnáil seirbhísí loingis agus loingeas na hÉireann.
- Cur chun cinn IMDO ar oideachas/shlite beatha muirí.
- Deiseanna forbartha a phlé leis an gColáiste Náisiúnta Muirí.
- An réimeas cúnaimh Stáit a athbhreithniú.

Táscairí Feidhmíochta

- Forbairt ar fhostaíocht in earnáil seirbhísí loingis agus muirí na hÉireann.
- Tacuithe oiliúna freagartha/solúbtha a bheith i bhfeidhm.
- Deiseanna feabhsaithe do cháilíochtaí gairmiúla san earnáil.

BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ MARA

Earnáil an Bhia Mhara

Réamhrá

Lonnaithe den chuid is mó ar Chósta an Iarthair agus an Deiscirt, is ionann earnáil an bhia mhara agus na tionscail maraithe, próiseála agus uisceshaothraithe. Cuimsíonn an earnáil an chabhlach iascaireachta mara (2000 árthach ag marú 260,000 tonna éisc in aghaidh na bliana), an tionscal uisceshaothraithe (697 suíomh táirgiúlachta ceadúnaithe), an tionscal próiseála bia mara (215 áitreabh próiseála bia mara, 69 áitreabh láimhseála sliogéisc) agus tacaíocht theicniúil, tionscal margaíochta/onnmhairithe, miondíola agus soláthair. Tá an earnáil bunaithe ar acmhainní dúchasacha in-athnuaite a leanfaidh ar aghaidh, má dhéantar bainistiú agus caomhnú inbhuanaithe orthu, ag tabhairt fostaíochta agus deiseanna forbartha i gceantair imeallacha cósta agus oileánda, áit nach bhfuil ach líon beag roghanna eacnamaíochta ann i ndáiríre. Is ionann luach an bhia mhara ag an bpointe deiridh díolacháin a dhíoltar in Éirinn nó a onnmhairítear as Éirinn agus beagnach €700m sa bhliain. Meastar go bhfuil earnáil an bhia mhara freagrach as 15,000 post go díreach agus neamhdhíreach sna tionscail mharaithe, próiseála agus uisceshaothraithe. Is earnáil nideoige í an earnáil, ag cruthú saibhris go príomha i gceantair ina gcruthaítear beagán saibhris phríomhúil eile, le hiolraitheoir ard ag an saibhreas a chruthaítear in eacnamaíochtaí áitiúla. Luíonn fás san earnáil bia mara isteach leis na straitéisí forbartha spásúla agus réigiúnacha náisiúnta agus tá cumas forbartha láidir ag baint léi mar chuid de thionscal bia náisiúnta breis luacha d'ardchaighdeán.

Cabhlach Iascaigh agus Próiseáil

Tá earnáil an Bhia Mhara ag dul trí thréimhse athruithe móra. Tá stoic éisc faoi bhrú mór. Le bainistíocht inbhuanaithe is féidir iad a atógáil. Faoi réir ag beartais chaomhnaithe éifeachtacha agus forfheidhmithe, níl aon chúis ann nach gcoinneodh Éire a tionscal bia mara agus é a fhorbairt. Tá struchtúr agus feidhmiú an chabhlaigh iascaigh ag dul trí phróiseas claochleithe, á stiúradh ag an bhfáil níos lú ar acmhainní, ag costais fhuinnimh arda agus ag athruithe sa mhargadh saothair. Teastaíonn bainistíocht sa mheántéarma ón gclaochlú sin lena chinntiú go mbíonn cabhlach éisc ghil nua-aimseartha inmharthana sábháilte iomaíoch brabúsach i bhfeidhm. Teastaíonn beartais chomhtháite i gcás bainistíocht cabhlaigh agus acmhainne lena chinntiú go ndírítear ar an bpróiseas cuíchóirithe cabhlaigh agus go mbeidh tionchair réigiúnacha, eacnamúla agus sóisialta cothroma mar thoradh air. Caithfidh an tionscal próiseála dul suas an slabhra luacha, le taighde agus forbairt táirge níos fearr agus fócas níos mó ar mhargaí d'ardluach. Teastaíonn infheistíocht ón earnáil phríobháideach agus phoiblí sa mheántéarma lena chinntiú go dtéann an earnáil próiseála agus cabhlaigh in oiriúint chun freastal ar an dúshlán inmharthanachta agus inbhuaine.

Forbairt Bonneagair

Tá scóip mhór ann chun gníomhaíocht iascaireachta a mhéadú lasmuigh de chuanta iascaireachta na hÉireann trí leas a bhaint as an mbuntáiste iomaíoch tíreolaíoch atá againn. De réir mar a mhéadaíonn costais fhuinnimh is amhlaidh a chaithfidh tionscal iascaireachta an domhain an patrún atá acu achair fhada a thaisteal chun dul ag iascaireacht amach ó Éirinn a athrú. Tá an deis ann buntaiste a bhaint as suímh agus cion i bhfad níos mó den mhéid tabhairt-i-dtír an AE agus de ghníomhaíocht le sruth a mhealladh trí chalafoirt iascaireachta na hÉireann. Áirítear leo sin speicis pheiligeacha a thagann chuig an Iarthuaisceart as árthaí Albanacha agus as an Iorua agus iasc geal a thagann chuig an iarthar agus an iardheisceart ón Ríocht Aontaithe, agus as árthaí Francacha agus Spáinneacha. Caithfimid freisin a chinntiú go mealltar tabhairt-i-dtír as cabhlach soghluaiste na hÉireann atá ag dul i méid ar ais go hÉirinn chun próiseála agus breisluacha seachas iad a bheith ag dul áit éigin eile. Díríonn sé sin ar an riachtanas go mbeadh ionaid tacaíochta

tionscal an bhia mhara comhtháite ann le bonneagair cuain mhaith, struchtúir cheannacháin iomaíocha agus seirbhísí loighistice ag na lárionaid chuanta iascaigh. Ní mór straitéisí ceannacháin agus margaíochta a fhorbairt chomh maith chun na tuirlingtí breise ó shoithí a fheidhmíonn amach ó chósta na hÉireann a mhealladh. Díreofar ar an luach breise ó sheirbhísí soláthair/tacaíochta do na hárthaí sin agus an méid a mharaíonn na hárthaí sin a phróiseáil. Leis sin freisin bheadh seasamh níos tábhachtaí ag Éirinn ó thaobh bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar ghníomhaíocht iascaireachta na hárthaí sin más féidir líon níos mó de thabhairt-i-dtír árthaí den sórt sin a mhealladh.

Príomhchuspóir beartais mar sin is ea an bonneagar, éifeachtúlacht feidhmithe agus réimse soláthair agus seirbhísí tacaíochta a fhorbairt ag na cúig Lárionad Cuanta Iascaigh agus ag cuanta iascaigh thábhachtacha eile féachaint leis na leibhéil ghníomhaíochta agus torthaí eacnamaíochta ó na saoráidí sin a uasmhéadú. Sa chás sin, beidh lárionaid chuanta iascaigh ina stiúrthóirí ar fhorbairt eacnamúil ina gcuid limistéar cósta. Tá an cur chuige comhtháite sin maidir leis an tréchur soláthair a uasmhéadú trí na cuanta iascaigh riachtanach do thionscal próiseála na hÉireann agus do thionscail tacaíochta cabhlaigh.

An Margadh Bia Mara

Díoltar 85% d'onnmhairí na hÉireann laistigh den Aontas Eorpach. Braitheann dhá dtrian de mhargadh an AE ar allmhairí agus tá an t-éileamh atá ar bhia mara ón AE ag dul i méid go leanúnach. Gné nach ionann le go leor táirgí talamhbhia, déantar idirbheartú ar thrádáil bia mara laistigh agus lasmuigh den AE, den chuid is mó, ag praghsanna an mhargaidh dhomhanda gan aon tacuithe onnmhairithe ón AE.

Mar thoradh ar mhéadú is ea atá margadh leathnaithe tagtha chun cinn i gcás bia mara le féindóthain measta chomh híseal le 36% le hallmhairí tríú tíortha ag soláthar an fhuílligh. Tá margadh níos mó ann do bhia mara úr agus fuaraithe i bhfoirm áisiúil. Is é an dúshlán a bheidh ag earnáil na hÉireann (go speisialta sna hearnálacha sliogéisc, éisc ghil agus uisceshaothraithe) ná táirgí a dhifreálú ar bhonn caighdeáin, áise agus stádas comhshaoil i gcás tomhaltóirí léirthuisceanacha.

Inbhuaine, Rialáil agus Athstruchtúrú an Chabhlaigh

Tugann measúnú eolaíoch a rinneadh ar staid na stoc éisc go mbeidh srian ar chuótaí an AE i gcónaí nó go dtiocfaidh laghdú breise orthu sa mheántéarma. Is dóigh go mbeidh an dúshlán caomhnaithe i gceist go mór ar Chlár Oibre an Chomhbheartais Iascaigh síos go dtí an bhliain 2007. Beidh srian toirte ar an tionscal i dtéarmaí aschuir thar an tréimhse. Tá tábhacht mhór le beartais chaomhnaithe ó thaobh todhchaí meántéarmach an tionscail a thabhairt slán. Tugann an t-éileamh ar iasc atá ag méadú chomh maith le srianta soláthair le fios go bhfanfaidh margaí an éisc ghil láidir go leor. Ag glacadh leis go mbeidh cumas agus acmhainní cothrom agus go socróidh costais bhreosla go hiarbhír, tá an cumas ann fós go mbeidh an iascaireacht brabúsach, laistigh de na srianta rialála riachtanacha. Ciallaíonn tabhairt isteach árthaí atá níos fearr go teicniúil agus níos iomaíche agus níos sábháilte go dteastóidh pá níos airde ó úinéirí chun freastal ar chostais oibríochta níos airde ar an iomlán. Mar gheall air sin agus beartais chaomhnaithe leanúnacha, is dóigh go ndéanfar cuíchóiriú ar arthaí éisc ghil níos sine sa chabhlach thar an tréimhse. Tá an baol ann go mbeidh srian toirte freisin i gcónaí ar dheiseanna iascaireachta don chabhlach peiligeach ach b'fhéidir go mbeadh tionchar maith ag praghsanna arda leanúnacha ar inmharthanacht. Baineann na príomhdhúshláin agus muid ag dul ar aghaidh le gníomhaíocht iascaireachta a rialú lena chinntiú go ndéantar stoic pheiligeacha a chaomhnú le luach-breise ó ghníomhaíocht próiseála peiligeach na hÉireann. Chuirfeadh breisluach breise mar sin leis an gcumas chun tuirlingtí a mhealladh agus fostaíocht bunaithe in Éirinn a shlánú agus saibhreas a chruthú ón tionscal peiligeach.

Tá rialáil chothrom, thrédhearcach agus éifeachtach tábhachtach ionas go n-éireoidh leis an tionscal sa mheántéarma. Faoin Acht Iascach (Leasú) 2003, aistríodh feidhmeanna cheadúnú báid iascaireachta-farraige agus clárú ón Aire go dtí an tÚdarás Ceadúnaithe do Bháid Iascaireachta Farraige a fheidhmíonn ar bhonn neamhspleách

faoi réir ag critéir atá leagtha amach san Acht, lena n-áirítear beartas ceadúnaithe foilsithe de chuid an Aire. Is é an tÚdarás Ceadúnaithe a thugann ceadúnais agus a chláraíonn báid iascaireachta farraige de réir an bheartais sin agus cinntíonn sé go gcomhlíontar teorainneacha acmhainne cabhlaigh iascaireachta agus ceanglais tuairiscithe atá cinnte ag an AE. Is é luach margaidh mheasta na hacmhainne cabhlaigh atá á bhainistiú ag an Údarás Ceadúnaithe ná €500 milliún. Déanfar dul chun cinn ar shoiléiriú breise agus scaradh reachtúil a dhéanamh ar bheartas ó fheidhmeanna feidhmiúcháin/rialála sa mheántéarma.

Iascaigh Chladaigh

Táthar ag forbairt straitéisí sainiúla chun an earnáil chladaigh a chaomhnú agus a bhainistiú agus tá baint ag BIM agus ag na himreoirí san earnáil leis sin. Tá an Scéim chun Báid Iascaigh Potaí Traidisiúnta a Cheadúnú ag na céimeanna deiridh forfheidhmithe faoi láthair. Táthar ag tabhairt moltaí chun tosaigh le haghaidh líonra 'Coistí Comhairleacha Áitiúla d'Iascaigh Chladaigh' chun pleananna bainistíochta áitiúla a fhorbairt don earnáil chladaigh.

Uisceshaothrú

Le táirgeadh feirme domhanda anois ag beagnach 42 milliún tonna, measann an FAO faoin mbliain 2030 go soláthróidh uisceshaothrú os cionn leath den iasc ar fad a ithfear ar fud an domhain. Is é an dúshlán a bheidh roimh earnáil uisceshaothraithe na hÉireann ná leas a bhaint as na deiseanna a chuireann treochtaí domhanda os a comhair. Tá an tionscal uisceshaothraithe sliogéisc ag forbairt táirgí breisluacha a dhíoltar i siopaí ardluacha i margaí an AE. Is cuideachtaí samhlacha iad na hoibríochtaí uisceshaothraithe sliogéisc sin ó thaobh breisluacha sa tionscal bia a fhaigheann cúnamh ó chóras monatóireachta bitocsaine atá á riaradh ag an Stát.

Tá poitéinseal forbartha mór ag uisceshaothrú na hÉireann chun leas a bhaint as éileamh láidir na hEorpa agus an domhain. Soláthraíonn an earnáil uisceshaothraithe foinse chobhsaí amhábhair don earnáil próiseála. Tá fás tobann tagtha ar an earnáil le deich mbliana anuas agus léiríonn sí 30% de luach iomlán aschur Bhia Mara na hÉireann.

Tháinig meath ar tháirgiúlacht san earnáil feirmeoireachta bradán sa bhliain 2003 agus sa bhliain 2004. Tharla sé sin mar gheall ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear ceisteanna sláinte a bhain leis an iasc, allmhairí faoi chostas chuig an Aontas Eorpach agus an tionchar a bhí ag eachtraí mortlaíochta aonair. Táthar ag forchéimniú freagra comhtháite ón AE, ón Roinn, ón tionscal agus ó ghníomhaireachtaí Stáit.

Is iad na príomhdhúshláin atá ann don earnáil uisceshaothraithe ná toirt chriticiúil a bhaint amach i dtáirgiúlacht chun dul in iomaíocht ar mhargaí idirnáisiúnta, éagsúlú i speicis nua agus dea-chleachtas a bhaint amach ag teacht le treoirlínte comhshaoil agus caighdeáin dearbhaithe cáilíochta. Tá obair mhór déanta ar chláir thacaíochta infheistíochta chun tacú le baint amach na gcuspóirí sin. Tacóidh leathnú aschuir uisceshaothraithe phríomhúil le forbairt táirgí bia mara ardluacha don mhargadh onnmhairithe.

Bunsprioc Beartais

Rannchur earnáil an bhia mhara le geilleagar réigiúin an chósta a uasmhéadú.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Beartais náisiúnta a chur i bhfeidhm, arna n-idirbheartú laistigh den chreatlach CFP, a thacaíonn le tionscal iascaigh inbhuanaithe fadtéarmach do phobail chósta na hÉireann.

Straitéis Forfheidhmithe

- Oibriú go dlúth leis an tionscal, eochair-thosaíochtaí d'Éirinn a phlé ó thaobh fhorbairt an Chomhbheartais Iascaigh sa tréimhse síos go dtí an bhliain 2007.

- Ionadaíocht éifeachtach a dhéanamh ar leasanna na hÉireann i gcainteanna iascaireachta ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal idirnáisiúnta.

Táscairí Feidhmíochta

- Deiseanna iascaireachta ar fáil d'earnáil gallaigh na hÉireann.
- Treochtaí i dtoirt agus i luach na dtabhairt-i-dtír.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Forbairt inbhuanaithe ar earnáil an bhia mhara a chur chun cinn.

Straitéis Forfheidhmithe

- Cláir infheistíochta éifeachtach a chur i bhfeidhm faoin NDP don earnáil bia mara ag clúdú tacaíocht don earnáil gallaigh, uisceshaothraithe, margaíochta, próiseála agus oiliúna.
- Eochair-thosaíochtaí d'Éirinn a phlé faoi Chiste Iascaigh na hEorpa agus maoiniú cuí a fháil don tréimhse idir na blianta 2007-2013.
- Oibriú le BIM chun Straitéisí Forbartha Bia Mara a chur i bhfeidhm.
- Straitéis fhadtéarmach a thabhairt chun críche le haghaidh fhorbairt inbhuanaithe an chabhlaigh éisc ghil atá againn. Beartais forbartha agus bainistíochta inbhuanaithe a fhorchéimniú i gcás iascaigh chladaigh.

Táscairí Feidhmíochta

- Treochtaí in aschuir agus in onnmhairí san earnáil bia mara (toirt agus luach).
- Treochtaí i bhfostaíocht.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Cur le caomhnú stoc éisc trí chórais bhainistíochta iascaireachta éifeachtacha.

Straitéis Forfheidhmithe

- Athchóiriú comhordaithe ar acmhainní cosanta iascaigh an Stáit.
- Úsáide a bhaint as an gComhaontú um Leibhéal Seirbhíse idir an DCMNR agus an Roinn Cosanta chun Seirbhísí Cosanta Iascaigh Fharraige a sholáthar ón Roinn, ón tSeirbhís Chabhlaigh agus ón Aerchór.
- Teicneolaíochtaí nua a chur ag obair chun éifeachtúlacht a thabhairt don iarracht smachtaithe trí mhonatóireacht uathoibríoch ar shonraí forfheidhmithe agus trí eolas a mhalartú idir gníomhaireachtaí smachtaithe.
- Beartais bhainistíochta cuóta a chur i bhfeidhm a bhaineann leas as úsáid cuótaí agus scaipeadh cothrom a dhéanamh ar dheiseanna iascaireachta.
- Struchtúr comhtháite a chruthú d'Fhorfheidhmiú Iascaigh sna calafoirt.
- Bunachair shonraí staitisticiúla éifeachtacha a choinneáil de ghníomhaíochtaí iascaireachta.

Táscairí Feidhmíochta

- Próifílí staitisiciúla de ghníomhaíochtaí cigireachta agus torthaí na n-oibríochtaí smachtaithe sin.
- Torthaí Iniúchadh an Choimisiúin Eorpaigh i ndiaidh misiúin iniúchta go hÉireann.
- Rátaí úsáide cuótaí.
- Tuairisc Clárscórála Comhlíonadh Choimisiún AE.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR

A chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí rialála an Stáit atá ag méadú go leanúnach faoi dhlí na hEorpa maidir le rialú iascaigh.

Straitéis Forfheidhmithe

- Úsáid a bhaint as an gcóras IFIS a forbraíodh le déanaí chun staitisticí iascaigh a thaifeadadh.
- Naisc tharchurtha sonraí a fhorbairt idir oifigí lárnacha agus réigiúnacha.

Táscairí Feidhmíochta

- Tuairiscí tráthúla agus cruinne a éascaíonn an chinnteoireacht éifeachtach maidir le réimis bhainistíochta iascaigh.
- Tuairisc Clárscórála Comhlíonadh Choimisiún AE.

Cuspóir Straitéiseach a CÚIG

Socraíochtaí ceadúnais agus clárúcháin atá trédhearcach, cothrom agus cairdiúil a chur ar fáil do bháid iascaireachta farraige agus a chinntiú go gcomhlíontar teorainneacha acmhainne cabhlaigh iascaireachta atá cinnte ag an AE agus ceanglais tuairiscithe.

Straitéis Forfheidhmithe

- Beartas ar cheadúnú agus ar chlárú báid iascaireachta-farraige a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbeidh socraíochtaí éifeachtacha ann chun iarratais a phróiseáil go tráthúil.

Táscaire Feidhmíochta

- Am a ghlacadh chun iarratais ar cheadúnais agus ar chlárú báid iascaireachta-farraige a phróiseáil.

Bainistíocht Chris an Chósta, Seirbhísí Bonneagair agus Innealtóireachta

Tá cónaí ar bheagnach dhá dtrian de dhaonra na hÉireann (63%) laistigh de 10 gcileaméadar ón gcósta faoi láthair agus táthar ag súil go leanfaidh an daonra sin ag fás. Mar gheall air sin agus an réimse gníomhaíochtaí méadaithe ag tarlú sa chrios cósta mara, táthar ag súil go gcruthófar ceanglais leanúnacha chun bainistíocht agus rialú chrios an chósta a fheabhsú.

Tugann staidéir le fios go bhfuil thart ar 27% den chósta náisiúnta i mbaol ag creimeadh cósta. Tá riachtanas leanúnach ann teicneolaíocht nua-aimseartha a úsáid chun na rioscaí a bhaineann le creimeadh cósta a mhapáil go cruinn, a chainníochtú agus a bhainistiú.

Is gnéithe lárnacha de bhainistiú an chreasa chósta mhara é uisceshaothrú a cheadúnú agus a rialú, agus forbairt urthrá agus dumpáil ar farraige a smachtú. Is é an ról a bheidh ag an bpróiseas rialála a chinntiú go mbeidh aon fhorbairt ar an tionscal bunaithe ar thionscadail inbhuanaithe, go mbeidh siad lonnaithe go cuí agus go bhfeidhmeofar iad de réir na gcaighdeán ard a bhaineann le cosaint comhshaoil agus éiceolaíochta.

Tá réimse gníomhaíochtaí eacnamaíochta tábhachtacha eile san urthrá, chomh maith le bonneagar poiblí agus úsáidí áineasa. Tá brúnna móra forbartha feicthe ag limistéir urthrá le scaitheamh anuas. In aghaidh an chúlra sin, caithfidh na próisis rialála faoi na hAchtanna um Urthrá féachaint chuige go sroichtear cothromaíocht cheart idir éilimh iomaíochta ar acmhainn urthrá an Stáit agus idir riachtanais fhorbartha agus tosaíochtaí caomhnaithe.

Tá riachtanas ann chomh maith an dlí a bhaineann le bainistíocht urthrá a shruthlíniú agus a nuashonrú a ghlacann na cúinsí athraithe san áireamh, as straitéisí agus próisis a fhorbairt a thacaíonn le cur chuige níos comhtháite agus níos comhordaithe maidir le crios an chósta a phleanáil agus a bhainistiú. Tá poitéinseal áirithe sa réimse sin ag an gcoincheap forbartha a bhaineann le pleanáil spásúil mara amach anseo. Forchéimneofar obair sa réimse deiridh sin ag glacadh san áireamh Moladh an AE um Bainistíocht Chrios an Chósta Chomhtháite.

Tá dumpáil ar farraige teoranta den chuid is mó anois do dhumpáil dreidireachta. Is í an aidhm a bhainfidh le riaradh na nAchtanna um Dhumpáil ar Farraige 1996 agus 2004 a chinntiú nach gceadaítear dumpáil den sórt sin ach amháin nuair a mheastar go bhfuil an t-ábhar oiriúnach le diúscairt ar farraige, nach bhfuil aon mhalairt oiriúnach chun an t-ábhar a dhiúscairt ná a úsáid, agus go dtarlaíonn aon dumpáil a cheadaítear ag suíomh, agus faoi réir ag téarmaí agus ag coinníollacha, a uaslaghdaíonn tionchair chomhshaoil.

Is é an Stát a thugann faoi fhormhór obair innealtóireachta nó tugtar faoi ar mhaoin de chuid an Stáit. Soláthraíonn an Rannóg Innealtóireachta seirbhís chomhairleach agus deartha agus tógála ar gach gné d'innealtóireacht mhara, cuanta iascaigh agus cosaint cósta agus feidhm chomhairleach agus chigireachta ar fhorbairtí chrios an chósta agus ar iascaigh intíre. Mar thoradh ar leathnú a rinneadh ar an gClár Forbartha Cuan Iascaigh, ar an gClár Cosanta Cósta, agus ar fhorbairtí urthrá tríd is tríd agus ar an tionscal uisceshaothraithe is ea atá éileamh níos mó ar sheirbhísí na Rannóige. Déanfar forbairt ar straitéis náisiúnta taighde-bhunaithe chun na rioscaí a thagann ó chreimeadh cósta mór agus ó thuilte cósta a bhainistiú. Le tabhairt chun críche na Straitéise náisiúnta seo beifear in ann cinntí eolasacha a dhéanamh ar leithdháileadh acmhainní agus bearta comhbhainteacha chun aghaidh a thabhairt ar chreimeadh cósta agus ar thuilte cósta.

Bunsprioc Beartais

Tacaíocht a thabhairt d'úsáid inbhuanaithe agus d'fhorbairt chríoch mara na hÉireann agus í a bhainistiú.

Cuspóir Straitéiseach a hAON (Uisceshaothrú)

Rialú éifeachtach agus éifeachtúil ar uisceshaothrú a chinntiú, sa chaoi go mbeidh forbairt na hearnála ar bhonn inbhuanaithe agus de réir ardchaighdeáin do chosaint an chomhshaoil.

Straitéis Forfheidhmithe

- Feidhmiú tráthúil agus éifeachtach ar phróisis cheadúnaithe uisceshaothraithe faoi na hAchtanna Iascaigh.
- Forbairt leanúnach ar na próisis chun uisceshaothrú ceadúnaithe a fhaire agus a rialú.
- Feidhmiú leanúnach, i gcomhar le Foras na Mara, ar an gclár chun leibhéil mhíolta mara a laghdú ag feirmeacha eití mara.
- Feidhmiú Treoir Uiscí Sliogéisc an AE (79/923) a thabhairt chun críche, i ndáil le limistéir ainmnithe cheana féin agus limistéir bhreise a bheidh le hainmniú.

Táscairí Feidhmíochta

- Cinntí aireachta ar iarratais cheadúnais laistigh de shé mhí go ginearálta, agus ocht mí i gcás cásanna níos casta, ar an gcoinníoll go soláthraítear gach eolas riachtanach ar bhonn tráthúil agus nach gcuireann gnéithe ceadúnaithe eile moill ar chúrsaí.
- Nósanna imeachta iar-cheadúnaithe feabhsaithe chun oibríochtaí uisceshaothraithe a fhaire, a imscrúdú agus a mhaoirsiú, agus leibhéil arda comhlíonta le coinníollacha ceadúnais mar thoradh air.
- Leibhéil mhíolta arna dtaifeadadh ag feirmeacha éisc ag clár monatóireachta Fhoras na Mara.
- Pleananna gníomhaíochta do limistéir ainmnithe cheana faoin Treoir Uiscí Sliogéisc tugtha chun críche le linn na bliana 2005. Breis limistéar ainmnithe agus pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm freisin faoi dheireadh na bliana 2005.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ (Urthrá)

Rialú éifeachtach agus éifeachtúil ar urthrá a chinntiú ar mhaithe lena forbairt inbhuanaithe agus chun toradh cothrom tráchtála a fháil ó eastát urthrá an Stáit.

Straitéis Forfheidhmithe

- Feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil ar phróisis údaraithe (.i. léasú, ceadúnú agus toiliú) faoi na hAchtanna Urthrá, agus rannpháirtíocht éifeachtach mar chomhairleoir reachtúil maidir le forbairt údaráis áitiúil arna clúdach ag Cuid XV den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.
- Na hAchtanna Urthrá a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú, ag glacadh san áireamh, i measc eile, an riachtanas cur chuige níos comhtháite agus níos comhordaithe ó thaobh limistéir chósta a bhainistiú.
- Treoirlínte beartais a ullmhú nó a nuashonrú ar úsáidí sainiúla atá leis an gcrios cósta.

Táscairí Feidhmíochta

- Cinntí ar iarratais straitéiseacha/tosaíochta laistigh de cheithre nó cúig mhí, agus deich go dtí dhá mhí dhéag ar iarratais eile, ar an gcoinníoll go soláthraítear gach eolas riachtanach go tráthúil agus nach gcuireann gnéithe ceadúnaithe eile moill ar chúrsaí. Aighneachtaí chuig An Bord Pleanála laistigh de spriocanna reachtúla.
- Moltaí leasaithe ar Achtanna Urthrá chuig an Rialtas faoi Ráithe 1, 2006.
- Treoirlínte beartais nuashonraithe ar fhorbairt suiteálacha fuinnimh amach ón gcósta faoi dheireadh na bliana 2005. Staidéar straitéiseach ar shaincheisteanna eastósctha comhbhailiúcháin amach ón gcósta tugtha chun críche faoin mbliain 2007.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ (Dumpáil ar Farraige)

Rialáil éifeachtach na dumpála ar farraige a chinntiú.

Straitéis Forfheidhmithe

- Feidhmiú éifeachtach agus tapa ar an bpróiseas ceadúnaithe a rialaíonn dumpáil ar farraige.
- Cáipéis treoirlínte athbhreithnithe a ullmhú ar an bpróiseas ceadúnaithe, i bhfianaise na n-athruithe nósanna imeachta agus feidhmíochta a thug an tAcht um Dhumpáil ar Farraige (Leasú) 2004 isteach.

Táscairí Feidhmíochta

- Cinntí ar cheadanna bliantúla laistigh de cheithre nó cúig mhí, agus ar cheadanna gach cúig bliana do chuideachtaí calafoirt laistigh de shé mhí, ar an gcoinníoll go soláthraítear gach eolas riachtanach go tráthúil agus nach gcuireann gnéithe ceadúnaithe eile moill ar chúrsaí.
- Ábhar athbhreithnithe treorach tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana 2005.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR (Bainistiú Chrios an Chósta)

Oibriú, i gcomhthéacs Mholadh an AE um Bainistiú Chrios an Chósta Chomhtháite, i dtreo forbairt chur chuige níos comhtháite agus níos comhordaithe ar bhainistiú chrios an chósta.

Straitéis Forfheidhmithe

- Aon fhorálacha a d'fhéadfadh a bheith riachtanach le bheith mar bhonntaca ag feidhmiú na gcomhlachtaí poiblí ar chur chuige comhordaithe agus comhoibreacha i ndáil le limistéir chósta a bhainistiú a bheith mar chuid de reachtaíocht atá beartaithe chun sruthlíniú agus nuachóiriú a dhéanamh ar sna hAchtanna Urthrá.
- Stoc-luacháil creasa cósta agus straitéis/straitéisí a ullmhú, de réir phrionsabal Mholadh an AE um Bainistiú Chrios an Chósta Chomhtháite.

Táscairí Feidhmíochta

- Moltaí leasuithe ar Achtanna Urthrá chuig an Rialtas faoi Ráithe 1, 2006.
- Obair ar stoc-luacháil agus straitéis/straitéisí iarmhartacha le forchéimniú arna gceadú ag tosaíochtaí eile.

Cuspóir Straitéiseach a CÚIG

Straitéis Cosanta Cósta Náisiúnta a fhorbairt chun an riosca a chuireann creimeadh cósta agus tuilte cósta i láthair a bhainistiú.

Straitéis Forfheidhmithe

- Cainníochtú ar rioscaí agus sócmhainní i mbaol.
- Imscrúdú ar réimse roghanna beartais.

Táscaire Feidhmíochta

- Dul chun cinn i bhforbairt straitéise.

Cuspóir Straitéiseach a SÉ

Comhairle theicniúil a sholáthar don Roinn agus do chomhlachtaí poiblí eile maidir le maoirseacht a fheidhmiú ar urthrá an Stáit agus an comhshaol uisceach a chosaint.

Straitéis Forfheidhmithe

- Forbairt caighdeáin chóras feidhmíochta i gcás oibre chigireachta chun seachadadh seirbhíse a chainníochtú agus a fheabhsú.
- Úsáid níos mó as córais eolais tíreolaíochta leictreonacha i réimsí uisceshaothraithe agus urthrá.
- Obair leanúnach i bhfeidhmiú Náisiúnta na Treorach Creatlaí Uisce.

Táscairí Feidhmíochta

- Roinnt tuairiscí Innealtóireachta curtha le chéile.
- Céatadán d'iarratais chigireachta próiseáilte laistigh de thréimhsí ama sainiúla.

Cuspóir Straitéiseach a SEACHT

Struchtúir, éifeachtacht oibríochtúil agus sábháilteacht na gcúig Lárionad Cuanta Iascaigh a fheabhsú (m.sh. Baile Chaisleáin Bhéarra, Dún Mór, Binn Éadair, Na Cealla Beaga agus Ros a' Mhíl) agus cuanta iascaigh thábhachtacha eile (m.sh. Ceann Chlochair, An Daingean, An Caisleán Nua agus Cé na Cille Móire).

Straitéis Forfheidhmithe

- Cláir fhorbartha agus cothabhála a chur i bhfeidhm faoi réir ag an Státchiste agus ag srianta luach ar airgead (VFM).
- A chinntiú go bhfeidhmíonn na Lárionaid Chuanta Iascaigh ar bhonn airgeadais fholláin trí bhainistíocht airgeadais dea-chleachtais agus socruithe aisghabhála costais.
- Breithneofar saoráidí a sholáthar le haghaidh ríomh-cheantála, grádú nó scaipeadh ar bhonn ó chás go cás nuair a bheifear ag cur *Chlár Forbartha na gCuanta Iascaigh* i bhfeidhm.

Táscairí Feidhmíochta

- Forchéimniú, faoi réir ag an Státchiste agus ag srianta VFM, feidhmiú chlár forbartha cuanta iascaigh a bhfuil tosaíocht acu.
- Ciste Lárionad na gCuanta Iascaigh le bheith cothrom faoi dheireadh na bliana 2005 maidir le costais oibríochta agus ó thaobh cúnamh a thabhairt do chostais fhorbartha na gcúig Lárionad Cuanta Iascaigh.
- Comhchuid de chíosanna áitribh ag FHC ag rátaí tráchtála reatha.

ÁINEAS AGUS TAIGHDE MARA

Áineas Mara

Cé is moite de limistéar na nlascach Intíre, níl aon ról díreach faoi láthair ag an Roinn ó thaobh cúnamh Státchiste a sholáthar sa réimse Turasóireachta agus Áineasa Mara. Aithníonn an Roinn go bhféadfadh an réimse reatha gníomhaíochtaí atá aici sa réimse mara cur isteach ar thurasóireacht mara agus mar thoradh ar raon a cuid gníomhaíochtaí agus a saineolais ar fud na ngníomhaíochtaí sin, go bhfuil ar a cumas cúnamh maith a thabhairt. Tá sé ar intinn ag an Roinn dul i mbun dlúthchomhairle leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Tuarasóireachta agus le Foras na Mara go luath i dtréimhse an ráitis seo féachaint le haon chúnamh is féidir leis an Roinn agus leis an bhForas a sholáthar laistigh den bheartas turasóireachta náisiúnta for-iomlán a aithint.

Bunsprioc Beartais

Comtháthú ar chúnamh a thugann an Roinn agus Foras na Mara do thurasóireacht agus áineas mara agus slatiascaireacht laistigh den chreatlach beartais turasóireachta náisiúnta for-iomlán féachaint le luach a chur leis an iarracht náisiúnta.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

A chinntiú go bhfuil turasóireacht mara agus slatiascaireachta agus forbairt beartais áineasa, lena n-áirítear maoiniú, ailínithe agus comhtháite le feidhmiú beartais ar thurasóireacht, spórt agus áineas laistigh den Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus a cuid gníomhaireachtaí.

Straitéis Forfheidhmithe

- Idirghníomhú struchtúrtha a chur i bhfeidhm leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta lena chinntiú go ndéantar measúnú ar infheistíocht i dturasóireacht mara agus slatiascaireachta laistigh de chomhthéacs for-iomlán tacaíochta Stáit do thurasóireacht.
- Aitheantas a thabhairt, i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, do chúnamh a d'fhéadfadh an Roinn a chur ar fáil ar fud an réimse gníomhaíochtaí atá aici chun tacú leis an iarracht turasóireachta náisiúnta.

Táscairí Feidhmíochta

- Beartais chun tacú le turasóireacht mara agus slatiascaireachta leabaithe go hiomlán laistigh de chinnteoireacht agus straitéis ar an iarracht turasóireachta náisiúnta.
- Gníomh éifeachtach ó réimsí gnó cuí den Roinn, faoi réir ag tosaíochtaí earnálacha sáraithe, chun tacú leis an iarracht turasóireachta náisiúnta.

Taighde Mara

Tá tiomantas sa Chlár Rialtais chun lárionad scotha a bhunú in Éirinn sa réimse a bhaineann le Taighde Mara. Cruthaíonn soláthar ceanncheathrú nua den scoth d'Fhoras na Mara i nGaillimh agus saotharlanna nua-aimseartha agus ardáin taighde a chur isteach san Fhoras an bonneagar atá riachtanach chun tacú leis an gcuspóir sin.

Cinnteoidh an Roinn, trí Fhoras na Mara, go leanfar ag seachadadh cláir thaighde mara, teicneolaíochta, forbartha agus nuálaíochta (RTDI) comhordaithe a threoróidh agus a bheidh mar bhonntaca ag cuspóirí beartais agus ag straitéisí bainistíochta agus forbartha don earnáil mara. I measc rialachas chorparáidigh na Roinne ar Fhoras na Mara atá forbairt Conarthaí Feidhmíochta bliantúla.

Ag teacht leis na prionsabail ar dhearbhuithe agus comhaontuithe idirnáisiúnta ar rialachas aigéin domhanda, leanfaidh an Foras ag forbairt na heolaíochta comhtháite agus na comhairle a theastóidh chun an cur chuige éiceachórais maidir le bainistíocht aigéin a chur i bhfeidhm.

Faoin gCreatlach náisiúnta um Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht, tá poitéinseal mór ag taighde mara cur le hEacnamaíocht an Eolais. Leis sin, déanfar forbairt ar chláir Thaighde agus Nuálaíocht Mara, mar chuid de na Pleananna Gníomhaíochta R&D Náisiúnta ar eochair-réimsí fáis mar Bithfhionnachtain, Fuinnimh Aigéin agus Ard-Teicneolaíochtaí Mara chomh maith le tacú leis na feachtais iomaíochta agus nuálaíochta a theastaíonn sna hearnálacha mara traidisiúnta.

Tabharfar fócas ar leith do bheartais Taighde agus Nuálaíocht Mara cothrománacha a chur chun cinn faoin 7ú Clár Creatlaí de chuid an AE.

Is é an cuspóir tógáil ar na hinfreastruchtúir R&I mara den scoth atá cruthaithe le blianta anuas, agus ár gcumas eolaíochta a fhorbairt agus a úsáid agus ár seasamh tíreolaíochta straitéiseach i gcomhthéacs tionscnaimh bonneagair/taighde mara de chuid an AE/domhanda atá ag teacht chun cinn.

Bunsprioc Beartais

Cumas taighde mara náisiúnta a sheachadadh a thacaíonn le forbairt nuálaíoch agus inbhuanaithe na hearnála mara agus le cosaint an chomhshaoil mhara.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Éire a chur chun cinn mar lárionad don scoth-thaighde agus nuálaíocht mara.

Straitéis Forfheidhmithe

- A chinntiú go ndéanfar cothabháil chuí agus go bhfeabhsófar i gceart an bhonneagar Taighde agus Nuálaíochta Mara mar scoth-ionad leibhéil domhanda.
- A chinntiú go ndéantar forbairt ar naisc agus ar chumais chomhtháite agus táirgiúla idir Foras na Mara, comhlachtaí poiblí eile, an earnáil phríobháideach agus institiúidí Tríú Leibhéal.

Táscairí Feidhmíochta

- Tagarmharcáil idirnáisiúnta in aghaidh thorthaí iarrachtaí Taighde agus Nuálaíochta mara eile.
- An méid atá glactha ag an earnáil Tríú Leibhéal/phríobháideach agus breisluacha.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

A chinntiú go ndéantar forbairt ar acmhainní RTDI mara i gcomhthéacs straitéisí taighde agus nuálaíochta náisiúnta mar thaca le Geilleagar an Eolais.

Straitéis Forfheidhmithe

- Leas a bhaint as an bpoitéinseal atá ag seasamh Taighde agus Nuálaíochtaí mara laistigh den straitéis náisiúnta ar ionchur taighde agus nuálaíochta maidir le forbairt Geilleagair an Eolais.

Táscaire Feidhmíochta

- Méid an chumais acmhainne taighde agus na dtionscadal taighde iomaíoch i dtaighde mara agus maoiniú comhbhainteach.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

A chinntiú go seachadann Foras na Mara seirbhísí taighde agus forbartha mara don Roinn agus d'earnáil na mara atá éifeachtach agus a bhfuil luach ar airgead acu.

Straitéis Forfheidhmithe

- A chinntiú go ndéantar measúnú agus go dtugtar tagarmharcáil do chaighdeán, tráthúlacht agus do chandamacht seachadadh seirbhíse ar bhonn leanúnach.

Táscaire Feidhmíochta

- Seachadadh ar ardchaighdeán de réir na spriocanna atá leagtha amach i gConarthaí Feidhmíochta bliantúla.
- Rialachas corparáideach éifeachtach a bheith i bhfeidhm ar Fhoras na Mara ag seachadadh comhtháite ar sheirbhísí a bheidh comhsheasmhach le beartas/straitéisí a bheidh curtha in iúl go soiléir.

IASCAIGH INTÍRE

Tá an Roinn freagrach go hiomlán as beartas chun acmhainn iascaigh intíre a chaomhnú, a bhainistiú, a rialú agus a fhorbairt. Tá an Príomh-Bhord Iascaigh agus Boird Iascaigh Réigiúnacha freagrach as comhairle beartais, comhordú, seirbhísí agus feidhmiúchán. Is gníomhaireacht de chuid Choimisiún Loch Feabhail, na Cairlinne agus Soilse na hÉireann (FCILC), a bunaíodh faoi Acht Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 í Gníomhaireacht na Lochanna chun caomhnú, bainistiú, cur chun cinn agus forbairt iascaigh agus acmhainní mara Cheantair Loch Feabhail agus na Cairlinne a sholáthar go héifeachtach.

Lasmuigh den luach eacnamúil atá ar earnáil iascaigh intíre na hÉireann, tá tábhacht éiceolaíochta ann an acmhainn shainiúil sin a chaomhnú agus a chosaint aisti féin. Cuireann an acmhainn go mór leis an saol áitiúil mar ghníomhaíocht áineasa agus cuidíonn sí ar bhonn soch-eacnamúil traidisiúnta le pobail áitiúla ó thaobh tuarasóireachta slatiascaireachta agus iascaireachta tráchtála le haghaidh bradán, trosc agus eascann.

Tá struchtúr bainistíochta réigiúnach ag baint leis an earnáil le baint mhór ag leasanna áitiúla le cinnteoireacht, saincheisteanna coimpléascacha úinéireachta, mar a bhraitear ar mhaoiniú Stáit agus coimhlintí a bhíonn idir geallsealbhóirí difriúla. Is sócmhainn náisiúnta iad na stoic éisc atá againn, agus ní mór iad a chaomhnú agus a chosaint, chomh maith le gach duine leas a bhaint astu mar acmhainn, ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe. Tá gnáthóga éisc faoi bhagairt go háirithe ó bhrúnna comhshaoil agus caighdeán uisce tromchúiseacha. Tá comhairle eolaíoch glactha ag an rialtas a deir i gcónaí go dteastaíonn laghduithe a dhéanamh san iarracht iascaireachta fhor-iomlán chun stoic a choinneáil agus a atógáil. Mar gheall air sin, tá beartas Rialtais reatha leagtha amach chun céimshrian sceathraí a thabhairt suas go dtí leibhéal na dteorainneacha caomhnaithe a moladh go heolaíoch faoin mbliain 2007. Is trí ailíniú iomlán a dhéanamh ar ghallach ar an gcomhairle eolaíoch amháin is féidir linn muinín a bheith againn go bhfuil réimeas bainistíochta inbhuanaithe i bhfeidhm. Leis sin caithfear imscrúdú géar a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí traidisiúnta agus díriú ar chur chuige nua smaointeoireachta agus nuálaíochta maidir le bainistíocht iascaigh intíre amach anseo.

Is iad na príomhdhúshláin ná ord agus soiléireacht a thabhairt do chuspóirí, cinnteoireacht agus do leithdháileadh acmhainní. Teastaíonn athrú fócais agus béime, agus é ag teastáil de bharr imthoscaí san earnáil athraitheach. Teastaíonn cleachtadh cothromaíochta éadrom idir riachtanais na bpobal ar an gcósta agus na bpobal tuaithe a bhíonn ag brath ar acmhainní iascaireachta chun slí maireachtála a bhaint amach agus na húsáideoirí áineasa, lena n-áirítear turasóirí.

In aghaidh an chúlra sin, tá sé riachtanach straitéisí éifeachtacha a fhorbairt agus a chur chun cinn chun gnáthóga agus stoic a chosaint, a mheallann raon leathan comhthola i measc geallsealbhóirí, mar is cuí. Tá deiseanna móra ann freisin buntáistí sinéirgeacha a bhaint amach ó thaobh chomhordú ar na tionscnaimh sin ar bhonn Thuaidh/Theas. Tá an Roinn ag obair chun Bille Iascaigh na Cairlinne agus Loch Feabhail a fhoilsiú agus a achtú chun na cumhachtaí reachtúla a thabhairt do Choimisiún Loch Feabhail, na Cairlinne agus Soilse na hÉireann (Gníomhaireacht Lochanna) a sainordú iomlán a sheachadadh.

Cuireadh fáilte mhór roimh chinneadh an Aire athbhreithniú bunúsach a dhéanamh ar an gcaidreamh idir an Rialtas agus an earnáil agus ghlac go leor eagraíochtaí páirt sa phróiseas athbhreithnithe. Tabharfaimid aghaidh ar ról an Rialtais amach anseo maidir leis an acmhainn iascaigh intíre agus oiriúnacht an tsamhail reatha chun an earnáil iascaigh intíre a rialú agus feidhmeoimid struchtúir nua cuí le linn thréimhse an athbhreithnithe.

Bunsprioc Beartais

An acmhainn iascaigh intíre a chaomhnú ann féin agus saothrú na hacmhainne a éascú ar bhonn cothrom agus inbhuanaithe.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Caomhnú éifeachtach a chinntiú, trí na boird iascaigh, Gníomhaireacht Lochanna agus Foras na Mara den chuid is mó, ar ghnáthóga éisc intíre agus stoic.

Straitéis Forfheidhmithe

- A chinntiú gurb í an chomhairle eolaíochta agus na cleachtais bhainistíochta na cinn is fearr atá ar fáil agus go mbeidh siad mar ardán cuí chun caomhnú a bhaint amach, agus aird ar an bprionsabal réamhchúraim.
- A chinntiú, trí ailíniú éifeachtach ar bheartas/sheirbhísí ar obair na n-údarás cuí, go ndéantar cothabháil ar chaighdeán ard uisce mar thimpeallacht thacúil riachtanach don bheatha uisceach.
- A chinntiú go ndéanfar ailíniú ar ghallach ar an gcomhairle eolaíoch amháin faoin mbliain 2007, agus aird ar an tionchar soch-eacnamaíoch a bheidh ag iarrachtaí iascaireachta tráchtála agus áineasa a bheidh laghdaithe dá bharr sin.

Táscairí Feidhmíochta

- Comhairle eolaíoch dea-chleachtais agus beartais bhainistíochta thacúla.
- Cur le caighdeán ard uisce, ag teacht le spriocanna Threoir WF.
- Iascaigh bhradáin bheaga bainistithe de réir na bprionsabal eolaíochta agus bainistíochta is fearr.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Bainistíocht sheirbhísí iascaigh intíre atá éifeachtach agus ar bhonn luach ar airgead a sheachadadh.

Straitéis Forfheidhmithe

- Ról an Stáit san earnáil a athbhreithniú.
- Samhail dea-chleachtais reachtúil agus rialála a aithint don earnáil.
- Ról na Roinne ó thaobh rialú na hearnála a laghdú.

Táscairí Feidhmíochta

- Ról nua aitheanta go soiléir agus curtha i bhfeidhm don Stát.
- Struchtúir, bainistíocht agus reachtaíocht níos sruthlíonta, éifeachtaí agus níos freagraí i bhfeidhm.
- Ról na Roinne laghdaithe, agus ag an am céanna rialachas corparáideach dea-chleachtais a choinneáil de struchtúir iascaigh intíre (lena n-áirítear gníomhaireacht Lochanna) agus Conarthaí Feidhmíochta soiléire agus cuimsitheacha mar thaca acu.

ACMHAINNÍ DOMHAIN AGUS HIDREACARBÓIN

Cuirtear chun cinn agus rialaítear Earnáil Domhain agus Hidreacarbóin laistigh de na Rannóga Gnóthaí Peitriliam agus Taiscéalaíochta agus Mianadóireachta agus Suirbhé Geolaíochta na hÉireann (GSI) sa Roinn. Comhlíonann an Suirbhé Geolaíochta ról taighde tábhachtach freisin laistigh den réimse Geo-eolaíochta.

Déanfaidh an Roinn measúnú, thar thréimhse an Ráitis seo, ar conas is fearr foráil a dhéanamh do na róil beartas poiblí a bhaineann le forbairt hidreacarbóin agus mianadóireacht a chur chun cinn agus a rialú agus conas is fearr an GSI a ullmhú chun cur go mór le Geilleagar an Eolais. Beidh an leas a bhainfear as na bunachair shonraí agus scileanna a bhainfear amach i gcomhthéacs Shuirbhé Náisiúnta ar Ghrinneall na Farraige mar ionchur tábhachtach ó thaobh iomaíocht na hÉireann sa réimse seo thar an gcéad 2 bhliain eile agus thairis.

Is í an straitéis a úsáidfear chun leasú na struchtúr a chur i bhfeidhm ná samhail dea-chleachtais a aithint agus a mheas chun cur chun cinn agus rialú acmhainn nádúrtha a sheachadadh mar róil bheartais phoiblí ar leith agus difriúil. Leis sin ní mór a aithint cibé an mbeidh an poitéinseal ag neas-suíomh reatha na rólanna sin laistigh de struchtúir atá ann cheana coimhlint a tharraingt ó thaobh a bhfeidhmithe. Ba mhór leis an Roinn aghaidh a thabhairt ar an gceist sin agus aon athruithe riachtanacha a dhéanamh le cleachtais, próisis nó eagraíocht reatha le linn tréimhse an Ráitis seo.

Cuirfear an scóip le haghaidh ionchur geo-eolaíochta i gCreatlaí R&D náisiúnta chun cinn trí na struchtúir agus próisis tosaíochtaí reatha agus beidh sé mar aidhm acu cláir thosaíochtaí i gcás taighde agus na nuálaíochta a aithint agus a chur i bhfeidhm.

Taiscéaladh Mianraí agus Mianadóireacht

Tá an ceart eisiach chun gach mianra a chur ag obair seachas cloch, gairbhéal, gaineamh agus créafóg dílsithe san Aire, agus tugann fiontar príobháideach faoin obair faoi cheadú. Is faoin Rannóg Taiscéalaíochta agus Mianadóireachta (EMD) atá sé taiscéalaíocht agus tógáil mianraí a chur chun cinn, a rialú agus beartas a fhorbairt ina leith. Clúdaíonn Ceadúnais Lorgaireachta Reatha thart ar 12,500 km^2 agus iad á bhfeidhmiú ag ilnáisiúnaigh agus ag cuideachtaí beaga as Éirinn. Is iad na príomh-mhianaigh ina bhfuil mianraí miotalacha ná na trí cinn since agus luaidhe – An Uaimh, Gabhalmhaigh agus Lisín. Fostaíonn siad sin 1,200 duine i gceantair thuaithe den chuid is mó, áit nach bhfuil mórán tionscal eile, agus bhí oll-aschur de €191m acu sa bhliain 2002.

Léiríonn an comhairliú a dhéantar le geallsealbhóirí lárnacha an tacaíocht a fhaigheann ár straitéis chun comhpháirtíochtaí a fháil le gníomhaireachtaí ón lasmuigh chun leas a bhaint as sinéirgí. I measc an méid a d'fhéadfaí a dhéanamh do ghníomhaíocht comhpháirtíochta poiblí-príobháideach (PPP) tá sonraí ó thaiscéaladh agus táirgí a fhoilsiú agus a scaipeadh.

Is é an príomhdhúshlán tionscal mianraí inbhuanaithe a chothabháil i bhfianaise neamhchinnteachtaí eacnamúla agus rialáil comhshaoil atá ag dul i méid, go speisialta cinn atá á stiúradh ag an AE. Chun freastal ar an dúshlán sin ní mór:

- Réimeas rialála agus fioscach na hÉireann a bheith tarraingteach le haghaidh taiscéalaíochta, agus chomh tarraingteach agus atá sé a chur chun cinn ar mhaithe le hinfheistíocht inmheánach.
- A chinntiú go mairfidh mianaigh miotail atá ann cheana agus go n-éireoidh le cinn eile in aghaidh cúlra ina bhfuil praghsanna miotail neamhchinnte agus luaineachtaí airgeadra.
- Timpeallacht rialála a sholáthar a thiocfaidh le forbairt fionnachtana nua.
- Aghaidh a thabhairt ar oidhreacht roinnt sean-suíomh mianach, áit a bhfuil ceann acu faoi úinéireacht an Stáit.
- Tionchar a bheith ar bheartas an AE ó thaobh úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní nádúrtha agus an earnáil a rialú, lena chinntiú go gcoinníonn sé iomaíochas tionscal mianadóireachta na hEorpa agus aird aige ag an am céanna ar thionchar ar an gcomhshaol a sheachaint nó a mhaolú.

- Cumas gníomhú go solúbtha agus go tapa i dtimpeallacht ghnó atá ag athrú de shíor, agus ag aithint riachtanais ár bpríomh-gheallsealbhóirí seachtracha; cuideachtaí mianadóireachta atá i mbun oibre; forbróirí mianaigh nua; cuideachtaí taiscéalaíochta; geallsealbhóirí ollmhóra sna cuideachtaí rannacha sin; agus institiúidí an AE.

Bunsprioc Beartais

Teacht ar thaiscí mianraí eacnamaíochta a spreagadh agus ranníocaíocht na hearnála mianadóireachta don gheilleagar náisiúnta a uasmhéadú, le haird chuí ar a tionchar eacnamaíochta agus sóisialta.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Leibhéal na taiscéalaíochta mianraí a uasmhéadú.

Straitéis Forfheidhmithe

- Tarraingteacht na hÉireann mar áit taiscéalaíochta agus forbartha a chur chun cinn agus margaíocht a dhéanamh air.
- Iarracht taiscéalaíochta atá ann cheana a chothabháil.
- Rochtain shaor a sholáthar chuig gach sraith sonraí leictreonach atá ar fáil go poiblí agus atá i seilbh an EMD.
- Seirbhís ríomh-chumasaithe a sheachadadh nuair is féidir agus nuair is cuí.

Táscairí Feidhmíochta

- Líon na bhfoilseachán ar an sceideal.
- Líon na gCeadúnas Lorgaireachta sealbhaithe.
- Caiteachas taiscéalaíochta a bhaint amach in Éirinn ag 0.2% den bhuiséad domhanda.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Réimeas comhionann ceadaithe le haghaidh lorgaireachta (Ceadúnais Lorgaireachta) agus mianadóireachta (Áiseanna Mianadóireachta Stáit – léasanna agus ceadúnais).

Straitéis Forfheidhmithe

- Réimeas Ceadúnais Lorgaireachta éifeachtúil agus éifeachtach a chothabháil.
- Leanúint de phlé Áiseanna Mianadóireachta Stáit bunaithe ar imthoscaí aonair nó go gcuirtear córas malartach i bhfeidhm faoi reachtaíocht nuachóirithe.

Táscairí Feidhmíochta

- Treocht in admhálacha ó Cheadúnais Lorgaireachta (PL) agus Áiseanna Mianadóireachta Stáit (SMF) in aghaidh an bhuiséid agus na bliana roimhe sin.
- Líon agus comhchuid ioncaim ó chíosanna agus ó dhleachtanna a fuarthas in am.
- Líon agus comhchuid na n-iarratas SMF arna bpróiseáil laistigh de scálaí ama comhaontaithe.
- Comhchuid iarratas PL, athbhreithnithe agus athnuachana arna bpróiseáil chuig cinneadh laistigh de 4 mhí.
- Rangú comparáideach a dhéanann cuideachtaí cliaint ar Éirinn in aghaidh tíortha eile.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Forbairt inbhuanaithe in earnáil na mianraí a cheangal agus a éascú.

Straitéis Forfheidhmithe

- An earnáil a chothú, a chur chun cinn agus a rialú.
- Achtanna um Fhorbairt Mianraí a chomhdhlúthú agus a nuashonrú.
- Oibriú go gníomhach lena chinntiú go mbeidh beartas réadúil AE i bhfeidhm chun forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar mhianraí.
- Idirchaidreamh le Ranna Rialtais eile, leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), le hÚdaráis Áitiúla agus le geallsealbhóirí eile ó thaobh a bhforbairt beartais.
- Próisis cheadaithe a chomhordú leo siúd atá ag Údaráis Áitiúla agus ag an EPA.
- Comhpháirtíochtaí leis an GSI agus le gníomhaireachtaí seachtracha chun leas a bhaint as sinéirgí.
- Idirchaidreamh le pobail áitiúla.
- Aghaidh a thabhairt ar an riachtanas atá ann na fadhbanna comhshaoil a thagann ó mhianaigh dúnta a mhaolú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht faoi Áiseanna Mianadóireachta Stáit.

Táscairí Feidhmíochta

- Reachtaíocht nuashonraithe i bhfeidhm sa bhliain 2006.
- Comhchuid de mholtaí as Éirinn a ghlacfaidh comhlachtaí de chuid an AE agus comhlachtaí idirnáisiúnta.
- Líon na bhfreagraí éifeachtacha laistigh d'fhráma ama.
- Líon na ngearán agus na sásachta ó gheallsealbhóirí.
- Caighdeán agus líon na gcomhtháirgí nó na dtorthaí leis an GSI agus le gníomhaireachtaí Stáit eile.
- Comhchuid na moltaí a chuirfidh comhlachtaí poiblí isteach a scrúdaítear.

Taiscéalaíocht Peitriliam a Fhorbairt agus a Tháirgeadh

Caithfear féachaint ar an tábhacht atá leis an Roinn a bheith ag cur chun cinn, ag rialú agus ag monatóireacht taiscéalaíochta chun ola agus gás a fhorbairt ar an gcladach agus amach ó chósta na hÉireann i gcomhthéacs na ndúshlán a thagann leis an riachtanas le slándáil an tsoláthair fhuinnimh a chosaint. Leis sin caithfear acraíocht a chur chun cinn, trí rochtain oscailte nó trí chóras Cruinn, ag comhaontú cláir oibre cuí agus acraíocht a leithdháileadh ar chuideachtaí taiscéalaíochta faoi chineálacha éagsúla ceadúnais.

Gníomhaíonn an Roinn mar chomhordaitheoir ar cheanglais an Stáit ar fad maidir le hoibríochtaí chuideachtaí taiscéalaíochta agus táirgiúlachta (E&P) in Éirinn. Mar údarás ceadúnaithe bíonn sí ag iarraidh a chinntiú go ndéantar luacháil éifeachtach agus go mbaintear leas as an bpoitéinseal hidreacarbóin agus go mbíonn réimeas sábháilteachta éifeachtach agus córais bhainistíochta cuí i bhfeidhm. Ní mór a bheith sásta chomh maith go reachtáiltear gach oibríocht le haird chuí ar chosaint an chomhshaoil, de réir caighdeáin agus nósanna imeachta náisiúnta agus idirnáisiúnta comhaontaithe. Cuireann sé chun cinn agus déanann sé comhordú ar infheistíocht a dhéanann an tionscal E&P i mbonneagar, i dtaighde feidhmeach agus i dtionscadail chomh-thionscal a bhaineann le gach gné de thaiscéalaíocht agus de tháirgeadh ola agus gáis in Éirinn.

Is é an dúshlán ag an bpointe seo agus don tréimhse amach anseo ná spéis a choinneáil amach ó chósta na hÉireann féachaint le láithreacht hidreacarbóin a bhunú ar scála mór. Teastóidh cur chun cinn láidir leanúnach (sampla sainiúil é Tionscnamh Porcupine Licensing 2003/2004 de sin) seasmhacht agus iomaíochas na creatlaí fioscaí agus ceadúnaithe. Cuspóir gaolmhar eile is ea na deiseanna a d'fhéadfaí a bhaint as earraí agus seirbhísí as Éirinn a úsáid ar bhonn luach ar airgead a uasmhéadú. Aithníonn na comhthéarmaí cánachais agus céadúnaithe tréithe oibríochta na hearnála agus baineann an réimeas ar an iomlán comhréir riosca/luach ar airgead amach a léiríonn imthoscaí na hÉireann agus a thugann aitheantas don méid a bhaineann le bheith san iomaíocht le haghaidh infheistíocht taiscéalaíochta/táirgiúlachta soghluaiste go hidirnáisiúnta.

Bunsprioc Beartais

Na buntáistí a bhaineann an géilleagar náisiúnta as taiscéalaíocht agus táirgeadh acmhainní ola agus gáis dúchasaigh a uasmhéadú, agus a chinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí go sábháilte agus le haird chuí ar an tionchar a bhíonn acu ar an gcomhshaol agus ar úsáideoirí talún/farraige eile.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Leibhéal taiscéalaíochta agus gníomhaíochtaí táirgiúlachta peitriliam in Éirinn a uasmhéadú agus leas a bhaint as na torthaí ar mhaithe leis an Stát.

Straitéis Forfheidhmithe

- Téarmaí céadúnaithe agus fioscacha a fhorbairt agus a chothabháil a shlánaíonn leibhéil oiriúnacha taiscéalaíochta, forbartha agus gníomhaíochta táirgiúlachta agus a chothromaíonn leas an Stáit agus na hearnála E&P.
- Féachaint le tiomantais a fháil ó chuideachtaí E&P chun deiseanna a sholáthar san earnáil le rannpháirtíocht ó ghnóthaí/institiúidí as Éirinn.
- An t-eolas atá faoi acmhainn peitriliam na hÉireann a uasmhéadú agus an comhshaol ina bhfeidhmíonn an tionscal E&P m.sh. trí chomhchlár Cur Chun Cinn & Tacaíochta Taiscéalaíocht & Táirgeadh Peitriliam de chuid an Rialtais/Tionscail.

Táscairí Feidhmíochta

- Leibhéal, caighdeán agus scaipeadh tíreolaíoch thaiscéalaíocht agus tháirgeadh peitriliam in Éirinn, ag glacadh fachtóirí agus treochtaí seachtracha san áireamh.
- Líon na gcuideachtaí taiscéalaíochta agus táirgiúlachta a bhfuil sé ar intinn acu cheana féin, nó atá á bhreithniú go gníomhach, dul i mbun oibre in Éirinn, ag glacadh fachtóirí agus treochtaí seachtracha san áireamh.
- Scair an mhargaidh gháis a sholáthraítear ó fhoinsí dúchasacha.
- Leibhéil agus treochtaí in ioncam don Stát ó léasanna, ceadúnais (táillí/cíosanna, dleachtanna, cáin) agus díolacháin sonraí.
- Feabhsúchán leanúnach ar an mbunachar faisnéise maidir leis an acmhainn peitriliam náisiúnta.
- Leibhéal rannpháirtíochta áitiúil níos fearr i ngníomhaíochtaí peitriliam E&P trí thacú le hoiliúint, scoláireacht, ceannach trealaimh, infreastruchtúr tacaíochta srl. tríd an gClár Cur Chun Cinn agus Tacaíochta Taiscéalaíochta agus Táirgeadh Peitriliam.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

A chinntiú go ndéantar oibríochtaí taiscéalaíochta, forbartha agus táirgeachta go héifeachtach agus go héifeachtúil agus de réir Dea-chleachtais Tionscail, lena n-áirítear aird a thabhairt ar shláinte, sábháilteacht agus an comhshaol.

Straitéis Forfheidhmithe

- An chreatlach reachtúil a athbhreithniú, a nuashonrú agus a nuachóiriú.
- Próisis rialála agus próisis Stáit éifeachtacha agus éifeachtúla a bhunú agus a chothabháil lena n-áirítear gnéithe sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil.
- Athbhreithniú tréimhsiúil agus rialacháin chun spriocanna a leagan síos a chur i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí taiscéalaíochta, forbartha agus táirgiúlachta amach ó chósta na hÉireann.
- Na moltaí sa Tuarascáil Sábháilteachta Amach ón gCósta a fhorchéimniú.

Táscairí Feidhmíochta

- Ceaduithe Phlean Forbartha a eisiúint laistigh de sprioc an fhráma-ama.
- Spriocanna foilseacháin de Rialacha agus Nósanna Imeachta nuashonraithe d'Oibríochtaí Táirgiúlachta.
- Deireadh na bliana 2005 mar sprioc do Chinn Bhillí chun nuachóiriú an tAchta um an Scairbh Ilchríochach, 1968 a bhaint amach.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Limistéar na Scairbhe Ilchríche faoi dhlínse na hÉireann a uasmhéadú.

Straitéis Forfheidhmithe

- Gach sonra geoifisiceach agus bataiméadrach cuí a bhailiú agus a anailísiú a theastaíonn le haghaidh éileamh scairbhe ilchríche leathnaithe thar 200 míle farraige (comhlánaithe go bunúsach ach coinnithe faoi athbhreithniú de réir mar a bhíonn fáil ar shonraí nua ó am go ham).
- Aighneacht a ullmhú ag tabhairt sainmhíniú ar na teorainneacha lasmuigh de scairbh ilchríochach leathnaithe de réir Treoirlínte Eolaíochta & Teicniúla Choimisiún an UN um Theorainneacha na Scairbhe Ilchríche (UNCLCS).
- Ag an am céanna, cainteanna iltaobhacha a fhorchéimniú le Stáit chomharsanacha maidir le limistéir a bhfuil achrann fúthu (i gcomhordú leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha).

Táscairí Feidhmíochta

- Dul chun cinn i gcainteanna iltaobhacha le Stáit comharsanacha.
- Nádúr na haighneachta (i bpáirt, comhaighneacht nó comhlánaithe).
- Spriocdháta don aighneacht sroichte.
- Moltaí UNCLCS chun teorainneacha lasmuigh a cheadú de réir mar a chuirtear isteach iad.

SUIRBHÉ GEOLAÍOCHTA NA hÉIREANN

Mar gheall ar nádúr speisialta a chuid seirbhísí, dréachtann Suirbhé Geolaíochta na hÉireann Ráiteas Straitéise ar leithligh. Seo cuntas achomair ar phríomh-shaincheisteanna straitéiseacha.

Cuidíonn an GSI le forbairt inbhuanaithe agus le cosaint comhshaoil tríd an eolas geolaíochta is fearr a chur ar fáil do lucht cinnteoireachta agus do gheallsealbhóirí a fhaightear ó bhunachair shonraí geolaíochta náisiúnta atá cuimsitheach agus nuashonraithe. Déanann GSI é sin trí:

- faisnéis gheolaíoch chruinn agus so-rochtana a sholáthar,
- tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe, cosaint comhshaoil agus don Phlean Forbartha Náisiúnta,
- acmhainní domhanda na hÉireann a mhapáil, agus
- tuiscint an phobail ar ról an GSI agus geolaíocht i sochaí na hÉireann a chur chun cinn.

Bíonn níos mó faisnéise agus eolais ag teastáil ó ghnóthaí, comhlachtaí poiblí, údaráis áitiúla agus ó shaoránaigh faoi gheolaíocht mar bhunús ag bonneagar, an bealach chun ábhair shalaithe a mhaolú, agus foinse comhbhailiúcháin, mianraí agus acmhainní screamhuisce. Ina theannta sin b'fhéidir go mbainfeadh an ceanglas faisnéise le tionscadail fhorbartha nó le hoidhreacht agus stair an tírdhreacha. Mar sin, tá gá ann stór náisiúnta d'eolas agus d'fhaisnéis geolaíochta atá ann cheana féin chun forléargas a chur ar fáil ar scála mór, a chuideoidh le suíomhaimsiú agus le leagan amach forbairtí amach anseo a threorú i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Spásúla freisin.

Tá an GSI ann, mar ghníomhaireacht Cartlainne Náisiúnta, chun faisnéis agus eolas geolaíochta a chur ar fáil. Is é an príomhthasc atá aige nuashonríocht agus bailíocht sonraí geo-eolaíochta a fháil agus a chothabháil chun faisnéis agus comhairle tráthúil, údarásach, neamhchlaonta agus nuashonraithe a chur ar fáil chun cuidiú le hearnálacha cuí den ghéilleagar forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh. Freastalóidh an GSI ar riachtanais a chuid custaiméirí trí réimse clár oibríochta agus seirbhísí tacaíochta. Cuideoidh sé le forbairt an bhonneagair náisiúnta trí na léarscáileanna a chuireann an GSI le chéile, chomh maith leis an réimse leathan bunachar sonraí atá aige. Áireofar le comhchodanna amach anseo léarscáilíocht idirlíon-bhunaithe agus bunachar sonraí spásúil comhtháite agus comhlánófar iad de réir a chéile ag teacht le hacmhainní a bheidh ar fáil.

Eochair-Straitéisí

- Eolas geolaíochta a sheachadadh do gach custaiméir, eolas a fháil agus léarscáileanna agus tuarascálacha a chur le chéile ach go háirithe, a úsáideann réimse leathan custaiméirí seachtracha go díreach, trí leanúint le cláir shuirbhéireachta fadtéarmacha (Geolaíocht Buncharraige, Geolaíocht Ceathartha, Geolaíocht Mara agus Geoifisic).
- An Suirbhé Náisiúnta ar Ghrinneall na Farraige a thabhairt chun críche sa bhliain 2005 chun léarscáil a tharraingt de limistéar ghrinneall farraige na hÉireann atá an-fhairsing; agus an luach a fhaightear as an suirbhé a uasmhéadú trí shraith léarscáileanna topagrafacha agus geolaíochta de ghrinneall na farraige a chur le chéile, a bheadh oiriúnach chun staidéar a dhéanamh ar acmhainní ghrinneall na farraige (mianraí agus bitheolaíoch), contúirtí nádúrtha agus timpeallachta ghrinneall na farraige, oibriú le Foras na Mara chun moltaí le haghaidh breis oibre a fhorbairt.
- Réiteach a fháil ar riachtanais chustaiméirí áirithe, ag tacú lena gcuid gníomhaíochtaí éagsúla agus cuidiú chun a gcuid bunachar sonraí faoi seach a thógáil trí chláir thionscadail-treoraithe feidhmeacha (Screamhuisce, Mianraí, Geoiteicniúil, Oidhreacht Geolaíochta agus Geolaíocht Tírdhreacha) trí chomhoibriú le comhlachtaí eile de réir mar is cuí.
- Teicneolaíocht an Eolais ardleibhéil a sholáthar, Cartagrafaíocht, Seirbhísí Teicniúla Lárnacha agus tacaíocht Riaracháin, Faisnéise agus Margaíochta do na cláir thuas.

- Ag tacú le plean gníomhaíochta an Rialtais chun an tSochaí Faisnéise a chur i bhfeidhm in Éirinn tríd an gCóras Bainistíochta Cáipéisí ionas go mbeidh rochtain ar eolas ar bhealach éasca agus idirghníomhach.
- An réimse seirbhísí leictreonacha atá ar fáil a leathnú, lena n-áirítear foilseachán léarscáileanna Greasán-bhunaithe, catalóga meiteashonraí agus sonraisc a sheoladh ar-líne.

Eochair-Thascairí Feidhmíochta

- Léarscáileanna a thabhairt chun críche (doimhneacht chuig buncharraig, léarscáil comhrianachta de ghrinneall na farraige) don Chlár Bunachair Shonraí Geoteicniúil do chathracha móra.
- Léarscáileanna geolaíochta ceathartha a thabhairt chun críche do Chontaetha Lú, na hIarmhí agus Uíbh Fhailí i bhfoirm chaighdeánach agus leagtha amach le haghaidh riachtanais sainiúla. Léarscáileanna ceathartha do Chontaetha Thiobraid Árann, Shligigh agus Chiarraí a bheidh i bhfoirm dhigiteach agus ar fáil le díol le cliaint i bhfoirm chaighdeánach agus leagtha amach le haghaidh riachtanais sainiúla.
- Scéim Cosanta Screamhuisce a thabhairt chun críche do Cho. Dhún na nGall. Tionscadail nua a thionscnamh agus a thosú i gContaetha an Chabháin, Loch Garman agus i gcontaetha eile nach iad.
- Léarscáil agus tuarascáil uiscíoch a thabhairt chun críche. Bunachair shonraí a thabhairt cothrom le dáta.
- Maidir leis an gClár Mianraí, Céim Irelithos 1 a thabhairt chun críche. Mapáil Phoitéinseal Comhbhailiúcháin de Cho. an Chabháin agus Údaráis Áitiúla eile a thabhairt chun críche. Bunachair shonraí a nuashonrú.
- Maidir leis an gClár ar Ghrinneall na Farraige léarscáil fréamhshamhail de 1:50,000 do Chontae Loch Garman a thabhairt chun críche, léarscáil 1:50,000 de Cho. Mhuineacháin, léarscáil de ghrinneall na farraige 1:500,000 i bpáipéar agus leaganacha GIS, 100k geolaíocht gan uaim do bhonn-léarscáileanna, léarscáil 1:50,000 Geothurasóir den Bhoireann, 1:50,000 do Cho. Bhaile Átha Cliath. Tús le 1:50,000 do Cho. Phort Láirge. Ag tabhairt bunachair shonraí ar Ghrinneall na Farraige chun dáta.
- Forbairt ar tháirgí Oideachasúla, Geothurasóra agus IGH sa Chlár IGH. Obair leanúnach ar ***Copper Coast*** agus ar thionscadail Gheothurasóirí eile.
- Céim 1 den Suirbhé Náisiúnta ar Ghrinneall na Mara tugtha chun críche.

Rannóg 3: **Tosaíochtaí Trasghearrtha**

Tá baint ag an Roinn le réimse leathan idirghníomhaíochtaí tras-Rannacha ar bheartas sóisialta, eacnamúil agus rialála chomh maith le nuachóiriú agus athrú na seirbhíse poiblí.

Chomh maith le Roinn an Taoisigh, an Roinn Airgeadais agus Oifig an Ard-Aighne agus Comhairle na Parlaiminte, tá naisc thábhachtacha ag an Roinn le Ranna agus le hoifigí eile ar réimse saincheisteanna déthaobhacha agus tras-Rannacha.

Tá an sainchúram atá againn féin mar bhonntaca ag an riachtanas obair foirne éifeachtach a bheith laistigh den Roinn ar shaincheisteanna trasghearrtha agus ar fhorbairt comhsmaointeoireachta ar shaincheisteanna mar chreatlacha beartais rialála, Rialachas Corparáideach, Forbairt Taighde agus Nuálaíochta, bonneagar eacnamúil, agus acmhainní poiblí a leithdháileadh agus a úsáid. Beimid páirteach i bpróiseas atbhreithnithe leanúnaigh lena chinntiú go gcuirfear go maith le seachadadh beartais chomhtháite ag gach leibhéal.

Áirítear iad seo a leanas le réimsí tras-Rannacha áirithe a ndírítear orthu thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo:

An tAontas Eorpach

Leanfaimid ag obair leis na himreoirí ar fad laistigh den chur chuige straitéiseach for-iomlán don AE chun tosaíochtaí beartais náisiúnta a sheachadadh lena n-áirítear Clár Oibre Liospóin. Ciallaíonn gnóthaí na Roinne go bhfuil ceangal tábhachtach againn le creatlacha an AE ó thaobh beartais eacnamúil, iompair, fuinnimh, cumarsáide agus comhshaoil, leis an gComhbheartas Iascaigh, le sábháilteacht bia, cúnamh Stáit agus beartais iomaíochta agus rialála. Leanfaimid ag cur leis an obair a dhéanann fóram tras Rannach ar cheisteanna AE agus Coiste na Dála chomh maith le tuairisc tráthúil agus chaighdeánach a chur ar fáil do Choiste Scrúdaithe an Oireachtais. Mar bhonntaca ag ár gcuspóirí agus straitéisí rannacha, is é ár sprioc deis a thabhairt d'Éirinn buntáiste a fháil, agus cuidiú le, beartais an AE trí obair mhór agus onnghníomhach agus caidrimh oibre éifeachtacha le Ballstáit agus le Institiúidí de chuid an AE.

Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht

Mar thaca do na spriocanna le heacnamaíocht faisnéise agus iomaíoch náisiúnta a bhaint amach, is é ár gcuspóir cumais agus cláir R & D a sheachadadh a bheidh ag teacht le spriocanna náisiúnta for-iomlána d'eacnamaíocht na faisnéise agus seachadadh a dhéanamh ar dheiseanna AE agus ar dheiseanna idirnáisiúnta. Is príomhthosaíocht í leas a bhaint as na deiseanna le haghaidh taighde agus forbairt as Éirinn i gcomhthéacs 7ú Clár Creatlaí an AE agus léirítear é sin inár gcuid spriocanna agus straitéisí rannacha. Beidh ceangal ag ár gcuid straitéisí féin le forbairtí sa chóras oideachais ó thaobh cumas agus acmhainn a fhorbairt ag gach leibhéal.

Tá fóram inmheánach bunaithe againn chun cur chuige comhtháite maidir le forchéimniú tosaíochtaí rannacha R & D a mhaoirsiú (Fuinneamh, ICTanna, mara agus geo-eolaíochtaí). Leanfaimid ag obair leis an gCoiste Idir-rannach ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht agus leis an gCoiste Dála agus leis an bPríomh-Chomhairleoir Eolaíochta ó thaobh an Phlean Ghníomhaíochta R & D Náisiúnta a chur i bhfeidhm, an Clár Oibre Teicneolaíochta agus Eolaíochta for-iomlán agus an Seachtú Clár Deiseanna Creatlaí an AE 2006-2010. Leagfaidh forbairt agus feidhmiú straitéisí R & D fuinnimh agus mara náisiúnta sa bhliain 2005 amach na cuspóirí sna hearnálacha sin don tréimhse.

Bonneagar

Leanfaimid ag glacadh páirte go gníomhach le Ranna lárnacha eile san obair atá ar bun ag an nGrúpa Tras-Rannach ar Bhonneagar agus an Coiste Dála ar thosaíochtaí bonneagair náisiúnta. Táimid ag déanamh athbhreithniú ar riachtanais chaipitil mar bhonntaca ag spriocanna beartas maidir le bonneagar cumarsáide, fuinnimh, iompar muirí agus cósta 2006-2009 i gcomhthéacs an Phlean Forbartha Náisiúnta nua.

Inbhuaine/Comhtháthú Comhshaoil

Léiríonn ár gcuid straitéisí rannacha an riachtanas breithnithe comhshaoil a chomhtháthú le cuspóirí fáis inbhuanaithe. Leanfaimid ag comhoibriú ó thaobh na Straitéise Athraithe Aeráide Náisiúnta a sheachadadh agus spriocanna forbartha inbhuanaithe ag an leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE.

Iompar

Beimid ag obair leis an Roinn Iompair trí mheicníochtaí comhaontaithe lena chinntiú go léirítear cuspóirí beartais Iompair Mhuirí i gcreatlacha beartais iompair chomhtháite. Éilíonn na gnéithe comhtháite comhleanúnachas laistigh de mhodhanna iompair agus eatarthu, agus ag teacht le beartais Rialtais eile (m.sh. forbairt inbhuanaithe agus straitéis náisiúnta spásúil) agus cur chuige coitianta maidir le forbairtí beartais de chuid an AE. Forbróimid freisin naisc níos fearr le beartas iompair maidir le riachtanais éifeachtúla fuinnimh.

Pleanáil Éigeandála

Oibríonn an Roinn trí na struchtúir atá comhordaithe go náisiúnta chun cur le agus chun tacú le pleanáil agus ullmhúchán éigeandála náisiúnta le tagairt ar leith do Chumarsáid, Bonneagar Fuinnimh agus Soláthar agus Éigeandáil Mara.

Rialáil Níos Fearr

Táimid ag cur le hobair an Ghrúpa Rialála Níos Fearr atá ag maoirsiú fheidhmiú an chláir ghníomhaíochta chun éifeacht a thabhairt do na príomh-phrionsabail Rialála Níos Fearr atá leagtha amach i bPáipéar Bán an Rialtais. Is príomhthosaíocht í Anailís Tionchair Rialacháin ar fud réimsí gnó na Roinne a sruthlíniú agus léireofar rolladh amach forchéimneach an RIA i bpleananna gnó bliantúla ón mbliain 2006 ar aghaidh.

Thuaidh/Theas

Táimid ag obair le Roinn an Taoisigh, leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus le Ranna eile chun comhoibriú uile-oileánda a thacú agus a chur chun cinn laistigh de chreatlacha polaitiúla agus institiúide for-iomlána. Tá an réimse comhoibrithe uile-oileánda reatha agus a d'fhéadfadh a bheith ann an-mhór ag dul ó cheisteanna a bhaineann le hiascaigh intíre, fuinneamh, teileachumarsáid, craolachán, mara agus bia mara, geo-eolaíocht, cuardach agus tarrtháil mara agus saincheisteanna iompair muirí. Is príomhchuspóir é margadh leictreachais uile-oileánda a chruthú faoin mbliain 2007. Déanfaimid cothabháil ar an móiminteam comhoibrithe ar shaincheisteanna fuinnimh tríd is tríd lena n-áirítear tógáil fhorchéimneach na gclár fuinnimh R, D & D agus an clár oibre fuinnimh inbhuanaithe. Áireofar i measc comhoibriú níos mó san earnáil teileachumarsáide le linn na tréimhse naisc níos fearr idir na rialaitheoirí teileachumarsáide.

In éineacht leis an Roinn Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe, maoirseoimid agus tacóimid le feidhmiú na Gníomhaireachta Lochanna, an Comhlacht Thuaidh/Theas atá freagrach as forbairt na n-iascach intíre agus acmhainní mara i Loch Feabhail agus Loch na Cairlinne. Tar éis foilsiú agus achtú Bhille Iascaigh na Cairlinne agus Loch Feabhail sa bhliain 2005 is amhlaidh a dhéanfar forchéimniú le chéile ar rolladh amach iomlán feidhmeanna na Gníomhaireachta maidir le uisceshaothrú agus turasóireacht mara.

Ar an iomlán leanfaimid ag féachaint go gníomhach le deiseanna a fháil agus a fhorbairt chun comhoibriú Thuaidh/Theas a chur ar bun laistigh agus lasmuigh den chreatlach Thuaidh/Theas fhoirmiúil a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Míchumas

Tá an Roinn tiomanta feabhsúchán leanúnach a dhéanamh ar inrochtaineacht a cuid seirbhísí mar eagraíocht agus ar fud a cuid Gníomhaireachtaí agus earnálacha lena n-áirítear craolachán, cumarsáid agus iompar muirí. Leanfaidh an Roinn ag tabhairt tosaíochta ar leith d'inrochtaineacht ICT agus saincheisteanna a bhaineann leis an timpeallacht thógtha. Leanfaimid i mbun comhairle go rialta leis an Údarás Míchumais Náisiúnta maidir le saincheisteanna inrochtana thar an tréimhse 2005-2007.

Straitéis Sonraí

Ag teacht le Straitéis Rialtais agus le cuspóir an Bhoird Staitisticí Náisiúnta féin córas staitisticiúil na hÉireann a fhorbairt chun tacú le cinnteoireacht fhianaise-bhuanithe, tá straitéis sonraí comhtháite 2006-2008 á fhorbairt ag an Roinn. Beidh an straitéis sonraí mar chuid lárnach de straitéisí bainistíochta faisnéise agus eolais na Roinne chomh maith le pleanáil gnó rannach.

Tar éis na meastóireachta reatha ar shealbhaíochtaí sonraí sa Roinn agus i nGníomhaireachtaí a thabhairt chun críche (le cúnamh ón CSO), táthar ag bunú Choiste Straitéise Sonraí, ag tabhairt úsáideoirí sonraí agus táirgeoirí le chéile (lena n-áirítear nuair is cuí, ár gcuid Gníomhaireachtaí, agus saineolas ó lasmuigh) chun forbairt agus feidhmiú na straitéise a mhaoirsiú thar an tréimhse. Déanfaimid forbairt chomh maith ar naisc chórasacha idir sonraí atá i seilbh na Roinne agus ár gcuid Gníomhaireachtaí agus Ranna eile cuí.

Beartas Soláthair

Ag teacht leis an tiomantas for-iomlán beartais agus cleachtais soláthair na seirbhíse poiblí a athchóiriú, tá an Roinn, ag obair leis an Aonad Náisiúnta um Beartas Soláthair, ag rolladh amach Plean Gníomhaíochta Soláthair. Tá an Plean, atá á stiúradh ag an Aonad Soláthair, leagtha amach chun acmhainn eagraíochta a thógáil agus chun soláthar a bhainistiú go straitéiseach chun coigiltis intomhaiste a uasmhéadú agus díbhinní éifeachtúlachta maidir le caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí. Leanfaimid ag obair leis an Roinn Airgeadais ó thaobh forbairt leanúnach a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta Soláthair na Roinne lena n-áirítear sprioc-úsáid teicneolaíochtaí costas-éifeachtacha chun ríomhsholáthar a sheachadadh go héifeachtach. Tabharfar tuairisc ar thorthaí luach ar airgead agus feabhsúcháin i nósanna imeachta agus i gcleachtais soláthair i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne.

Comhpháirtíocht

Tacaíonn an próiseas Comhpháirtíochta leis an gclár oibre bainistíochta athraithe agus tá sé mar bhonntaca aige agus leanfaidh sé lena ról tábhachtach um maoirsiú a dhéanamh ar sheachadadh na dtiomantas sa Phlean Gníomhaíochta 'Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn' chomh maith leo sin sa Chlár Díláraithe. Leanfaidh an Grúpa Comhpháirtíochta Lárnach dea-bhunaithe agus na Grúpaí Comhpháirtíochta a bhíonn ag déileáil le saincheisteanna sainiúla ag cur go dearfach agus go tiomanta le hathrú ar gach bealach ar fud na Roinne. Táthar ag déanamh athbhreithniú seachtrach ar obair an phróisis Chomhpháirtíochta féachaint le feabhas breise a chur ar éiteas agus ar chleachtas comhpháirtíochta ar fud na Roinne. Príomh-inseachadta ar thug an Grúpa Comhpháirtíochta aitheantas dó don bhliain 2005 is ea baint níos mó agus rannpháirtíocht níos mó a bheith ag an bhfoireann sna Grúpaí Comhpháirtíochta, straitéis cumarsáide níos fearr agus clár oibre leathnaithe. Tabharfar tosaíocht áirithe thar thréimhse an Ráitis seo do rannpháirtíocht níos fearr ón bhfoireann atá lonnaithe sna réigiúin.

Rannóg 4: Rialachas Corparáideach agus Beartas Rialála

RIALACHAS CORPARÁIDEACH AR CHOMHLACHTAÍ STÁIT

Tá an Roinn freagrach as réimse leathan comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear comhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhthráchtála. Díríonn an rialachas a bhíonn againn ar na comhlachtaí sin ar an gcaidreamh atá againn le gach ceann de na comhlachtaí, agus na nósanna imeachta inmheánacha atá againn chun ár gcuid freagrachtaí rialachais chorparáidigh a bhainistiú.

Is príomhthosaíocht í don Aire agus don Roinn cur le caighdeáin rialachais chorparáidigh, le cleachtais agus nósanna imeachta. Tá athbhreithniú tugtha chun críche againn ar nósanna imeachta agus ar acmhainn inmheánach sa Roinn chun ár gcuid feidhmeanna rialachais chorparáidigh a bhainistiú agus táimid ag forfheidhmiú na n-athruithe a moladh. Áirítear leo sin próisis a fheabhsú agus a shruthlíniú i rannóga cuí agus ar fud rannóga cuí agus cumais agus saineolas a fhorbairt chun freastal ar an dúshlán atá ag dul i méid ó thaobh rialachas corparáideach éifeachtach na gcomhlachtaí a chinntiú.

Táimid ag forchéimniú athbhreithniú bunúsach freisin de shaincheisteanna rialachais chorparáidigh maidir leis na comhlachtaí Stáit tráchtála ina bhfuil sainorduithe scairshealbhóra, monatóireacht feidhmíochta agus tuairisciú, agus saincheisteanna reachtúla agus airgeadais. I gcás comhlachtaí Stáit neamhthráchtála táimid ag cur conarthaí feidhmíochta i bhfeidhm a bheidh mar bhonntaca ag seachadadh seirbhíse agus ina mbeidh foráil chun monatóireacht chórasach a dhéanamh ar fheidhmíocht. Leanfaimid ag cur le díospóireachtaí lárnacha leanúnacha maidir le struchtúir rialachais agus athchóiriú leanúnach ar rialachas corparáideach ag gach leibhéal.

Tá straitéisí rannacha chun comhlachtaí aonair a rialú leagtha amach i Rannóg 2. Tá an straitéis trasghearrtha chun bainistiú for-iomlán a dhéanamh ar an bhfeidhm rialachais chorparáidigh ar fud na Roinne ar fad leagtha amach thíos.

Cuspóir Straitéiseach

Na caighdeáin, cleachtais, nósanna imeachta agus scileanna sa Roinn a bhreisiú agus a láidriú chun rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm i gcás comhlachtaí neamhthráchtála agus gníomhaireachtaí Stáit.

Straitéis Forfheidhmithe

- An t-athbhreithniú ar shaincheisteanna Rialachais Chorparáidigh a thabhairt chun críche maidir le comhlachtaí Státurraithe tráchtála agus moltaí atá dírithe ar mhonatóireacht feidhmíochta agus tuairisciú a fheabhsú a chur i bhfeidhm.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chreatlach agus ar scóip na gconarthaí feidhmíochta leis na comhlachtaí neamhthráchtála.
- Leanúint de chur le forbairtí lárnacha ar struchtúir rialachais.

Táscairí Feidhmíochta

- Creatlach rialachais chorparáidigh bhríomhar agus acmhainní oilte a bheith i bhfeidhm sa Roinn ina mbeidh foráil chun rialachas éifeachtúil agus éifeachtach a dhéanamh ar na comhlachtaí agus gníomhaireachtaí Stáit tráchtála agus neamhthráchtála.
- Tuairisciú éifeachtach agus tráthúil ó na comhlachtaí tráchtála.
- Conarthaí feidhmíochta i bhfeidhm leis na comhlachtaí neamhthráchtála.

BEARTAS RIALÁLA

Is gné lárnach de Straitéis Roinne í beartas rialála ag glacadh lenár sainchúraimí go léir ar fud réimse suntasach earnálacha rialaithe. Glacann ár gcur chuige for-iomlán maidir le rialáil na difríochtaí soiléire idir na hearnálacha san áireamh agus ag an am céanna ag léiriú na gcomhphrionsabal atá mar chuid de rialachán. Tá ár gcur chuige leagtha síos in aghaidh chúlra forbairtí beartais náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta níos leithne. Clúdaíonn na straitéisí rannacha (Rannóg 2) an clár oibre rialála a bhaineann go sainiúil leis na réimsí gnó difriúla.

Cuspóir Straitéiseach

Rialáil éifeachtach na n-earnálacha faoinár sainchúram a chinntiú.

Straitéis Forfheidhmithe

- Creatlacha rialála rannacha a chothabháil de réir an Pháipéir Bháin *Rialú Níos Fearr*.
- Athbhreithniú agus forbairt ar chreatlacha rialála éifeachtacha chun aghaidh a thabhairt ar bhainistiú agus leithdháileadh, agus rochtain ar, acmhainní poiblí (speictream, iascaigh, urthrá, amach ón gcósta agus acmhainní mianraí).
- Cur le forbairtí lárnacha maidir le beartais agus cleachtais rialála agus comhoibriú agus comhairliúchán níos struchtúrtha le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile maidir le saincheisteanna beartais rialála.

Táscairí Feidhmíochta

- Creatlacha rialála éifeachtacha i bhfeidhm.
- Socruithe breisithe chun acmhainní poiblí a rialú agus a bhainistiú.
- Beartais agus cleachtais breisithe mar thoradh ar chaighdeán rannpháirte agus chomhoibrithe.

Rannóg 5: **Bainistíocht, Forbairt agus Nuachóiriú Corparáideach**

Cuireann clár oibre nuachóirithe na seirbhíse poiblí chomh maith le dílárú dúshláin mhóra os comhair na Roinne don tréimhse. Leanfaimid ag forchéimniú an chláir oibre bainistíochta athraithe a bhfuil sé mar aidhm aige seachadadh a dhéanamh ar gach snáith den nuachóiriú ar bhealach comhtháite. Tá an clár nuachóirithe seo á thabhairt le chéile chun clár díláraithe an Rialtais a sheachadadh. Beidh Plean Gníomhaíochta an Rialtais faoi Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn agus a chomharba fós mar chreatlach chun athrú a sheachadadh. Táimid ag tacú chomh maith leis na comhlachtaí Stáit neamhthrách tála chun a gcuid pleananna nuachóirithe féin a sheachadadh a mbeidh an Ciste Bainistíochta Athraithe agus Nuálaíochta mar bhonntaca acu. Cuirfear straitéisí riosca i bhfeidhm ar fud na fiontraíochta sa bhliain 2005 agus déanfar athbhreithniú orthu go rialta.

Is tréimhse athraitheach a bheidh sa tréimhse síos go dtí an bhliain 2007 tráth a mbeidh sé mar aidhm againn an Roinn a athrú go dtí eagraíocht eolas-bhunaithe go hiomlán ina mbeidh freagracht agus cuntasacht athraithe, feabhsúchán agus nuálaíocht leanúnach, agus dea-chleachtas ó thaobh bainistíocht airgeadais agus acmhainní daonna, agus an teicneolaíocht. Tabharfar leanúnachas gnó agus straitéisí maolaithe riosca, i gcomhthéacs díláraithe, le chéile le hathbhreithniú leanúnach ar struchtúir eagraíochta agus ar phróisis ghnó. Breithneoidh na hathbhreithnithe sin an riachtanas atá ann an eagraíocht a athrú ó fheidhmeanna oibríochta agus seirbhíse agus cur ar chumas na Roinne díriú ar sheachadadh beartas, meastóireacht cláir agus rialachas corparáideach agus rialáil.

Díreoidh straitéisí eagraíochta ar acmhainní a chur ag obair agus ar phleanáil buiséid, agus teicneolaíocht an eolais a úsáid chun táirgiúlacht, éifeachtúlacht agus solúbthacht a bhaint amach. Leanfar ag tabhairt tosaíochta do chaighdeán seachadadh seirbhíse custaiméara, i gcás custaiméirí seachtracha agus inmhéanacha. Is tosaíocht í don tréimhse Straitéis Bainistíochta Eolais Rannach a rolladh amach.

Oibríonn na Rannóga Corparáideacha le chéile lena chinntiú go mbeidh ar chumas na Roinne a cuid dualgas fadréimseach a sheachadadh go héifeachtach. Chomh maith le tacaíocht agus seirbhísí speisialtachta a sholáthar, beidh sé mar aidhm acu freisin a bheith mar stiúrthóirí ar athrú trí phleanáil airgeadais níos fearr, meastóireacht, bainistíocht eolais, oiliúint agus forbairt, teicneolaíocht an eolais agus straitéisí HR chomh maith le tiomantais an Phlean Ghníomhaíochta a mhaoirsiú agus an clár díláraithe a chur i bhfeidhm.

Sprioc Ardleibhéil

An Roinn a bheith mar eagraíocht eolas-bhunaithe, chuimsitheach agus mar eagraíocht atá dírithe ar thorthaí, ag feidhmiú go dtí na luachanna agus na caighdeáin is airde sa tseirbhís phoiblí ó thaobh seachadadh seirbhíse agus feabhsúchán agus nuálaíocht leanúnach a bheith mar thréithe aici.

Chun an sprioc sin a bhaint amach faoin mbliain 2007 tá réimse cuspóirí ardleibhéil agus gníomhartha straitéiseacha againn faoi eochair-théamaí eagraíochta. Tá Pleananna Gnó bliantúla mar bhonntaca acu sin agus léiríonn siad na tiomantais a bhí againn sa Phlean Gníomhaíochta *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*.

Cuspóir Straitéiseach a hAON: Eolas, Athrú agus Nuálaíocht

Chun an t-athrú chuig eagraíocht eolas-bhunaithe a chomhlánú faoin mbliain 2007 a chinnteoidh go mbeidh próisis ghnó struchtúrtha agus go mbeidh ar chumas na foirne eochair-thosaíochtaí, aschuir agus torthaí a sheachadadh.

Gníomhartha Straitéiseacha

- Rolladh amach forchéimnithe ar an bplean Bainistíochta Eolais chun díriú ar réimsí gnó do na blianta 2005-2007.
- Straitéis Oiliúna agus Forbartha do na blianta 2005-2007 a chur i bhfeidhm.
- Tabhairt faoi phróiseas gnó agus athbhreithnithe struchtúrtha chun leanúnachas gnó a chinntiú i gcomhthéacs díláraithe agus bogadh ó sheachadadh feidhmíochta go dtí seachadadh beartais.

- Feidhmiú go dtí an sprioc ar thiomantais nuachóirithe an Phlean Ghníomhaíochta *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*.
- Ciste a thabhairt isteach sa bhliain 2006 chun bainistíocht athraithe agus nuálaíocht sa Roinn a chothú.

Táscairí Feidhmíochta

- Spriocanna an Phlean Bhainistíochta Eolais a chomhlíonadh go ráithiúil agus bainistíocht eolais a leabú mar ghné lárnach de chleachtas eagraíochta faoin mbliain 2006.
- Tosaíochtaí Oiliúna agus Forbartha Bliantúla a bhaint amach arna dtomhas ag leibhéil rannpháirtíochta agus meastóireacht ar fheidhmíocht agus ar chumas eagraíochta agus aonair.
- Tabhairt faoi athbreithnithe ar phróisis ghnó agus athruithe struchtúrtha a chur i bhfeidhm.
- Ciste Bainistíochta Athraithe i bhfeidhm mar bhonntaca ag nuálaíocht.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ: Pleanáil agus Meastóireacht

Tacú le héifeachtacht eagraíochta agus le cinnteoireacht fianaise bhunaithe le pleanáil gnó agus airgeadais bhríomhar, meastóireacht agus réamhbhreathnú.

Gníomhartha Straitéiseacha

- Seachadadh tráthúil ag Rannóga agus ag an Roinn ar phleanáil straitéiseach agus gnó bhliantúil/ilbhliantúil.
- Forbairt fhorchéimneach ar anailís beartais, meastóireacht agus acmhainní réamhbhreithnithe.
- Creatlach Faisnéise Bainistíochta rollta amach go cuimsitheach sna blianta 2005/2006 agus Faisnéis Bainistíochta fíor-ama a sheachadadh agus Creatlach Eochair-Thascairí Feidhmíochta mar thaca le pleanáil agus tuairisciú straitéiseach.
- Forbairt ar Straitéis Sonraí mar thaca le cinnteoireacht beartais fhianaise bhunaithe sa bhliain 2005 agus curtha i bhfeidhm go hiomlán sa bhliain 2006.

Táscairí Feidhmíochta

- Pleananna Gnó Bliantúla (lena n-áirítear measúnú priacail) comhlánaithe agus athbhreithnithe ráithiúla de réir sceidil. Tuarascálacha Bliantúla ar aschuir agus torthaí straitéiseacha de réir sceidil.
- Líon na MSc in anailís beartais phoiblí agus oilteacht eile bainte amach agus úsáidte i réimsí lárnacha.
- Tabhairt faoi mheastóireacht beartais agus cleachtais réamhbhreithnithe agus iad a chur i bhfeidhm.
- Buntáistí a bhaineann le Creatlach Faisnéise Bainistíochta a réadú i dtéarmaí pleanáil straitéiseach agus gnó níos fearr agus caighdeán KPIanna.
- Straitéis Sonraí do na blianta 2006-2008 tugtha chun críche agus córais sonraí staitisticiúla agus táscairí i bhfeidhm sa bhliain 2006.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ: Luach Ar Airgead, Éifeachtúlacht agus Éifeachtacht

A chinntiú go gcuirtear acmhainní airgeadais ag obair agus go dtugtar tosaíocht dóibh chun aschuir chomhaontaithe agus luach ar airgead a sheachadadh ar an mbealach is fearr.

Gníomhartha Straitéiseacha

- Córais agus cultúr dea-chleachtais acmhainne bainistíochta airgeadais a chruthú a sheachadann torthaí agus aschuir agus a bhíonn mar bhonntaca ag cuntasacht.
- Plean Gníomhaíochta Soláthair na bliana 2005 a chur i bhfeidhm chun cleachtas soláthair straitéiseach agus díbhinní éifeachtachta bliantúla a sheachadadh.

- Feabhsúchán leanúnach i mbainistíocht airgeadais inmheánach agus i nósanna imeachta rialaithe.
- Plean Bainistíochta Riosca/Clár Riosca comhlánaithe agus comhtháite le pleanáil gnó faoin mbliain 2006.
- Straitéis Bainistíochta Sócmhainní rollta amach agus athbhreithnithe go bliantúil.
- Plean Iniúchta Straitéiseach do na blianta 2004-2007 curtha i bhfeidhm de réir sceidil.
- Conarthaí Feidhmíochta nasctha le haschuir i bhfeidhm do NCSSBanna sa bhliain 2005.
- Straitéis le haghaidh giniúint ioncaim/muirear úsáideoirí do na blianta 2005-2007 i bhfeidhm.

Táscairí Feidhmíochta

- Caiteachas Reatha agus Caipitil agus Leithreasuithe i gCabhair de réir sprice agus próifílí bliantúla sroichte.
- Faisnéis airgeadais chuimsitheach agus tráthúil go míosúil agus go ráithiúil.
- Coigiltis agus éifeachtúlachtaí soláthair seachadta go bliantúil.
- Torthaí C & A G agus tuarascálacha iniúchta inmheánacha.
- Torthaí na meastóireachta ar nósanna imeachta rialaithe airgeadais inmheánaigh.
- Clár Sócmhainní comhlánaithe na bliana 2005/athbhreithnithe go bliantúil.
- Athbhreithnithe Caiteachais seachadta go dtí an sprioc agus curtha i bhfeidhm do na blianta 2005-2007.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR: Acmhainní Daonna

Gníomhartha agus nósanna imeachta Straitéiseacha HR comhtháite a sheachadadh a thacaíonn le hinspreagadh agus le folláine na foirne agus atá mar bhonntaca ag feidhmíocht eagraíochta agus ag feabhsúchán leanúnach.

Gníomhartha Straitéiseacha

- Straitéis nua HR do na blianta 2005-2007 ag teacht le pleanáil gnó agus le hoiliúint agus forbairt a thacaíonn leis an aistriú chuig eagraíocht eolas-bhuanithe, a chomhlíonann dúshláin díláraithe agus a léiríonn forbairtí reachtúla i mbainistíocht earcaíochta agus feidhmíochta.
- Seirbhísí agus beartais HR agus IR i bhfeidhm sa bhliain 2005 lena chinntiú go bhfeidhmítear go réidh aistrithe (inmheánach agus seachtrach) i gcomhthéacs díláraithe.
- HRMS straitéiseach curtha i bhfeidhm ag teacht leis an bhfráma ama lárnach do na blianta 2005/2007.
- Freagrachtaí agus cuntasacht a chineachadh ar bhainisteoirí a mbeidh tacaíocht saineolais mar bhonntaca acu.
- Bainistíocht Feidhmíochta agus Córas Forbartha leabaithe go hiomlán, dearbhaithe ó thaobh cáilíochta agus curtha chun cinn.
- Spriocanna comhionannais agus éagsúlachta agus míchumais comhlíonta trí fheidhmiú leanúnach a dhéanamh ar Phleananna Gníomhaíochta Comhionannais agus Míchumais síos go dtí an bhliain 2007.

Táscairí Feidhmíochta

- Éifeachtacht straitéis agus nósanna imeachta HR arna dtomhas ag feidhmíocht agus ag sástacht eagraíochta.
- Timthriall PMDS a chomhlíonadh agus Caighdeáin Dearbhaithe Cáilíochta a nascadh le Pleananna Gnó.
- Gluaiseachtaí foirne a bhaineann le dílárú do na blianta 2005-2007 bainte amach go héifeachtúil ag teacht le leanúnachas gnó, tosaíochtaí agus riachtanais fhoirne.
- Céatadán saincheisteanna IR a réitítear gach bliain/aeráid caidrimh thionsclaíoch.
- Feidhmíocht aonair agus eagraíochta feabhsaithe faoi chóid agus nósanna imeachta bainistíochta feidhmíochta nua.
- Seirbhísí comhionannais, éagsúlachta agus míchumais arna dtagarmhacáil ag NDA/Údarás Comhionannais.

Cuspóir Straitéiseach a CÚIG: Dílárú

Feidhmiú éifeachtúil agus éifeachtach ar chlár díláraithe an Rialtais ag teacht le forbairtí lárnacha, bainistíocht riosca, leanúnachas gnó, seachadadh seirbhíse agus riachtanais fhoirne.

Gníomhartha Straitéiseacha

- Feidhmiú Phlean Gníomhaíochta Díláraithe na Roinne do na blianta 2005 – 2007 ag glacadh forbairtí lárnacha san áireamh, agus ag cuidiú leo.
- Straitéisí Measúnaithe Riosca agus Bainistíochta Riosca sainiúil eagraíochta agus gnó i bhfeidhm sa bhliain 2005 agus athbhreithniú rialta orthu.
- Bainistíocht tionscadail éifeachtach a sheachadadh le tacaíocht ó struchtúir inmheánacha, obair fhoirne Rannóige agus Comhairle Comhpháirtíochta agus Rannach, ag tuairisciú don Choiste Bainistíochta agus d'Airí.
- Idirchaidreamh éifeachtach leis an OPW, An Roinn Airgeadais agus le Grúpa Feidhmithe Díláraithe an Rialtais.
- Clár díláraithe a ailíniú (Céim 1 agus céimeanna ina dhiaidh sin) le cuspóirí athraithe agus nuachóirithe.
- Straitéisí Cumarsáide agus Comhairliúcháin i bhfeidhm.
- A chinntiú go ndéanann Gníomhaireachtaí (BIM, SEI, CFB) seachadadh ar Phleananna Gníomhaíochta.

Táscairí Feidhmíochta

- Leanúnachas gnó agus seachadadh seirbhíse a chothabháil agus riosca a aithint agus a mhaolú.
- Aistrithe foirne (seachtrach agus inmheánach) bainte amach ag teacht le riachtanais aonair agus le ceanglais ghnó.
- Spriocanna comhlíonta i gcás suíomh a fháil agus soláthar saoráidí cóiríochta d'ardchaighdeán ag teacht le prionsabail chomhaontaithe go lárnach.
- Cothabháil/feabhsúchán ar leanúnachas gnó, seachadadh seirbhíse.
- Spriocanna Phlean Gníomhaíochta na Roinne comhlíonta.
- Céim 1 den chlár díláraithe bainte amach de réir sceidil don Roinn agus do Ghníomhaireachtaí.

Cuspóir Straitéiseach a SÉ: Oscailteacht, Trédhearcacht agus Cuntasacht

Na caighdeáin is airde oscailteachta, trédhearcachta agus cuntasacht airgeadais agus riaracháin a sheachadadh.

Gníomhartha Straitéiseacha

- Tiomantais faoin bPlean Gníomhaíochta agus Cairt Seirbhísí Custaiméirí do na blianta 2004-2007 a chur i bhfeidhm.
- Cairt Custaiméara Inmheánach i bhfeidhm sa bhliain 2005.
- Forálacha leanúnacha chun faisnéis chaighdeánach a chur ar fáil don fhoireann, don phobal agus do gheallsealbhóirí ar láithreán gréasáin na Roinne (idirlíon/inlíon), ag freastal ar spiorad chomh maith le litir an tAcht um Shaoráil Faisnéise.
- Ag comhlíonadh ceanglas Dianscrúdaithe agus Cuntasachta an Oireachtais ar bhonn tráthúil agus cuimsitheach.
- Athbhreithniú leanúnach chun próisis chinnteoireachta oscailte, cothrom agus neamhchlaonta a chinntiú le treoir ón Ombudsman, an Coimisinéir Eolais agus ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí.
- Athbhreithniú Comhpháirtíochta curtha i gcrích agus moltaí curtha i bhfeidhm sa bhliain 2005 chun cur le héifeachtacht an phróisis Chomhpháirtíochta.
- Athbhreithniú rialta agus feabhas ar phróisis chomhairliúcháin phoiblí le geallsealbhóirí ag glacadh treoirlínte Comhairliúcháin Níos Fearr san áireamh.

Táscairí Feidhmíochta

- Spriocanna i bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí comhlíonta; leibhéil sástachta custaiméirí inmheánacha agus seachtracha arna dtomhas ag suirbhéanna.
- Tuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an Ombudsman/Coimisinéir Eolais.
- Treochtaí in iarratais FOI.
- Fáil/inrochtaineacht a bhíonn ar eolas ar an láithreán gréasáin.
- Próiseas comhpháirtíochta láidrithe arna léiriú ag rannpháirtíocht foirne agus ag torthaí d'ardchaighdeán.
- Feabhsúcháin ar inlíon agus idirlíon/caighdeáin an ábhair atá cairdiúil d'úsáideoirí.
- Spriocdhátaí agus ceanglais Choistí Oireachtais comhlíonta go hiomlán.
- Éifeachtacht próisis chomhairliúcháin/sástachta geallsealbhóirí.

Cuspóir Straitéiseach a SEACHT: Teicneolaíocht

Bonneagar, teicneolaíochtaí agus córais Fhaisnéise agus Cumarsáide seasmhacha agus slána ar chaighdeán ard a sholáthar, mar thaca le tosaíochtaí eagraíochta agus rannacha ríomh-Rialtais agus na Roinne.

Gníomhartha Straitéiseacha

- Straitéis nua ICT do na blianta 2006-2008 nua a fhorbairt a oibreoidh ar infheistíocht go nuige seo, a dhéanfaidh comhdlúthú agus a fheabhsóidh acmhainní, ríomh-sheirbhísí agus córais.
- Tabhairt faoi athbhreithnithe tionscadail sa bhliain 2005 agus gach bliain ina dhiaidh sin chun baint amach buntáistí a thomhas agus chun an tionchar is fearr a bhaint as teicneolaíochtaí agus córais nua ó thaobh éifeachtúlachta, táirgiúlachta agus seirbhíse custaiméirí.
- Straitéisí Aisghabhála Anachaine, Bainistíocht Slándála agus Riosca rollta amach go hiomlán.

Táscairí Feidhmíochta

- Slándáil agus seasmhacht na timpeallachta ICT.
- Straitéis nua ICT curtha i bhfeidhm do thagarmharcanna thar an tréimhse.
- Beartas IT a chomhlíonadh agus caighdeáin bhonneagair agus seirbhísí a chothabháil.
- Táirgiúlacht agus éifeachtúlacht eagraíochta arna dtomhas trí athbhreithnithe tionscadail.
- Úsáid a bhaineann custaiméirí as ríomh-sheirbhísí.
- Treochtaí sástachta custaiméara inmheánacha.
- Céatadán glaonna ón deasc chabhrach laistigh de chaighdeáin seirbhíse comhaontaithe.

Cuspóir Straitéiseach a hOCHT: An Timpeallacht Oibre

Timpeallacht oibre ardchaighdeáin sábháilte a sholáthar agus na caighdeáin is airde seachadadh seirbhíse d'Airí, don Ard-Rúnaí agus don fhoireann ag oifigí na Roinne ar fad.

Gníomhartha Straitéiseacha

- Soláthar cóiríochta (leis an OPW) ar ardchaighdeán a chinntiú d'fhoireann dhíláraithe na Roinne i gCloch na Coillte agus i nDroichead Átha faoin mbliain 2007.
- Soláthar a dhéanamh, thar an tréimhse, ar shaoráidí agus trealamh éilithe ag gach oifig chomh maith le cláir chothabhála agus athchóirithe go dtí an sprioc agus an buiséad.

- Nósanna imeachta agus cleachtais bheartais soláthair nua a chur i bhfeidhm go hiomlán faoi dheireadh na bliana 2005 ag déanamh seachadta ar luach ar airgead níos fearr agus díbhinní éifeachtúla bliantúla.
- Oibleagáidí a chomhlíonadh go hiomlán faoi na hAchtanna Sláinte agus Sábháilteachta.
- Ráitis Sláinte agus Sábháilteachta do na blianta 2005/2006 a iniúchadh/nuashonrú i gcás gach suíomh Roinne.
- Seirbhísí éifeachtacha agus tráthúla don Aire, don Aire Stáit agus ceanglais tuairiscithe seachtracha na Roinne a chomhordú.

Táscairí Feidhmíochta

- Saoráidí díláraithe i bhfeidhm ag teacht le caighdeáin agus prionsabail chomhaontaithe agus go dtí buiséad na bliana 2007.
- Cláir chóiríochta, trealaimh agus cothabhála seachadta go dtí an sprioc agus buiséad i gcás gach oifig de chuid na Roinne.
- Díbhinní coigiltis agus éifeachtúla de bheartas agus cleachtais soláthair.
- Caighdeáin Sláinte agus Sábháilteachta a chomhlíonadh agus oibleagáidí arna dtomhas ag tuarascálacha inmheánacha agus ag Tuarascálacha de chuid an tÚdarás um Sláinte agus Sábháilteachta.
- Spriocdhátaí seachtracha a chomhlíonadh agus sástacht Aireachta maidir le seachadadh seirbhíse.

Cuspóir Straitéiseach a NAOI: Rialáil Níos Fearr

Seachadadh a dhéanamh, i gcomhar le Rannóga línte, ar chlár athchóirithe rialála agus reachtúil na Roinne do na blianta 2005-2007 a bhfuil tosaíocht leis ag teacht le tiomantais faoin gClár don Rialtas agus an Páipéar Bán 'Rialáil Níos Fearr'.

Gníomhartha Straitéiseacha

- Seachadadh go dtí an sceideal ar Bhillí faoin gclár reachtúil do na blianta 2005-2007.
- Athbhreithniú Forchéimneach ar an Dlí Reachtúil, achomharc, aisghairm, comhdhlúthú agus athráiteas.
- Aistriúchán ar Threoir AE go dtí spriocdháta.
- Tabhairt faoi thionscadal píolótach Anailíse Tionchair Rialála do na blianta 2005/2006 agus RIA sruthlíonta do na blianta 2006-2007.
- Tógáil acmhainní leanúnach le bheith mar bhonntaca ag cinnteoireacht fianaisebhunaithe mar thaca ag straitéisí oiliúna agus earcaíochta.

Táscairí Feidhmíochta

- Líon na mBillí achtaithe agus Ionstraimí Reachtúla a rinneadh.
- Treoir AE aistrithe do na blianta 2005-2007.
- Leibhéal comhlíonta leis na sé phrionsabal 'Rialáil Níos Fearr' arna dtomhas in aghaidh an Chláir Ghníomhaíochta.
- Anailís Tionchair Rialála sruthlíonta go hiomlán ar fud na Roinne faoin mbliain 2007.
- Cumas inmheánch forbraithe a bheidh mar bhonntaca ag RIA, seachadadh reachtúil d'ardchaighdeán agus cinnteoireacht fhianaisebhunaithe.

Rannóg 6: **Comhairliúchán, Forfheidhmiú agus Athbhreithniú**

Comhairliúchán

Chuathas i mbun oibre le hAirí, le foireann agus i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí agus le geallsealbhóirí eile chun an Ráiteas Straitéise seo a fhorbairt don Roinn.

D'ullmhaigh Ceannairí Feidhmeanna, i gcomhar lena gcuid foirne, anailís rannach, spriocanna agus straitéisí le treoir ó chomhairliúcháin le Ranna eile agus le gníomhaireachtaí na Roinne. Rinne an Coiste Bainistíochta maoirsiú ar an bpróiseas a dhéanfaidh athbhreithniú ar dhul chun cinn ar bhonn ráithe leis an Aire agus leis an Aire Stáit agus i gcomhairle leis na Ceannairí Feidhmeanna.

D'fhógair an Roinn iarratas ar thuairimí i mí na Nollag na bliana 2004 sna páipéir nuachtáin náisiúnta agus ar an Láithreán Gréasáin. Fuarthas os cionn 41 aighneacht ag síneadh thar réimsí rannacha na Roinne. Tá liosta aighneachtaí ag Aguisín D agus is féidir rochtain a fháil ar na haighneachtaí a fuarthas ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.dcmnr.ie. Oibreofar ar an tionscnamh comhairliúcháin phoiblí seo le geallsealbhóirí thar bheatha an Ráitis mar atá leagtha amach inár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí d'Ardchaighdéan agus ag teacht le treoirlínte an Rialtais chun comhairliúchán níos fearr ón tSeirbhís Phoiblí.

Feidhmiú agus Atbhreithniú

Léiríonn na spriocanna agus na straitéisí atá leagtha amach sa Ráiteas seo clár oibre dúshlánach síos go dtí an bhliain 2007. Tá siad mar bhonn ag an riachtanas cur chuige dian a chur i bhfeidhm ó thaobh acmhainní a chur ag obair agus tosaíochtaí a leagan síos. Cinnteoimid go mbeidh solúbthacht riachtanach ann chun freagra a thabhairt ar athrú ach freisin chun athrú a stiúradh inár gcuid earnálacha agus chun seachadadh a dhéanamh ar chuspóirí agus tosaíochtaí Rialtais agus Aireachta lárnacha.

Is é an Ráiteas Straitéise an chreatlach do na Pleananna Gnó Rannóige a leagann amach na spriocanna bliantúla i gcás gach ceann dá gcuid réimsí gnó agus a ghlacann peirspictíocht ilbhliantúil.

Tá an Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha (PMDS) ailínithe go daingean don phróiseas Pleanála Gnó Rannóige. Cinnteoidh gach timthriall PMDS bliantúil go dtomhaisfear feidhmíocht aonair trí thagairt a dhéanamh do spriocanna comhaontaithe agus go gcomhlíontar riachtanais oiliúna agus forbartha comhbhainteacha.

Luífidh an phríomh-fhreagracht maidir le Pleananna Gnó Rannóige agus an PMDS a fheidhmiú, de réir sannacháin fhoirmiúla freagrachta a rinneadh faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, leis na Ceannairí Feidhmeanna. Déanfaidh an Coiste Bainistíochta athbhreithniú ar bhonn ráithe ar na Pleananna Gnó Rannóige.

Tabharfaidh Tuarascáil Bhliantúil na Roinne i gcás gach ceann de na blianta atá cumasaithe ag an Ráiteas Straitéise seo tuairisc ar ár bhfeidhmíocht agus seachadadh ó thaobh na spriocanna agus straitéisí earnála agus corparáideacha. Gheobhaidh monatóireacht leanúnach ar sheachadadh treoir freisin ó athbhreithnithe meastóireachta beartais, ón Straitéis Bainistíochta Riosca atá againn, ón gCreatlach Faisnéise Bainistíochta agus ón gclár Ilbhliantúil ar athbhreithnithe caiteachais. Tá sé ar intinn againn freisin an próiseas straitéiseach a thabhairt níos faide trí chleachtais réamhbhreithnithe earnála a fhorbairt go forchéimneach thar an tréimhse.

Aguisín A: **Struchtúr na Roinne**

Aguisín B: **Suíomh Oifigí na Roinne**



Aguisín C: **Gníomhaireachtaí na Roinne**

Tá an Roinn freagrach as 30 comhlacht Stáit tráchtála, neamh-thráchtála agus rialaitheacha, 10 gCuideachta Calafoirt agus 14 Údarás Cuain, mar a imlínítear thíos.

COMHLACHT	PRÍOMHRÓL
CUMARSÁID	
An Post	Soláthraí seirbhíse poist náisiúnta na hÉireann.
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide	Comhlacht reachtúil atá i gceannas ar rialáil an mhargaidh chumarsáide in Éirinn. Clúdaíonn a shainchúram gach cineál líonra tarchuir idir an tseirbhís sreanga gutháin traidisiúnta agus oibreoirí a chuireann seirbhísí teilifíse ar fáil agus idir líonraí teileafóin phóca agus an tseirbhís phoist.
Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh	Bunaithe faoin Acht um Fhorbairt an Mhoil Dhigitigh 2003 chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an Mhoil Dhigitigh, bratlong na hÉireann in earnáil na meán digiteach.
CRAOLACHÁN	
Radió Teilifís Éireann	An craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí agus comhlacht neamhspleách reachtúil. Oibríonn RTÉ trí sheirbhís teilifíse náisiúnta (mar atá RTÉ 1, RTÉ 2 agus TG4 agus ceithre sheirbhís raidió náisiúnta RTÉ Radio 1, RTÉ 2FM, RTÉ Raidió na Gaeltachta agus RTÉ Lyric FM).
Coimisiún Craolacháin na hÉireann	Tá sé freagrach as ceadúnú agus as rialáil na hearnála neamhspleáiche teilifíse agus raidió. Tá freagracht ar an gCoimisiún freisin as seirbhísí áirithe nua teilifíse digití a cheadúnú agus as cóid de chaighdeáin do chláir agus d'fhógraíocht ar theilifís agus ar raidió a fhorbairt.
An Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin	Pléann sé le gearáin a bhaineann le hábhair chlár nó fógraíochta ar RTÉ agus ar sheirbhísí neamhspleácha teilifíse agus raidió.
FUINNEAMH	
Bord Soláthair an Leictreachais (ESB)	Tá sócmhainní ginte, tarchuir agus dáilte ag ESB agus cuireann sé seirbhísí leictreachais ar fáil do 1.6 milliún custaiméir ar fud na tíre.
EirGrid cpt	Arna cheadúnú ag an gCoimisiún um Rialáil Leictreachais mar an t-oibreoir neamhspleách don chóras tarchuir leictreachais.
Bord Gáis Éireann	D'fhás sé ó ghnó píblíne tarchuir den chuid ba mhó go soláthraí ollmhór de bhreosla éifeachtúil, eacnamúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol do bhreis is 400,000 custaiméir.

COMHLACHT	PRÍOMHRÓL
FUINNEAMH (ar lean)	
An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh	Bunaithe ar 14 Iúil 1999 mar an Coimisiún um Rialáil Leictreachais faoin Acht um Rialáil Leictreachais 1999 chun buntaca a sholáthar do phróiseas rialaitheach oscailte, trédhearcach agus cuntasach don tionscal leictreachais in Éirinn. Leathnaíodh dlínse an Choimisiúin faoin Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002 go rialálaí fuinnimh, ag cuimsiú an gháis agus an leictreachais araon. Athainmníodh an Coimisiún mar an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh chun a ról méadaithe a léiriú.
Bord na Móna cpt	Soláthraí de tháirgí agus de sheirbhísí atá bunaithe den chuid is mó ar mhóin.
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta	Ar 16 Iúil 2001 díoladh sócmhainní tráchtála agus gnólachtaí Chorparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann (INPC) (.i. dhá fho-chuideachta thráchtála na Cuideachta - Irish Refining Company agus Bantry Terminals Ltd.) le Tosco Corporation, mór-scagaire agus margóir ola sna Stáit Aontaithe. Is í an t-aon fhochuideachta neamh-thráchtála de chuid an INPC nár díoladh – An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA) – an comhlacht atá freagrach as stoic ola straitéiseacha na hÉireann a chothabháil.
Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann	An comhlacht reachtúil atá freagrach as beartas an Rialtais ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar fhuinneamh in-athnuaite a chur i bhfeidhm.
MUIR AGUS ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA	
An Príomh-Bhord Iascaigh	Cur chun cinn, tacú agus comhordú na n-iascach intíre agus forbairt agus comhordú agus treorú gníomhaíochtaí na 7 mBord Iascaigh Réigiúnacha.
Boird Iascaigh Réigiúnacha (7)	Caomhnú, cosaint agus forbairt na n-iascach intíre.
An Coimisiún Náisiúnta Bradán	Tugann sé comhairle don Aire ar bhainistiú, cosaint agus forbairt na hacmhainne iascaigh intíre.
Bord Iascaigh Mhara	Cosaint agus forbairt na dtionscal iascaireachta mara agus uisceshaothraithe.
Foras na Mara	Déanamh, comhordú agus cur chun cinn taighde agus forbairt mhara in Éirinn.
Oifig na hÉireann um Fhorbairt Mhuirí	Freagrach as cur chun cinn, cúnamh agus forbairt na n-earnálacha Loingis agus Seirbhísí Loingis na hÉireann.
Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann*	Freagrach as iascaigh agus as turasóireacht agus áineas mhara i gceantar na Feabhlach agus na Cairlinne.
Cuideachtaí Calafort (10)	Bainistiú agus forbairt na bpríomhchalafort tráchtála, faoi na hAchtanna Cuanta, 1996 go 2000.
Údaráis Chuain (14)	Bainistiú agus forbairt na gcuanta faoi na hAchtanna Cuanta, 1946 go 2000.

COMHLACHT	PRÍOMHRÓL
MUIR AGUS ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA (ar lean)	
Coimisinéirí Soilse na hÉireann	Soláthar agus cothabháil áiseanna do loingseoireacht thart ar oileán na hÉireann.
Bord Imscrúdú Taismí Muirí	Bord neamhspleách a bunaíodh faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Thaismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Is í a fheidhm ná imscrúdú a dhéanamh ar thaismí muirí.
An Bord Achomhairc um Cheadúnais Uisceshaothraithe	Comhlacht neamhspleách achomharcach i leith cheadúnú uisceshaothraithe.
An Bord Mianadóireachta	Bord neamhspleách a bunaíodh faoin Acht Forbartha Mianraí 1940. Is í a fheidhm ná cúiteamh a chinntiú i gcásanna éagsúla. Tá freagracht air freisin as cinneadh a thógáil faoi na mianraí a mbeifear ag dúil leo le bheith fágtha amach ó cheart eisiata an Stáit chun mianraí a oibriú faoin Acht sin.

***Comhlacht Forfheidhmithe arna bhunú faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999.**

Aguisín D: **Liosta d'Aighneachtaí a Fuarthas**

1	Alto
2	Burke, Raymond
3	Chorus
4	Grúpa Comhairleach Aonad an Chósta
5	Comreg
6	Comhairle Chontae Chorcaí
7	Comhlacht Chalafort Átha Cliath
8	IADT Dhún Laoghaire
9	Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
10	Edenderry Power
11	Eircom
12	EirGrid
13	Erin Marine Consultants & Ship Surveyors Ltd
14	BSL
15	Greille Náisiúnta BSL
16	An tÚdarás um Shláinte agus Sábháilteacht
17	Healy, Grattan
18	Hearne, Declan
19	An Chomhairle Oidhreachta
20	Hewat, A
21	Hewat, Richard
22	Cumann na hÉireann d'Iompróirí Luais Idirnáisiúnta
23	Grúpa Taiscéalaíochta agus Mianadóireachta na hÉireann
24	Comhairle Fo-Uisce na hÉireann
25	Cumann Fuinneamh Gaoithe na hÉireann
26	Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
27	Comhairle Chontae Lú
28	Magnet Networks
29	Coláiste Náisiúnta na hÉireann
30	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
31	Cumann Captaein Cairte an Iarthuaiscirt
32	Peril, Patsy
33	Scouting Ireland
34	Comhairle Chontae Shligigh
35	Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath
36	Coláiste na hOllscoile Corcaigh
37	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Roinn Innealtóireachta Leictreonaigh agus Leictreachais
38	Viridian Energy Ltd
39	Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge
40	WiFi Projects Ltd
41	Wilson, J

Aguisín E: Tiomantais an Chlár Rialtais

Tiomantais Rialtais a bhaineann leis an Roinn mar atá sa "Chlár Comhaontaithe don Rialtas idir Fianna Fáil agus an Páirtí Daonlathach" (Meitheamh 2002)

Cumarsáid

- Cinnteoimid go gcuirfear leathanbhanda rochtana oscailte i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta.
- Cruthóimid iomaíocht i ndáiríre do sheirbhísí teileafóin áitiúla trína chinntiú go ndíchuachtar an lúb áitiúil.
- Cinnteoimid go mbainfear úsáid as an réimse iomlán roghanna, lena n-áirítear teicneolaíochtaí raidió, chun rochtain leathanbhanda a leathnú i gceantair thuaithe.
- Déanfaimid athbhreithniú ar ionstraimí fioscacha atá ar fáil chun tacú le nascacht níos fearr.
- Soláthróimid teicneolaíocht leathanbhanda ar oileáin amach ón gcósta.
- Tacóimid le hoifigí poist tuaithe agus féachfaimid le seirbhísí tráchtála a fhorbairt i gceantair thuaithe le hinfheistíocht shainiúil á déanamh ó thaobh chur chuige Ghníomhaireacht Seirbhísí an Rialtais a fhorbairt chun seirbhísí breise a chur ar fáil.
- Breithneoimid ar bhonn práinne na moltaí a dhéanfaidh an Fóram um Chraolachán a bunaíodh le déanaí.
- Leanfaimid ag tabhairt tacaíochta d'fhorbairt na gcraolachán Gaeilge. Ag teacht le reachtaíocht atá achtaithe cheana féin, bunóimid TG4 mar chomhlacht reachtúil ar leithligh.
- Déanfar forbairt ar Bhealach Digiteach Chósta an Iarthair chun saoráidí teileachumarsáide leathanbhanda d'ardchaighdeáin a sholáthar do phobail Ghaeltachta agus neamh-Ghaeltachta ó Dhún na nGall go Corcaigh.

Fuinneamh

- Leathnóimid an greille gáis agus cinnteoimid go ndéanfar infheistíocht mhór ó thaobh an ghreille leictreachais a fhorbairt sna réigiúin.
- Feabhsóimid na dreasachtaí cánach chun infheistíocht a dhéanamh i bhfuinneamh in-athnuaite chun ár dtuilleamaí ar bhreoslaí ion-taise CO2-astaíoch a laghdú.

Muir agus Acmhainní Nádúrtha

Creidimid go láidir sa riachtanas chun ár muir agus ar n-acmhainní nádúrtha a thacú, a chosaint agus a fhorbairt.

- Cuirfimid brú chun athchóiriú bunúsach a dhéanamh ar an gComhbheartas Iascaigh agus beidh sé mar aidhm againn forbairt inbhuanaithe, rialáil níos fearr, rannpháirtíocht geallshealbhóra, caomhnú, tógáil stoic agus rochtain na hÉireann ar iascaigh a uasmhéadú.
- Tabharfaimid isteach beartas ceadúnaithe cabhlaigh nua chun próiseas achomharc comhionann, trédhearcach agus neamhspleách a chinntiú.
- Leagfaimid amach straitéis fhadtéarmach chun forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar an tionscal iascaireachta.
- Bunóimid struchtúir bhainistíochta éifeachtúla agus forbróimid cuanta iascaigh, lena n-áirítear ceantáil leictreonach, líonra leithdháilte nua agus cuirfear cláir infheistíochta do chuanta i gcrích.
- Forbróimid struchtúir sheirbhíse athraithe nua chun tacú le bainistíocht inbhuanaithe, forbairt agus cosaint chrios an chósta mhara agus acmhainní bia mara.
- Cinnteoimid go mbeidh ár gcalafort leagtha amach do na héilimh atá ag an géilleagar mhéadaitheach, trí infheistíocht agus córais iompair gan uaim a fhorbairt idir bóithre, iarnróid agus calafoirt agus an úsáid is fearr a bhaint as sócmhainní maoine.
- Oibreoimid chun Éire a chur chun cinn mar lárionad don scoth-thaighde mara.
- Déanfaimid comhdhlúthú ar na hAchtanna um Fhorbairt Mianraí.
- Spreagfaimid breis taiscéalaíochta a dhéanamh do hidreacarbóin agus mianraí agus an luach breise a fhaigheann eacnamaíocht na hÉireann astu a uasmhéadú.
- Méadóimid na deiseanna chun fuinneamh gaoithe agus tonnta a ghiniúint amach ón gcósta.

Aguisín F: **Gluais de na Giorrúcháin a Úsáideadh**

AER	Riachtanas um Fhuinneamh Mhalartach
ALAB	An Bord Achomhairc um Cheadúnais Uisceshaothraithe
BCI	Coimisiún Craolacháin na hÉireann
BGÉ	Bord Gáis Éireann
BIM	Bord Iascaigh Mhara
C&AG	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
CCR	An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
CER	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
CFB	An Príomh-Bhord Iascaigh
CFP	An Comhbheartas Iascaigh
CHP	Comhghinúint Teasa agus Cumhachta
CSO	An Lároifig Staidrimh
DCMNR	An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha
DMDL	Digital Media Development Ltd
DTT	Teilifís Trastíre Digitigh
E&M	Taiscéalaíocht agus Mianadóireacht
EMD	An Rannóg um Thaiscéaladh agus Mianadóireacht
EMG	An Grúpa Monatóireachta Comhshaoil
EMSA	Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí
E&P	Taiscéalaíocht agus Táirgeadh
EPA	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
ESB	Electricity Supply Board
ESRI	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
EU	European Union
FAO	An Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta
FCILC	Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann
FHC	Lárionaid Chuan Iascaigh
FOI	Saoráil Faisnéise
GSI	Suirbhé Geolaíochta na hÉireann
GDP	Olltáirgeacht Intíre
HQ	Ceanncheathrú
HNS	Substaintí Guaiseacha agus Díobhálacha
HR(AD)	Acmhainní Daonna
HRM	Bainistíocht Acmhainní Daonna
HRMS	Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna
IC	Idirnascaire
ICT	Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide
ICS	Cumann Idirnáisiúnta Loingseoireachta
IEA	An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh
IFIS	Córas Faisnéise Comhtháite Iascaigh
IHO	An Eagraíocht Hidreagrafach Idirnáisiúnta
ILO	An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair
IMDO	Oifig Fhorbartha Muirí na hÉireann
IMO	An Eagraíocht Idirnáisiúnta Muirí
INPC	Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann
IOOA	Cumann Oibreoirí Amach ó Chósta na hÉireann
IR	Caidrimh Thionsclaíoch
IT	Teicneolaíocht an Eolais
KPI	Eochair-Tháscairí Feidhmíochta
LNG	Gás Nádúrtha Leachtaithe
MLE	MediaLabEurope
MSc	Máistreacht san Eolaíocht

NCSSB	Comhlacht Státurraithe Neamh-thráchtála
NDA	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
NDP	(PFN)An Plean Forbartha Náisiúnta
NESC	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta
NMCI	Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann
OECD	An Eagraíocht um Chomhoibriú agus Forbairt Eacnamaíoch
OPRC	Ullmhacht, Freagairt agus Comhoibriú do Ola-Thruailliú
OPW	Oifig na nOibreacha Poiblí
OSPAR	Coinbhinsiún Osló-Páras um chosaint comhshaol mara an Atlantaigh Thoir-Thuaidh
PL	Ceadúnais Lorgaireachta
PMDS	Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha
PPP	Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach
PRSI	Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta
R&D	Taighde agus Forbairt
R,D&D	Taighde, Forbairt agus Taispeánadh
R&I	Taighde agus Nuálaíocht
RIA	Anailís Tionchair Rialaitheach
Ró - Ró	Rolladh ann/Rolladh as
RTDI	Taighde, Teicneolaíocht, Forbairt agus Nuálaíocht
RTÉ	Radió Teilifís Éireann
SAR	Cuardach agus Tarrtháil
SEI	Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann
SEM	Margadh Leictreachais Aonair
SMF	Áis Mianadóireachta Stáit
SNIP	Píblíne na hAlban – Thuaisceart Éireann
UK	An Ríocht Aontaithe
UN	Na Náisiúin Aontaithe
UNCLCS	Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Theorainneacha na Scairbhe Ilchríochaí
VFM	Luach ar Airgead
WF	Creatlach Uisce